



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2022  
(OR. en)

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2022/0284(NLE)

---

---

12260/22  
ADD 1

ECOFIN 853  
UEM 214  
FIN 902

## NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	9 Meán Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 469 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír a fhorghnó

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 469 final.

Faoi iamh: COM(2022) 469 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséal, 8.9.2022  
COM(2022) 469 final

ANNEX

## IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle  
maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír a  
fhormheas**

{SWD(2022) 292 final}

## IARSCRÍBHINN

### **ROINN 1: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN bPLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA**

#### **1. Tuairisc ar leasuithe agus infheistíochtaí**

##### **A. CUID 1: AN T- AISTRÍÚ GLAS A CHUR CHUN CINN**

Tá sé de chuspóir ag an gcuid seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre an t-aistriú glas san Ísiltír a chur chun cinn agus dlús a chur leis agus aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a eascraíonn as leibhéil iomarcacha deascadh nítrigine a thagann chun cinn ar láithreáin Natura 2000 na hÍsiltíre agus timpeall orthu. Is éard atá sa chuid cúig athchóiriú agus sé infheistíocht atá dírithe ar an aistriú glas a chur chun cinn, dhá cheann lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin nítrigine.

Tacaítear le cuspóirí an aistrithe ghlais le pacáiste d'athchóirithe glasúcháin fíoscacha a bhfuil sé d'aidhm acu foinsí fuinnimh inbhuanaithe a dhéanamh níos tarraingtí ó thaobh an airgeadais de *vis-à-vis* breoslaí iontaise agus saoránaigh agus gnólachtaí a dhreasú a dtomhaltas fuinnimh a theorannú. Mar shampla, leis an athchóiriú cuimsitheach ar Dhlí an Fhuinnimh, tá sé mar aidhm aige go ndéanfar an creat rialála le haghaidh córais fuinnimh gáis agus leictreachais a thabhairt cothrom le dáta, a nuachóiriú agus a chomhtháthú d'fhonn tacú le haistriú na heangaí leictreachais chuig an gcóras fuinnimh ísealcharbóin. Comhlánaítear na hathchóirithe sin le cláir infheistíochta chun foinsí fuinnimh in-athnuaite (i.e. fuinneamh gaoithe amach ón gcósta) agus iompróirí (i.e. hidrigin ghlas) a chur in úsáid chomh maith le hinfeistíochtaí i bhforbairt réiteach soghluaisteachta inbhuanaithe, amhail soithí loingseoireachta intíre astaíochtaí nialasacha agus aerárthaí a chumhachtaítear le córais tiomána hidrigin.

Tugtar aghaidh ar na dúshláin nítrigine i scéim chuimsitheach um Athbhunú Dúlra ina gcuirtear béim ar dheascadh nítrigine ar ghnáthóga íogaire i láithreáin Natura 2000 a laghdú. Tugtar aghaidh ar na dúshláin nítrigine freisin trí scéim fóirdheontais chun deireadh a chur le feirmeacha muc atá suite gar do láithreáin Natura 2000.

Rannhuidíonn an chuid le cuspóirí fuinnimh agus aeráide na hÍsiltíre a bhaint amach, lena n-áirítear an Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECP). Tacaíonn an chuid freisin le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha chun an beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar an bhfuinneamh in-athnuaite, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar straitéisí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú (Moladh Tírshonrach 3 in 2019), chun infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach (Moladh Tírshonrach 3 in 2020) agus chun an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe trí bhorradh a chur faoi infheistíochtaí comhlántacha i mbonneagar gréasáin agus trí nósanna imeachta um cheadú a chuíchóiriú a thuilleadh, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, go háirithe i bhfoirgnimh, agus dlús a chur le hinfeistíochtaí san iompar inbhuanaithe agus sa talmhaíocht inbhuanaithe (Moladh Tírshonrach 4 in 2022).

Tá coinne leis nach ndéanfaidh aon bheart sa chuid seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

### **A.1. Tuairisc ar na hAthchóirithe agus na hInfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíochta**

#### **Athchóiriú C1.1 R1: Athchóiriú ar chánachas fuinnimh**

Tá sé de chuspóir ag an athchóiriú seo gnólachtaí agus teaghlaigh a dhreasú chun teorainn a chur lena dtomhaltas fuinnimh agus aistriú chuig foinsí fuinnimh atá níos neamhdhíobhálaí don aeráid. Is éard a bheidh san athchóiriú teaghlaim d’athruithe ar tharaifí, ar taraifí iad a dhéanfaidh úsáid gáis nádúrtha níos costasaí agus úsáid leictreachais níos saoire, agus coigeartuithe struchtúracha ar chánachas fuinnimh, ar coigeartuithe iad a mheastar a dhídhreasóidh tomhaltas fuinnimh.

Is éard a bheidh san athchóiriú maidir le coigeartuithe ar tharaifí tabhairt isteach na hathruithe seo a leanas:

- a) méadófar taraif an chéad bhanda (*‘eerste schiff’*) ar úsáid gáis agus laghdófar taraif an chéad bhanda ar úsáid leictreachais;
- b) laghdófar taraifí an dara agus an tríú banda (*‘tweede en derde schiff’*) ar úsáid leictreachais, i ndáil le bonnlíne na cánach um Fhuinneamh atá Inbhuanaithe ó thaobh na Stórála agus um Aistriú Aeráide (*Opslag Duurzame Energie*, ODE);
- c) déanfar struchtúr an ráta cánach fuinnimh a athrú chun nach mbeidh sé chomh céimlaghdaitheach céanna trí na rátaí sna bandaí tomhaltais gáis agus leictreachais níos airde a mhéadú; agus
- d) déanfar cnapshuim an laghdaithe ar cháin fuinnimh do thomhaltóirí leictreachais a mhéadú EUR 225 000 000 in aghaidh na bliana idir 2024 agus 2026.

Leis an athchóiriú maidir le coigeartuithe struchtúracha ar chánachas fuinnimh:

- a) cuirfear deireadh leis an scéim díolúine agus aisíocaíochta (maidir le gás nádúrtha agus leictreachas) le haghaidh próisis mhíotalóireachta agus mhianreolaíochta;
- b) déanfar an díolúine maidir le tomhaltas gáis nádúrtha i nginiúint leictreachais a theorannú don ghás nádúrtha a úsáidtear chun leictreachas a sholáthraítear don eangach a tháirgeadh; agus
- c) cuirfear deireadh leis an ráta laghdaithe don churaíocht chosanta.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2025.

#### **Athchóiriú C1.1 R2: An tobhach CO2 don tionsclaíocht a thabhairt isteach agus a ghéarú**

Is é is cuspóir don athchóiriú seo astaíochtaí CO2 ón tionsclaíocht a laghdú trí thobhach CO2 don tionsclaíocht. Beidh an tobhach sin ina bhonnphraghas, lena socrófar íosphraghas le haghaidh tona CO2 a astófar: má thiteann an praghas i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) faoi bhun an íosphraghais sin, déanfar an difríocht idir praghas CTA agus an bonnphraghas a thobhach mar cháin.

Áireofar na gnéithe seo a leanas san athchóiriú a bhaineann leis an tobhach CO2 don tionsclaíocht:

- a) lena dtugtar isteach an tobhach CO2 don tionsclaíocht; agus
- b) an tobhach a ghéarú agus é mar chuspóir astaíochtaí CO2 ó earnáil na tionsclaíochta a laghdú tuilleadh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2023.

Athchóiriú C1.1 R3: Méadú ar an gCáin Aerthaistil (ATT)

Tá sé de chuspóir ag an athchóiriú seo na costais shóisialta a bhaineann le haeriompar paisinéirí a léiriú ar bhealach níos fearr agus eitilt ghearrthuais a dhíspreagadh. Méadóidh an t-athchóiriú an cháin aerthaistil, gníomh as a dtiocfaidh méadú láithreach ar phraghsanna ticéad aerthaistil do phaisinéirí atá ag imeacht ó aerfort atá lonnaithe san Ísiltír.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2023.

Athchóiriú C1.1 R4: Athchóiriú ar chánachas ar ghluaisteáin

Is é is cuspóir don athchóiriú seo líon na gciliméadar a thaistealaíonn gluaisteáin iontaise-bhreoslaithe a laghdú.

Beidh na gnéithe seo a leanas san athchóiriú:

- a) deireadh a chur de réir a chéile leis an díolúine ón gcáin ar cheannach mótarfheithicle agus gluaisrothar (*‘Belasting van Personenauto’s en Motorrijwielen’*, BPM) le haghaidh veaineanna breoslaí iontaise de chuid oibreoírí tráchtála; agus
- b) bonn na cánach úinéireachta atá ann cheana a leasú, ó mheáchan na feithicle go líon na gciliméadar a tiomáineadh.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú C1.1 R5: Dlí an Fhuinnimh

Tá sé de chuspóir ag an athchóiriú seo an creat rialála do chórais fuinnimh gáis agus leictreachais a thabhairt cothrom le dáta, a nuachóiriú agus a chomhtháthú. Go háirithe, is éard a bheidh san athchóiriú teacht i bhfeidhm Dhlí an Fhuinnimh, lena gcomhtháthófar Dlí an Gháis atá i bhfeidhm faoi láthair agus Dlí an Leictreachais atá i bhfeidhm faoi láthair in aon chreat dlíthiúil amháin, agus ar creat é faoin ndéanfar na rudaí seo a leanas:

- a) feabhas a chur ar an gcóras um shonraí gáis agus leictreachais a bhailiú, a stóráil agus a mhalartú;
- b) athbhreithniú ar an mbunús dlí le haghaidh idirghabháil an rialtais cúige nó láir i dtionscadail bonneagair fuinnimh chun deonú ceadanna agus cur chun feidhme Tionscadail chun Leasa Náisiúnta – *Energieprojecten van Nationale Belang* (tríd an Scéim Náisiúnta Comhordúcháin – *Rijkscoördinatierregeling, RCR*) a bharrfheabhsú.
- c) creat rialála na nOibreoírí Córais Tarchurtha agus na nOibreoírí Córais Dáileacháin a thabhairt cothrom le dáta;
- d) rialáil ar na féidearthachtaí atá ann d’úsáideoirí leictreachais a bheith ina bpáirtithe gníomhacha sa mhargadh fuinnimh trí na rudaí seo a leanas a cheadú: (i) Conradh a dhéanamh le hoibreoírí iomadúla ar nasc amháin, (ii) leictreachas féinghinte a dhíol, bíodh sé trí chomhiomlánú nó ná bíodh, agus (iii) luach airgid a chur ar sholúbthacht úsáideoirí deiridh san éileamh iarbhír trí chomhiomlánú; agus
- e) feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí deiridh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2025.

## Infheistíocht C1.1 II: Gaoth ón talamh

Is é is aidhm don infheistíocht seo cur leis an toilleadh atá ann maidir le giniúint cumhachta gaoithe sa Mhuir Thuaidh. Seachas na costais tógála a bhaineann leis na feirmeacha gaoithe amach ón gcósta féin a chumhdach, is é is aidhm don infheistíocht na seachtrachtaí diúltacha a bhaineann le húsáid toillte bhreise cumhachta gaoithe amach ón gcósta a laghdú.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) sábháilteacht loingseoireachta gar d'fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta a fheabhsú trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh (i) cúig phointe athluchtaithe leictreacha nua a sholáthar ar muir le haghaidh soithí leictreacha maille le cúig phointe athluchtaithe nua ar an gcé le haghaidh soithí leictreacha (lena n-áirítear soithí hibrídeacha) agus (ii) trí shoitheach tarraingthe práinnfhreagartha a sholáthar;
- b) Éiceachóras na Mara Thuaidh a neartú agus a chosaint, ar éiceachóras é atá i mbaol a bheith thíos le húsáid feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, agus sin a dhéanamh leis na rudaí seo a leanas (i) gníomhaíochtaí feabhsúcháin dúlra chun speicis éan agus mamach farraige a chosaint, (ii) gníomhaíochtaí píolótacha um athbhunú dúlra laistigh de láithreáin Natura 2000 agus lasmuigh díobh, (iii) tionscadail taighde maidir le gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun éiceachóras na Mara Thuaidh a neartú agus speicis a chaomhnú, (iv) Clár Éiceolaíoch Gaoth ón Talamh de chuid Rialtas na hÍsiltíre (WOZEP) agus (v) Faireachán Éiceolaíochta na Mara Thuaidh a dhigiteáil, lena n-áirítear braiteoirí éiceolaíochta a shuiteáil; agus
- c) an nasc cumhachta amach ón gcósta a chomhtháthú ar bhealach leormhaith le láithreáin ar talamh ag a dtugtar an fuinnimh i dtír, lena n-áirítear (i) ceithre phlean infheistíochta limistéar chun srian a chur leis an tionchar diúltach áitiúil a bhíonn ag láithreán ag a dtugtar fuinneamh gaoithe i dtír ar na limistéir lena mbaineann agus (ii) pacáiste spreagtha éiceolaíoch do limistéar Mhuir Wadden agus cúiteamh as talamh talmhaíochta a shalandú.

Tá coinne leis nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, an glao/na glaonna ar thairiscintí agus sa chonradh nó sna conarthaí a shíneofar le haghaidh na dtí shoitheach tarraingthe práinnfhreagartha nua, beidh na critéir incháilitheachta cheangailteacha seo a leanas, ar coinníollacha iad a fhíoróidh an t-údarás cur chun feidhme:

- a) Soláthrófar dearbhú nach n-úsáidfidh na soithí dá dtugtar tacaíocht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ach meatánól glas a chomhlíonann an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (AE) 2018/2001 (RED II) mar aon le gníomhartha cur chun feidhme gaolmhara agus gníomhartha tarmligthe gaolmhara.
- b) Comhlíonfaidh an hidrigin ghlas a úsáidfear chun meatánól glas a tháirgeadh an ceanglas maidir le laghdú 73,4 % ar astaíochtaí saolré gáis ceaptha teasa i gcás hidrigine (a bhfuil astaíochtaí 3t CO<sub>2</sub>eq/tH<sub>2</sub> mar thoradh air).
- c) Bainfidh an meatánól glas amach laghdú 70 % ar a laghad ar astaíochtaí i gcomhréir leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001 (RED II) agus le gníomhartha cur chun feidhme gaolmhara agus gníomhartha tarmligthe gaolmhara.
- d) Beidh 90 % ar a laghad d'ídiú fuinnimh na soithí thar a saolré leictreach, agus (i) beidh an chuid eile den tomhaltas fuinnimh ó mheatánól glas (i gcomhréir leis na coinníollacha maidir le meatánól glas a leagtar amach thuas faoi (c)) arna dtáirgeadh trí úsáid a bhaint

as hidrigin ghlas arna táirgeadh trí leictrealú uisce agus fuinnimh in-athnuaite (i gcomhréir leis na coinníollacha le haghaidh hidrigin ghlas a leagtar amach thuas faoi (b)) agus CO<sub>2</sub> ó: 1) gabháil ón aer, 2) CO<sub>2</sub> iarmharach ó gníomhaíochtaí tionsclaíocha, 3) dramhaíl dho-athchúrsáilte (carbón-athchúrsáilte), seachas ó phróisis loiscthe, agus/nó 4) coipeadh féir bainte (nó dramhaíl in-bhithmhíllte eile, i gcás nach bhfuil fáil leordhóthanach ar fhéar bainte; beidh gach cineál ‘dramhaíl in-bhithmhíllte eile’ a úsáidtear chun meatánól glas a tháirgeadh comhlíontach leis na hiarmhair agus/nó dramhaíl ó na catagóirí bunábhair atá ar áireamh i gcuid A d’Iarscríbhinn IX a ghabhann le RED II agus díorthaithe uathu sin); nó (ii) beidh sé bunaithe ar an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil san earnáil. Beidh an rogha idir (i) agus (ii) ag brath ar na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir a bhaint amach san earnáil.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Athchóiriú C1.1 I2: Cumhacht ghlas hidrigine

Tá sé d’aidhm ag an infheistíocht seo dlús a chur le forbairt éiceachórais hidrigine glaise san Ísiltír agus an fhorbairt sin a uas-scálú.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) dhá shaoiréid taispeántais ar a laghad a thógáil le haghaidh teicneolaíochtaí nuálacha hidrigine glaise chun indéantacht leictrealaithe agus úsáid hidrigine glaise ar mórscála a léiriú;
- b) trí thionscadal taighde ar a laghad lena ndírítear ar hidrigin ghlas a tháirgeadh, a stóráil, a iompar agus a úsáid; agus
- c) clár oibre caipitil dhaonna a fhorbairt ina mbeidh gníomhaíochtaí chun cur leis an soláthar scileanna sa hidrigin ghlas trí chúig phobal foghlama réigiúnacha ar a laghad, ábhair chúrsa agus imeachtaí nó ionaid a bhunú chun malartuithe idir gnólachtaí agus institiúidí oideachais nó taighde a éascú.

Tá coinne leis nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, ní dhéanfaidh na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht seo ach tacú le táirgeadh, stóráil, iompar agus úsáid hidrigine, bunaithe ar leictrealú a úsáideann foinsí in-athnuaite fuinnimh i gcomhréir le Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (AE) 2018/2001 (RED II) nó leictreachas eangaí (an dara ceann acu lena gceanglaítear údar maidir le conas a bhainfear amach toilleadh méadaithe giniúna foinsí in-athnuaite fuinnimh ar an leibhéal náisiúnta), nó gníomhaíochtaí hidrigine a chomhlíonann an ceanglas maidir le laghdú 73.4 % ar astaíochtaí saolré gáis ceaptha teasa i gcás hidrigine (a bhfuil astaíochtaí saolré gáis ceaptha teasa níos ísle ná 3t CO<sub>2</sub>e/tH<sub>2</sub> mar thoradh air) agus an ceanglas maidir le laghdú 70 % i gcás breoslaí sintéiseacha bunaithe ar hidrigin i gcoibhneas le táirge comparáide breoslaí iontaise de 94 g CO<sub>2</sub>e/MJ de réir analaí leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 25(2) de Threoir (AE) 2018/2001 agus in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

Gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, déanfar iad a eisiamh<sup>1</sup>.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

#### Infheistíocht C1.1 I3: Aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal Seirbhísí Astaíochtaí Nialasacha (ZES)

Is é is aidhm don infheistíocht seo iompar atá go hiomlán leictreach agus saor ó astaíochtaí a chur in úsáid ar uiscebhealaí intíre. Leis an infheistíocht cuirfear cistí ar fáil chun 75 Choimeádán Fuinnimh Mhodúlacha (MECanna), 14 láithreán lastála le haghaidh soithí agus 45 shoitheach iomlán leictreach le haghaidh uiscebhealaí intíre a chur i gcrích. Is coimeádáin fuinnimh inmhalartaithe iad na MECanna, coimeádáin atá le luchtú le leictreachas in-athnuaite agus atá oiriúnach lena suiteáil i soithí nua agus soithí atá ann cheana le haghaidh uiscebhealaí intíre. Beidh scipéirí in ann na MECanna a mhalartú ag aon cheann de na 14 láithreán lastála. Beidh na láithreáin lastála sin feistithe le líonra ‘rochtana oscailte’ is féidir a úsáid chun an eangach leictreachais a chobhsú nó chun freastal ar éileamh áitiúil agus sealadach ar leictreachas.

Tá coinne leis nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, is soithí astaíochtaí nialasacha a bheidh sna soithí uiscebhealaí intíre, agus déanfar na MECanna a mhuirearú le leictreachas in-athnuaite i gcomhréir leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001 (RED II).

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht C1.1 I4: Aistriú ar an eitlíocht

Is é is aidhm don infheistíocht seo earnáil eitlíochta na hÍsiltíre a dhéanamh inbhuanaithe, d’fhonn go mbeidh earnáil eitlíochta na hÍsiltíre iomlán aeráidneodrach faoi 2050, trí dheireadh a chur le baic a bhaineann le teicneolaíochtaí chun hidrigin a úsáid mar iompróir fuinnimh in aerárthaí a uas-scálú.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) an dearadh mionsonraithe deiridh le haghaidh turba-fean dócháin hidrigine “H2-turba-fean Ombouw”, a bheidh i gceann d’innill Fokker 100 ag a bhfuil cuasáin dócháin atá oiriúnach chun hidrigin leachtach a úsáid;
- b) an dearadh mionsonraithe deiridh den ‘Chóras Gléasra Cumhachta agus Stórála Hidrigine Aerárthaí’, a sholáthróidh córas tiomána leictreach breosla-chille hidrigine le teacht i bhfeidhm ar aerárthaí CS-23 indheimhnithe; agus

---

<sup>1</sup> I gcás ina mbaintear amach astaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha leis an ngníomhaíocht dá dtugtar tacaíocht, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil baint amach na dtagarmharcanna sin indéanta. Tagarmharcanna arna mbunú i leith saorleithdháileadh le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, leagtar amach iad i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

- c) meitheal mhachnaimh um eitlíocht inbhuanaithe ('Flying Vision') a bhunú, meitheal machnaimh ina ndéanfar ionadaíocht ar institiúidí taighde eitlíochta, aerlínte agus aerfoirt na hÍsiltíre agus ar mhonaróirí idirnáisiúnta buntrealaimh aerárthaí.

Tá coinne leis nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, beidh gníomhaíochtaí faoin infheistíocht seo teoranta do chéim an deartha agus ní thacóidh siad le tástáil agus úsáid iarbhir an turba-fean dócháin hidrigine "H2-turba-fean Ombouw" agus an "Córas Gléasra Cumhachta agus Stórála Aerárthaí Hidrigin" leictreach breosla-cille in aerárthaí taispeána.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

#### Athchóiriú C1.2 II: An Clár Dúlra

Tá an infheistíocht seo mar chuid de chur chuige struchtúrach na hÍsiltíre i leith na nítrigine agus is é is aidhm di tionchar diúltach astaíochtaí nítrigine a laghdú san Ísiltír, ar astaíochtaí iad a bhfuil an difear atá déanta acu do speicis agus gnáthóga le sonrú, agus dúlra leochaileach a athbhunú. Rannchuideoidh an infheistíocht le coinníollacha stádais caomhantais fabhracha nó feabhsaithe a bhaint amach do speicis agus gnáthóga faoi Threoir 2009/147 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (an Treoir maidir le hÉin) agus Treoir 92/43 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (an Treoir maidir le Gnáthóga) trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme i láithreáin Natura 2000 nó timpeall orthu:

- a) feabhas a chur ar cháilíocht an dúlra;
- b) gníomhaíochtaí hidreolaíocha;
- c) leagan amach limistéar dúlra a chaomhnú agus a bharrfheabhsú;
- d) criosanna idirthréimhseacha, lena n-áirítear naisc idir limistéir; agus
- e) gníomhaíochtaí eile, amhail criosúchán áineasa nó rialú ar speicis ionracha

Ina theannta sin, cuirfidh cúigí gníomhaíochtaí foraoisithe chun feidhme chun cailteanas foraoise i limistéir ainmnithe a chúiteamh.

Faoi chuimsiú na hinfeistíochta, forbrófar pleananna cur chun feidhme do gach ceann den 12 chúige. Gheobhaidh lucht riaracháin na gcúigí na hacmhainní airgeadais is gá chun na gníomhaíochtaí athbhunaithe dúlra a chur i gcrích. Rannchuideoidh an infheistíocht le dálaí a bhaint amach le haghaidh stádas caomhantais fabhrach nó feabhsaithe i dtaca le speicis agus gnáthóga faoin Treoir maidir le hÉin agus faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Déanfaidh an Aireacht Talmhaíochta, Dúlra agus Cáilíochta Bia na 12 phlean cur chun feidhme a mheasúnú agus a ghlacadh. Leis na gníomhaíochtaí, cuirfear feabhas ar cháilíocht 101 924 heictear dúlra san iomlán ar láithreáin Natura 2000 agus timpeall orthu.

Cuirfidh eagraíochtaí bainistíochta talún gníomhaíochtaí chun feidhme lena gcuirfear feabhas ar cháilíocht an dúlra i láithreáin Natura 2000 agus timpeall orthu. Déanfaidh Gníomhaireacht Fiontraíochta na hÍsiltíre (Rijksdienst voor Ondernemend Nederland, RVO) EUR 49 410 000 ar a laghad a ghealladh, thar ceann na hAireachta Talmhaíochta, Dúlra agus Cáilíochta Bia, d'eagraíochtaí bainistíochta talún chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme.

Cuirfidh Ard-Stiúrthóireacht na nOibreacha Poiblí agus na Bainistíochta Uisce (Rijkswaterstaat) trí chineál gníomhaíochta chun feidhme chun nádúr na habhann agus bainistiú cois bóthair a fheabhsú:

- a) bainistiú uisce a dhéanamh níos inbhuanaithe;
- b) gníomhaíochtaí hidreolaíocha agus gníomhaíochtaí pleanála eile a dhéanamh; agus
- c) briathra bonneagair a athdhearadh nó a fheabhsú ó thaobh cáilíochta de.

Geallfaidh an Aireacht Talmhaíochta, Dúlra agus Cáilíochta Bia EUR 29 610 000 ar a laghad d'Ard-Stiúrthóireacht na nOibreacha Poiblí agus na Bainistíochta Uisce (Rijkswaterstaat) chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme.

Geallfaidh an Aireacht Talmhaíochta, Dúlra agus Cáilíochta Bia EUR 18 800 000 ar a laghad chun tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann go príomha le heolas a fhorbairt faoi athchóiriú an dúlra (lena n-áirítear feabhas a chur ar an Líonra Eolais um Théarnamh agus Bainistiú an Dúlra, OBN), gníomhaíochtaí cumarsáide agus bainistithe geallsealbhóirí, agus coigeartú an fhaireacháin dúlra atá ann cheana d'fhonn meastóireachtaí ar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin a chumasú, agus an méid seo a leanas mar thoradh air sin:

- a) beidh an chéad leagan feabhsaithe den chóras faireacháin dúlra oibríochtúil;
- b) foilseofar ar a laghad trí thuarascáil maidir le feabhas a chur ar cháilíocht an dúlra i ngnáthóga íogaire nítrigine; agus
- c) déanfar straitéis cumarsáide a fhorbairt.

Tá coinne leis nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, cuirfear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) i gcrích i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE (Treoir maidir leis an Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol). I gcás ina ndearnadh MTC, cuirfear na gníomhaíochtaí maolaithe a éilítear chun an comhshaol a chosaint chun feidhme. Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá suite i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar dóibh (lena n-áirítear líonra limistéir faoi chosaint Natura 2000, láithreáin Oidhreacht Domhanda agus Príomhlimistéir Bithéagsúlachta UNESCO, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), déanfar measúnú iomchuí i gcomhréir le Treoir 2009/147/CE agus le Treoir 92/43/CEE, i gcás inarb infheidhme, agus, bunaithe ar a chonclúidí, cuirfear na gníomhaíochtaí maolaithe riachtanacha i bhfeidhm.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht C1.2 I2: Scéim cúnamh d'athshlánú feirmeacha muc

Sa ghearrthéarma, tá sé de chuspóir ag an infheistíocht seo méid na n-astaíochtaí amóinia agus an núis bholaídh i limistéir ina bhfuil ard-dlús feirmeacha muc a laghdú, chomh maith leis an deascadh nítrigine ar láithreáin Natura 2000. Deonófar deontais chun tacú le feirmeoirí muc deireadh buan do-athraithe a chur lena bhfeirmeacha muc ar bhonn deonach tríd an méid seo a leanas:

- a) a gcearta maidir le muca a phórú a ghéilleadh go buan ag na feirmeoirí sin; agus
- b) oibleagáid a chur ar fhaighteoirí na ndeontas a n-acmhainneacht táirgeachta a scartáil, lena n-áirítear stáblaí, siléir aoiligh, sadhlanna aoiligh agus sadhlanna beatha.

Gheobhaidh feirmeoirí muc cúiteamh as a gcearta maidir le muca a phórú a ghéilleadh agus as cailleanas i luach sócmhainní táirgiúla. Trí líon na muc san Ísiltír a laghdú 6 % ar a laghad ar an leibhéal náisiúnta i gcomparáid le 2019, laghdóidh an infheistíocht an núis bholaídh atá inchurtha i leith aoileach beostoic mar aon le hastaíochtaí nítrigine ar láithreáin Natura 2000. Deonófar cúiteamh chun deireadh a chur le 275 bhfeirm muc, rud a laghdóidh astaíochtaí amóinia 900 000 kg ar a laghad i gcomparáid le 2019.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

**A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha**

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
1	C1.1 R1-1 Athchóiriú ar chánachas fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena gcoigeartaítear taraifí cánach fuinnimh	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2024	Teacht i bhfeidhm dlí lena leasófar na taraifí cánach fuinnimh mar a leanas:  a) Méadófar taraif an chéad bhanda ar úsáid gáis agus laghdófar taraif an chéad bhanda ar úsáid leictreachais. Déanfar ráta tharaif an chéad bhanda ar ghás a mhéadú 2.5 cent/m <sup>3</sup> in 2024 i gcomparáid le 2022 agus ardófar an méadú ar an ráta sin de réir a chéile go 3,5 cent/m <sup>3</sup> in 2026. Déanfar taraif an chéad bhanda ar leictreachas a laghdú 2.5 cent/m <sup>3</sup> in 2024 i gcomparáid le 2022 agus ardófar an méadú ar an ráta sin de réir a chéile go 3,5 cent/m <sup>3</sup> in 2026. b) Laghdófar taraifí an dara agus an tríú banda ar úsáid leictreachais, i ndáil le bonnlíne na cánach um Fhuinneamh atá Inbhuanaithe ó thaobh na Stórála agus um Aistriú Aeráide (ODE). c) Déanfar struchtúr an ráta cánach fuinnimh a athrú chun nach mbeidh sé chomh céimlaghdaitheach céanna trí na rátaí sna bandaí tomhaltais gáis agus leictreachais níos airde a mhéadú. d) Déanfar cnapshuim an laghdaithe ar cháin fuinnimh do thomhaltóirí leictreachais a mhéadú EUR 225 000 000 in aghaidh na bliana idir 2024 agus 2026.
2	C1.1 R1-2 Athchóiriú ar chánachas fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena gcoigeartaítear gnéithe struchtúracha na gcánacha	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2025	Teacht i bhfeidhm dlí ina bhfuil na leasuithe seo a leanas:  a) Cuirfear deireadh leis an scéim díolúine agus aisíocaíochta i dtaca le cáin fuinnimh (ar ghás nádúrtha agus leictreachas) le haghaidh próisis mhiotalóireachta agus mhianraí.

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			fuinnimh							<p>b) Beidh an díolúine ón gcáin fuinnimh i dtaca le tomhaltas gáis nádúrtha i nginiúint leictreachais teoranta don ghás nádúrtha a úsáidtear chun leictreachas a sholáthraítear don eangach a tháirgeadh.</p> <p>c) Cuirfear deireadh leis an ráta laghdaithe cánach fuinnimh ar churaíocht chosanta.</p>
3	C1.1 R2-1 An tobhach CO2 don tionsclaíocht a thabhairt isteach agus a ghéarú	Garsprio c	Teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar isteach an tobhach CO2 don tionsclaíocht	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear tobhach CO2 náisiúnta don tionsclaíocht. Beidh an tobhach ina bhonnphraghas, lena socrófar íosphraghas le haghaidh tona CO2 a astófar: má thiteann an praghas i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) faoi bhun an íosphraghais sin, déanfar an difríocht idir praghas CTA agus an bonnphraghas a thobhach mar cháin.
4	C1.1 R2-2 An tobhach CO2 don tionsclaíocht a thabhairt isteach agus a ghéarú	Garsprio c	Teacht i bhfeidhm dlí lena ngéaraítear an tobhach CO2 don tionsclaíocht	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2023	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena méadaítear an tobhach tionsclaíoch CO2 ó EUR 30 in aghaidh an tona in 2021 go EUR 50,10 in aghaidh an tona in 2023 agus ansin de réir a chéile go EUR 82,80 in aghaidh an tona in 2026 chomh maith le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena laghdaítear de réir a chéile méid na n-astaíochtaí CO2 atá díolmhaithe ón tobhach tionsclaíoch CO2, rud a fhágann go bhfuiltear ag súil le 2,4 mtona níos mó nach mbeidh díolmhaithe ó astaíochtaí CO2 in 2026.
5	C1.1 R3-1 Méadú ar an gCáin Aerthaistil (ATT)	Garsprio c	Teacht i bhfeidhm dlí lena méadaítear an cháin aerthaistil d'aerphaisinéirí a imíonn ó aerfort san Ísiltír	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2023	Teacht i bhfeidhm dlí lena méadaítear an cháin ar aerthaistil do phaisinéirí a imíonn ó aerfort san Ísiltír. Beidh an cháin ar a laghad trí huaire chomh hard leis an gcáin in 2022 (EUR 7,94 an imeachta in aghaidh an phaisinéara in 2022).
6	C1.1 R4-1 Athchóiriú ar chánachas ar ghluaisistéin	Garsprio c	Teacht i bhfeidhm dlí lena gcuirtear deireadh de réir a chéile leis an díolúine ón gcáin	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2025	Teacht i bhfeidhm an dlí lena gcuirtear deireadh de réir a chéile leis an díolúine ón gcáin ar cheannach mótarfheithicle agus gluaisrothar (' <i>Belasting van Personenauto's en Motorrijwiel</i> ', BPM) le haghaidh veaineanna breoslaí iontaise oibreoirí tráchtála.

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			ar cheannach mótarfheithicle agus gluaisrothair (BPM) le haghaidh veaineanna tráchtála							
7	C1.1 R4-2 Athchóiriú ar chánachas ar ghluaisteáin	Garsprio c	Foilsíú dlí san <i>Iris Oifigiúil</i> lena leasaítear an cháin gluasteáin atá ann faoi láthair ar ghluaisteáin agus ar veaineanna	Foilsíú san <i>Iris Oifigiúil</i>				R2	2025	Foilsíú san <i>Iris Oifigiúil</i> dlí lena leasaítear an bonn cánach le haghaidh gluasteán agus veaineanna, ó mheáchan an ghluasteáin nó na veain go líon na gciliméadar a thiomáintear. Féadfar a áireamh sa dlí forálacha a thiofáidh i bhfeidhm in 2030 ar a dhéanaí. Áireofar sa dlí forálacha lena sanntar freagrachtaí agus inniúlachtaí do na comhlachtaí cur chun feidhme ábhartha, forálacha a thiofáidh i bhfeidhm tráth a fhoilsithe agus a mbeidh feidhm acu ón tráth sin. Bunófar leis an dlí sonraíochtaí an chineáil córais muirearaithe agus saineofar ann an chaoi a mbeidh an taraif struchtúraithe agus an chaoi a gcinnfear clárú líon na gciliméadar a thiomáintear.
8	C1.1 R4-3 Athchóiriú ar chánachas ar ghluaisteáin	Garsprio c	Litir chuig an bParlaimint maidir le stádas chur chun feidhme an dlí lena leasaítear an bonn cánach le haghaidh gluasteán agus veaineanna	Litir chuig an bParlaimint eisithe				R2	2026	Sonrófar i litir ón rialtas chuig an bParlaimint na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin ar tugadh sainordú dóibh chun an dlí lena leasaítear an bonn cánach le haghaidh gluasteán agus veaineanna, ó mheáchan an ghluasteáin nó na veain go líon na gciliméadar a thiomáintear a chur chun feidhme. Tabharfar tuairisc sa litir ar na chéad chéimeanna eile den chur chun feidhme i ndáil leis na rudaí seo a leanas: (a) an córas muirearaithe, (b) an struchtúr taraife agus (c) clárú líon na gciliméadar a thiomáintear chun oibriochtú a áirithiú i gcomhréir leis an dlí lena leasaítear an cháin atá ann cheana ar ghluaisteáin agus ar veaineanna.
9	C1.1 R5-1 Dlí an Fhuinnimh	Garsprio c	Teacht i bhfeidhm Dhlí an Fhuinnimh	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2025	Teacht i bhfeidhm Dhlí an Fhuinnimh, lena gcomhtháthaítear Dlí an Gháis atá i bhfeidhm faoi láthair agus Dlí an Leictreachais atá i bhfeidhm faoi láthair in aon chreat dlíthiúil amháin, ar creat é a

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										<p>bhfuil na gnéithe seo a leanas aige:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a) feabhas a chur ar an gcóras um shonraí gáis agus leictreachais a bhailiú, a stóráil agus a mhalartú;</li> <li>b) athbheithniú ar an mbunús dlí le haghaidh idirghabháil an rialtais cúige nó láir i dtionscadail bonneagair fuinnimh chun deonú ceadanna agus cur chun feidhme Tionscadail chun Leasa Náisiúnta – <i>Energieprojecten van Nationale Belang</i> (tríd an Scéim Náisiúnta Comhordúcháin – <i>Rijkscoördinatiering, RCR</i>) a bharrfheabhsú.</li> <li>c) creat rialála na nOibreoirí Córais Tarchurtha agus na nOibreoirí Córais Dáileacháin a thabhairt cothrom le dáta;</li> <li>d) rialáil ar na féidearthachtaí atá ann d'úsáideoirí leictreachais a bheith ina bpáirtithe gníomhacha sa mhargadh fuinnimh trí na rudaí seo a leanas a cheadú: (a) Conradh a dhéanamh le hoibreoirí iomadúla ar nasc amháin, (b) leictreachas féinghinte a dhíol, bíodh sé trí chomhiomlánú nó ná bíodh, agus (c) luach airgid a chur ar sholúbthacht úsáideoirí deiridh san éileamh iarbhir trí chomhiomlánú; agus</li> <li>e) feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí deiridh.</li> </ul>
10	C1.1 II-1 Gaoth ón talamh	Garsprio c	Sábháilteacht na loingseoireachta a chinntiú – Conradh nó conarthaí sínithe chun pointí luchtaithe nua a cheannach ar muir agus sa ché	Conradh nó conarthaí sínithe chun cúig phointe luchtaithe nua a cheannach ar muir, agus chun cúig phointe luchtaithe nua a cheannach sa ché.				R2	2026	Síniú an chonartha/na geonarthaí chun cúig phointe athluchtaithe leictreacha nua a cheannach le haghaidh soithí leictreacha (lena n-áirítear soithí hibrideacha) ar muir; agus síniú an chonartha/na geonarthaí chun cúig phointe athluchtaithe leictreacha nua a cheannach le haghaidh soithí leictreacha (lena n-áirítear soithí hibrideacha) sa ché.
11	C1.1 II-2 Gaoth ón talamh	Garsprio c	Sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú – Foilsiú tairisceana nó	Tairiscint nó tairiscintí a bheith foilsithe maidir le trí shoitheach tarraingthe				R4	2025	Foilsiú tairisceana nó tairiscintí maidir le trí shoitheach tarraingthe práinnfhreagartha nua a cheannach lena n-úsáid chun sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú ag feirmeacha gaoithe

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			tairiscintí maidir le soithí tarraingthe práinnfhreagartha a cheannach	práinnfhreagartha a cheannach						amach ón gcósta agus timpeall orthu. Beidh critéir incháilitheachta cheangailteacha sna sonraíochtaí tairisceana a fhioróidh an t-údarás cur chun feidhme chun comhlíonadh ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a áirithiú, mar a leagtar amach sa tuairisc ar an infheistíocht.
12	C1.1 II-3 Gaoth ón talamh	Garsprioc	Sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú – Conradh nó conarthaí sínithe maidir le soithí tarraingthe práinnfhreagartha a cheannach	Conradh nó conarthaí a bheith sínithe maidir le trí shoitheach tarraingthe práinnfhreagartha a cheannach				R2	2026	Síniú conartha nó conarthaí maidir le trí shoitheach tarraingthe práinnfhreagartha nua a cheannach lena n-úsáid chun sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú ag feirmeacha gaoithe amach ón gcósta agus timpeall orthu. Chun comhlíonadh ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a áirithiú, beidh na sonraíochtaí a leagtar amach sa tuairisc ar an infheistíocht sa chonradh/sna conarthaí.
13	C1.1 II-4 Gaoth ón talamh	Garsprioc	Gníomhaíochtaí feabhsúcháin dúlra agus cosanta speiceas a fhorbairt agus a chur chun feidhme	Conarthaí sínithe nó comhaontuithe deontais chun feabhsú dúlra agus cosaint speiceas a fhorbairt agus a chur chun feidhme				R4	2025	<p>Conarthaí agus/nó comhaontuithe deontais arna síniú chun gníomhaíochtaí feabhsaithe dúlra agus cosanta speiceas a fhorbairt:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a) sé phlean cosanta speicis nó sé phlean feabhsaithe dúlra ar a laghad;</li> <li>b) ceithre staidéar taighde leantacha ar a laghad chun feabhas breise a chur ar na pleananna cosanta speiceas, agus/nó pleananna feabhsaithe dúlra, agus chun mapáil bhonnline a bhunú;</li> <li>c) trí (threoir)thionscadal ar a laghad chun tástáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a shainiúitear sna pleananna cosanta speiceas, agus/nó sna pleananna feabhsaithe dúlra, agus/nó sna staidéir taighde leantacha.</li> </ul> <p>Conarthaí agus/nó comhaontuithe deontais arna síniú chun na gníomhaíochtaí seo a leanas maidir le feabhsú dúlra agus cosaint speiceas a chur chun feidhme:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a) dhá thearmann éin ar a laghad;</li> <li>b) cúig ghníomhaíocht cosanta speiceas ar mhionscála ar a laghad;</li> <li>c) gníomhaíochtaí athbhunaithe dúlra nó feabhsaithe dúlra i dtrí pháirc gaoithe amach ón gcósta ar a</li> </ul>

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										laghad.
14	C1.1 II-5 Gaoth ón talamh	Sprioc	Éiceachórais na Mara Thuaidh a neartú agus a chosaint – Tionscadail a chuireann le feabhsú agus/nó athbhunú an dúlra i láithreáin Natura 2000 agus timpeall orthu agus i limistéir faoi chosaint faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuiri		Líon na dtionscadal ar síníodh conarthaí ina leith	0	4	R4	2025	Síníodh conarthaí le haghaidh ceithre thionscadal ar a laghad a rannchuidíonn le feabhsú agus/nó athbhunú an dúlra i láithreáin Natura 2000, i láithreáin máguaird láithreáin Natura 2000 agus i limistéir a chosnaítear faoi Threoir 2008/56/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an Bheartais Comhshaoil Mhuiri (an Treoir Réime um Straitéis Mhuiri). Déanfaidh na ceithre thionscadal sin gníomhaíochtaí lena dtabharfar aghaidh ar cheann amháin nó níos mó de na spriocanna caomhnaithe mar a thuairiscítear i bpleananna bainistíochta na limistéar faoi chosaint sin.
15	C1.1 II-6 Gaoth ón talamh	Garsprioc	Éiceachórais na Mara Thuaidh a neartú agus a chosaint – Clár Éiceolaíochta Gaoth ón Talamh (WOZEP)	Taighde ar an gClár Éiceolaíoch Gaoth ón Talamh: tuarascáil achomair foilsithe				R1	2026	Déanfar dul chun cinn suntasach maidir le tionscadail taighde sna réimsí taighde seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>a) bailiú sonraí agus samhaltú maidir le héifeachtaí forbartha gaoithe ón talamh agus tuirbiní gaoithe ar éin agus ar ialtóga;</li> <li>b) éifeachtaí na forbartha gaoithe ón talamh (an chéim tógála agus an chéim oibríochta) ar mhamaigh mhara;</li> <li>c) éifeachtaí forbartha gaoithe ón talamh ar éiceachóras na Mara Thuaidh, lena n-áirítear infhaighteacht bia agus oiriúnacht gnáthóige do speicis éan cosanta, bat agus do speicis mhamach mara; agus</li> <li>d) measúnuithe tionchair carnacha chun éifeachtaí na bpáirceanna gaoithe atá beartaithe agus atá ann cheana ar speicis faoi chosaint a ríomh.</li> </ul> <p>Déanfar achoimre ar na tionscadail taighde i bhfoirm tuarascála a sheachadadh; beidh sé bunaithe ar na</p>

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										torthaí atá ar fáil ó na tionscadail atá liostaithe thuas.
16	C1.1 II-7 Gaoth ón talamh	Sprioc	Éiceachórais na Mara Thuaidh a neartú agus a chosaint – Digiteáil Stáisiún Faireacháin na Mara Thuaidh		Líon na stáisiún faireacháin a suiteáladh agus atá oibríochtúil	0	12	R1	2026	Suiteálfar dhá stáisiún faireacháin statacha ar a laghad agus 10 stáisiún faireacháin soghluaiste ar a laghad agus beidh siad oibríochtúil.
17	C1.1 II-8 Gaoth ón talamh	Garsprioc	Nasc cumhachta amach ón gcósta le láithreáin ar talamh ag a dtugtar fuinneamh i dtír — Comhaontuithe rialachais le haghaidh pleananna infheistíochta limistéar	Comhaontuithe rialachais sínithe				R2	2024	Sineofar comhaontú rialachais idir an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Beartaís Aeráide agus gach ceann de na réigiúin ag a bhfuil láithreán ag a dtugtar fuinneamh gaoithe ón talamh i dtír (Borssele, Maasvlakte, Noordzeekanaalgebied agus Eemshaven). Is iad seo a leanas, ar a laghad, a bheidh sna comhaontuithe sin: <ul style="list-style-type: none"> <li>a) Cearta agus freagrachtaí na bpáirtithe agus na bpáirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an gcóras rialachais chun infheistíochtaí a bhainistiú i réigiúin ina bhfuil ag láithreán ag a dtugtar i dtír gaoth ón talamh;</li> <li>b) Sonrú an bhonneagair is gá le haghaidh fuinneamh glas agus a iarmhairtí do gach réigiún;</li> <li>c) An méid a leithdháiltear ar an réigiún le haghaidh gníomhaíochtaí chun drochthionchair ó thabhairt i dtír gaoithe ón talamh ar cháilíocht na timpeallachta maireachtála sa réigiún a mhaolú;</li> <li>d) An cineál gníomhaíochtaí maolaitheacha atá beartaíthe; agus</li> <li>e) Sonraíocht go gcuirfear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) i gcrích i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE (Treoir maidir leis an Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol). I gcás ina ndearnadh MTC, cuirfear na gníomhaíochtaí maolaithe a éilítear chun an comhshaol a chosaint chun feidhme. Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá suite i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar</li> </ul>

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										dóibh (lena n-áirítear líonra limistéir faoi chosaint Natura 2000, láithreáin Oidhreacht Domhanda agus Príomhlíonraí Bithéagsúlachta UNESCO, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), déanfar measúnú iomchuí i gcomhréir le Treoir 2009/147/CE agus le Treoir 92/43/CEE, i gcás inarb infheidhme, agus, bunaithe ar a chonclúidí, cuirfear na gníomhaíochtaí maolaithe riachtanacha i bhfeidhm.
18	C1.1 II-9 Gaoth ón talamh	Garsprioc	Nasc cumhachta amach ón gcósta le láithreáin ar talamh ag a dtugtar fuinneamh i dtír - Comhaontuithe riaracháin le haghaidh pleananna infheistíochta limistéar	Comhaontuithe riaracháin sinithe				R1	2026	<p>Síneofar comhaontuithe riaracháin idir an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíochta agus Beartais Aeráide agus gach ceann de na réigiúin ag a bhfuil láithreán ag a dtugtar fuinneamh gaoithe ón talamh i dtír (Borssele, Maasvlakte, Noordzeekanaalgebied agus Eemshaven). Beidh sna comhaontuithe sin pacáistí gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme sna réigiúin chun drochthionchair ó thabhairt i dtír gaoithe ón talamh ar cháilíocht na timpeallachta fisiciúla maireachtála agus an ghealltanais chistiúcháin chomhfhreagraigh a mhaolú. Áireofar na gníomhaíochtaí seo a leanas ar a laghad i ngach comhaontú riaracháin i dteannta a chéile:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a) Cosaint fuaime do stáisiúin ardvoltais</li> <li>b) Spásanna glasa agus/nó áineasa amhail foraoisi nó páirceanna</li> <li>c) Feabhas a chur ar bhonneagar soghluaisteachta áitiúla amhail rothaíocht nó cosáin siúil</li> <li>d) Ionaid faisnéise poiblí don aistriú fuinnimh.</li> </ul> <p>Geallfaidh an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíochta agus Beartais Aeráide EUR 200 000 000 ar a laghad do gach gníomhaíocht a dhéanfar le chéile.</p>
19	C1.1 II-10 Gaoth ón talamh	Garsprioc	Nasc cumhachta amach ón gcósta le láithreáin ar talamh ag a dtugtar fuinneamh i dtír – Pacáiste	Cinneadh/cinntí maidir le Pacáiste Spreagtha Éiceolaíoch Mhuir Wadden a glacadh				R3	2025	Glacfaidh an Bord Beartais Réigiún Mhuir Wadden, ar a mbeidh ionadaithe ó rialtais náisiúnta agus réigiúnacha, an cinneadh/na cinntí maidir le Pacáiste Spreagtha Éiceolaíoch Mhuir Wadden. Cumhdófar le Pacáiste Spreagtha Éiceolaíoch Mhuir Wadden gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an méid seo a

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			Spreagtha Éiceolaíoch Mhuir Wadden							<p>leanas:</p> <p>a) Céim II den Phlean Gníomhaíochta um Éin Pórúcháin a chur chun feidhme<sup>2</sup>;</p> <p>b) Cur chun feidhme Phlean Bainistíochta Lárnach Údarás Bainistíochta Mhuir Wadden<sup>3</sup>, lena dtacaítear le bithéagsúlacht faoi uisce amhail feamainn a aisghabháil timpeall struchtúir chrua de dhéantús an duine faoi bhainc uisce agus diúilicíní, monatóireacht, neartú riasca salainn agus faireachas agus forfheidhmiú;</p> <p>c) An dúlra a athchóiriú i limistéir ina gcuimsíonn an t-uisce farraige le fionnuisce; agus</p> <p>d) Taighde ar éifeachtaí carnacha brúnna daonna i Muir Wadden agus ar éifeachtaí éiceolaíocha an athraithe aeráide.</p> <p>Áireofar sa chinneadh/sna cinntí freisin an gealltanais cistiúcháin a chomhfhreagraíonn do na gníomhaíochtaí sin.</p> <p>Geallfaidh an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Beartais Aeráide EUR 17 000 000 ar a laghad do gach gníomhaíocht a dhéanfar.</p>
20	C1.1 II-11 Gaoth ón talamh	Garsprioc	Nasc cumhachta amach ón gcósta le láithreáin ar talamh ag a dtugtar fuinneamh i dtír – Cúiteamh as talamh talmhaíochta a shalandú agus	Cinneadh/cinntí ón mBord Beartais maidir le Réigiún Mhuir Wadden a glacadh				R3	2025	<p>Cinnfidh an Bord Beartais Réigiún Mhuir Wadden ar ghníomhaíochtaí le haghaidh cúiteamh i leith salandú talún talmhaíochta agus maolú an tsalandaithe sin. Geallfaidh an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Beartais Aeráide EUR 4 875 000 ar a laghad le haghaidh gach gníomhaíochta.</p>

<sup>2</sup> [https://rijkewaddenzee.nl/wp-content/uploads/2018/05/Actieplan-Broedvogels-Waddenzee-2018\\_DEF\\_MET\\_voorwoord.pdf](https://rijkewaddenzee.nl/wp-content/uploads/2018/05/Actieplan-Broedvogels-Waddenzee-2018_DEF_MET_voorwoord.pdf)

<sup>3</sup> <https://www.beheerautoriteitwaddenzee.nl/integraal-beheerplan/wat-is-het-integraal-beheerplan>

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscarí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscarí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			maolú an tsalandaithe sin							
21	C1.1 I2-1 Cumhacht ghlas hidrigine	Garsprioc	Foilsíú an chláir oibre caipitil dhaonna chun cur leis an soláthar scileanna sa hidrigin ghlas	An Clár Oibre Caipitil Dhaonna a bheith glactha agus foilsithe chun cur leis an soláthar scileanna sa hidrigin ghlas				R3	2023	An clár oibre caipitil dhaonna a bheith glactha agus foilsithe ag an rialtas chun cur leis an soláthar scileanna sa hidrigin ghlas. Leagfar amach sa chláir oibre sin plean gníomhaíochta chun cúig phobal foghlama réigiúnacha ar a laghad, ábhair chúrsa agus imeachtaí nó ionaid a bhunú chun malartuithe idir gnólachtaí agus institiúidí oideachais nó taighde a éascú.
22	C1.1 I2-2 Cumhacht ghlas hidrigine	Sprioc	Comhaontuithe deontais sínithe i dtaca le saoráidí taispeántais le haghaidh teicneolaíocht nuálach hidrigine glaise		Líon na gcomhaontuithe deontais a síníodh	0	2	R2	2025	Siniú comhaontuithe deontais i dtaca le dhá shaoaráid taispeántais ar a laghad a thógáil le haghaidh teicneolaíochtaí nuálacha hidrigine glaise chun indéantacht leictrealaithe agus úsáid hidrigine ar mórscaála a léiriú. Chun comhlíonadh 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a áirithiú, beidh na sonraíochtaí a leagtar amach sa tuairisc ar an infheistíocht sna comhaontuithe deontais.
23	C1.1 I2-3 Cumhacht ghlas hidrigine	Sprioc	Comhaontuithe deontais sínithe le haghaidh tionscail taighde i dtaca le hidrigin ghlas		Líon na gcomhaontuithe deontais a síníodh	0	3	R2	2025	Siniú comhaontuithe deontais le haghaidh trí thionscadal taighde ar a laghad lena ndírítear ar tháirgeadh, stóráil, iompar agus úsáid hidrigine glaise. Chun comhlíonadh 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a áirithiú, beidh na sonraíochtaí a leagtar amach sa tuairisc ar an infheistíocht sna comhaontuithe deontais.
24	C1.1 I3-1 Aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal ZES	Sprioc	Líon na gcoimeádán fuinnimh modúlach oibriochtúil		Líon na gcoimeádán fuinnimh modúlach oibriochtúil	0	75	R4	2025	Beidh 75 choimeádán fuinnimh mhodúlacha (MECanna) oibriochtúil leis na stáisiúin nasctha. Is coimeádán fuinnimh inmhalartaithe iad na MECanna, coimeádán atá le luchtú le leictreachas in-athnuaite atá i gcomhréir le Treoir maidir le Fuinneamh In- Athnuaite (AE) 2018/2001 (RED II) agus atá oiriúnach lena suiteáil i soithí nua agus soithí atá ann cheana le haghaidh uiscebhealaí intíre.
25	C1.1 I3-2 Aistriú	Sprioc	Líon na láithreán lastála		Líon na láithreán lastála	0	14	R4	2025	Beidh 14 láithreán lastála le haghaidh soithí oibriochtúil. Úsáidfear na láithreán lastála chun na coimeádán fuinnimh mhodúlacha a luchtú. Beidh

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal ZES		oibríochtúil		oibríochtúil					scipéirí in ann na MECanna a mhalartú ag aon cheann de na 14 láithreán lastála. Beidh na láithreáin lastála sin feistithe le líonra ‘rochtana oscailte’ is féidir a úsáid chun an eangach leictreachais a chobhsú nó chun freastal ar éileamh áitiúil agus sealadach ar leictreachas.
26	C1.1 I3-3 Aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal ZES	Sprioc	Líon na long tiontaíthe go hastaíochtaí nialasacha		Líon na long tiontaíthe go hastaíochtaí nialasacha	0	45	R4	2025	Déanfar 45 long ar a laghad a thiontú ina soithí uiscebhealaigh intíre iomlán leictreach astaíochtaí nialasacha faoi thiomáint leictreach.
27	C1.1 I4-1 Aistriú ar an eitlíocht	Garsprioc	Dearadh mionsonraithe turba-fean dócháin hidrigine	Dearadh mionsonraithe deiridh turba-fean dócháin hidrigine curtha i gcrích				R4	2025	Cuirfear dearadh mionsonraithe deiridh de turba-fean dócháin hidrigine ‘H2-turbofan Ombouw’ i gcrích. Beidh an dearadh mionsonraithe deiridh le haghaidh ceann d’innill Fokker 100 ag a bhfuil cuasáin dócháin atá oiriúnach chun hidrigin leachtach a úsáid.  Sa dearadh mionsonraithe deiridh, tabharfar tuiscint mhionsonraithe ar na nithe seo a leanas:  a) ailtireacht chóras na n-aerárthaí atá beartaithe; b) saintréithe an mhodhnaithe ar an inneall turba-fean; c) saintréithe na bhfócháras stórála agus dáilte hidrigine; agus d) saintréithe na gcóras rialaithe gaolmhar
28	C1.1 I4-2 Aistriú ar an eitlíocht	Garsprioc	Dearadh mionsonraithe le haghaidh córas tiomána leictreach breosla-chille hidrigine	Dearadh mionsonraithe deiridh le haghaidh córas tiomána leictreach breosla-chille hidrigine curtha i gcrích				R4	2025	Críochnófar dearadh mionsonraithe deiridh an chórais tiomána leictre breosla-chille ‘Córas Gléasra Cumhachta agus Stórála Aerárthaí Hidrigin’. Cuirfidh an dearadh mionsonraithe deiridh córas tiomána leictreachais breosla-chille hidrigine ar fáil lena chur i bhfeidhm ar aerárthaí indeimhnithe CS-23.  Sa dearadh mionsonraithe deiridh, tabharfar tuiscint

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										<p>mhionsonraithe ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a) ailtireacht chóras na n-aerárthaí atá beartaithe;</li> <li>b) saintréithe na traenach tiomána hidrigin-go-leictreach, lena n-áirítear comhpháirteanna criticiúla amhail an breosla-chill agus an mótar leictreach;</li> <li>c) saintréithe na bhfócháras stórála agus dáilte hidrigine; agus</li> <li>d) saintréithe na gcóras rialaithe gaolmhar.</li> </ul>
29	C1.1 I4-3 Aistriú ar an eitlíocht	Garsprio c	Meitheal mhachnaimh ‘Flying Vision’ oibríochtúil	Tá an mheitheal machnaimh “Flying Vision” oibríochtúil agus foilsíodh an chéad treochlár				R4	2025	<p>Beidh an meitheal mhachnaimh um eitlíocht ‘Flying Vision’ oibríochtúil, mar a léirítear le foilsiú a céad treochlár teicneolaíochta i dtreo eitlíocht aeráidneodrach. Saineofar an méid seo a leanas sa treochlár sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a) réitigh fhádtéarma a d’fhéadfadh a bheith ann ar dhúshlán i ndáil le heitilt aeráidneodrach; agus</li> <li>b) taighde agus riachtanais forbartha teicneolaíochta ar fud an tionscail.</li> </ul>
30	C1.2 I1-1 An Clár Dúlra	Sprio c	Gníomhaíochtaí feabhsaithe cáilíochta curtha i bhfeidhm ar láithreáin Natura 2000 agus timpeall orthu		Líon na heictear a feabhsaíodh	0	101 924	R2	2026	<p>Cuirfidh na cúigi cúig chineál de gníomhaíochtaí feabhsaithe cáilíochta chun feidhme i láithreáin Natura 2000 agus timpeall orthu:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a) feabhas a chur ar cháilíocht an dúlra;</li> <li>b) gníomhaíochtaí hidreolaíochta;</li> <li>c) leagan amach limistéar dúlra a chaomhnú agus a bharrfheabhsú;</li> <li>d) criosanna idirthréimhseacha, lena n-áirítear naisc idir limistéir;</li> <li>e) gníomhaíochtaí eile, amhail criosúchán áineasa nó rialú ar speicis ionracha.</li> </ul> <p>Ina theannta sin, cuirfidh cúigi gníomhaíochtaí foraoisithe chun feidhme chun cailteanas foraoise i limistéir ainmnithe a chúiteamh.</p>

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										Cuirfead feabhas leis na gníomhaíochtaí ar cháilíocht iomlán 101 924 heicteár den dúlra ar a laghad. Féadfaidh gníomhaíochtaí éagsúla a chuirfead chun feidhme sa réimse céanna rannchuidiú go carnach leis an sprioc gur cuireadh feabhas ar 101 924 heicteár ar a laghad.
31	C1.2 II-2 An Clár Dúlra	Sprioc	Athbhunú an dúlra luathaithe ag eagraíochtaí bainistíochta talún		Méid (EUR)	0	49 410 000	R2	2026	Cuirfidh eagraíochtaí bainistíochta talún gníomhaíochtaí chun feidhme lena gcuirfead feabhas ar cháilíocht an dúlra i láithreáin Natura 2000 agus timpeall orthu. Déanfaidh Gníomhaireacht Fiontraíochta na hÍsiltíre (Rijksdienst voor Ondernemend Nederland) EUR 49 410 000 ar a laghad a ghealladh, thar ceann na hAireachta Talmhaíochta, Dúlra agus Cáilíochta Bia, d'eagraíochtaí bainistíochta talún chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme.
32	C1.2 II-3 An Clár Dúlra	Sprioc	Feabhsú cáilíochta ar dhúlra aibhneacha agus bainistiú cois bóthair		Méid (EUR)	0	29 610 000	R2	2026	Cuirfidh Ard-Stiúrthóireacht na nOibreacha Poiblí agus na Bainistíochta Uisce (Rijkswaterstaat) trí chineál gníomhaíochta chun feidhme chun nádúr na habhann agus bainistiú cois bóthair a fheabhsú:  a) Bainistiú uisce a dhéanamh níos inbhuanaithe; b) Gníomhaíochtaí hidreolaíochta agus gníomhaíochtaí pleanála eile a dhéanamh; c) Briathra bonneagair a athdhearadh nó a fheabhsú ó thaobh cáilíochta de.  Geallfaidh an Aireacht Talmhaíochta, Dúlra agus Cáilíochta Bia EUR 29 610 000 ar a laghad d'Ard-Stiúrthóireacht na nOibreacha Poiblí agus na Bainistíochta Uisce (Rijkswaterstaat) chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme.
33	C1.2 II-4 An Clár Dúlra	Sprioc	Gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le faireachán agus forbairt a		Méid (EUR)	0	18 800 000	R2	2026	Geallfaidh an Aireacht Talmhaíochta, Dúlra agus Cáilíochta Bia EUR 18 800 000 ar a laghad chun tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann go príomha le heolas a fhorbairt faoi athchóiriú an dúlra (lena n-áirítear

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			dhéanamh ar bhonn eolais don Chlár Dúlra							<p>feabhas a chur ar an Líonra Eolais um Théarnamh agus Bainistiú an Dúlra, OBN), gníomhaíochtaí cumarsáide agus bainistithe geallsealbhóirí, agus coigeartú an fhaireacháin dúlra atá ann cheana d'fhonn meastóireachtaí ar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin a chumasú, agus an méid seo a leanas mar thoradh air sin:</p> <p>a) Beidh an chéad leagan feabhsaithe den chóras faireacháin dúlra oibríochtúil;</p> <p>b) Foilseofar ar a laghad trí thuarascáil maidir le feabhas a chur ar cháilíocht an dúlra i ngnáthóga íogaire nítrigine; agus</p> <p>c) Déanfar straitéis cumarsáide a fhorbairt.</p>
34	C1.2 I2-1 Scéim cúnaimh d'athshlánú feirmeacha muc	Sprio c	Líon na láithreán feirmeoireachta muc ar cuireadh deireadh leo	Líon na láithreán feirmeoireachta muc ar cuireadh deireadh leo	0	275	R2	2023	Deonófar cúiteamh chun deireadh a chur le 275 bhfeirm muc, rud a laghdóidh líon na muc 6 % ar a laghad ar an leibhéal náisiúnta i gcomparáid le 2019. Mar thoradh ar dhúnadh na 275 láithreán pórucháin muc, laghdófar thart ar 900 000 kg ar astaíochtaí amóinia i gcomparáid le 2019.	

## **B. CUID 2: DLÚS A CHUR LEIS AN AISTRIÚ DIGITEACH**

Is é is aidhm don chuid seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre dlús a chur le haistriú digiteach gheilleagar na hÍsiltíre. Áirítear sa chuid pacáiste naoi n-infheistíocht agus athchóiriú amháin a bhfuil sé de chuspóir acu (i) forbairt teicneolaíochtaí nuálacha agus scileanna digiteacha a chur chun cinn, (ii) an tsoghluaisteacht a dhéanamh slán i bhfad na haimsire agus (iii) dlús a chur le digiteáil rialtas láir na hÍsiltíre.

Tá sé mar aidhm ag an gcuid go rannchuideoidh an chuid le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha atá dírithe ar an Ísiltír, go háirithe chun infheistíochtaí a dhíriú ar na haistrithe digiteacha (Moladh Tírshonrach 3 in 2020) agus chun scrogaill iompair a laghdú (Moladh Tírshonrach 3 in 2019).

Tá coinne leis nach ndéanfaidh aon bheart sa chuid seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

### **B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíochta**

#### Athchóiriú C2.1 II: Quantum Delta NL

Tá sé d’aidhm ag an gclár infheistíochta seo (i) dlús a chur le forbairt feidhmeanna teicneolaíochta candamaí, (ii) tallann a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil agus (iii) forbairt agus bunú cuideachtaí nua a spreagadh i réimse na teicneolaíochta candamaí san Ísiltír.

Tá sé mar aidhm ag an infheistíocht go ndéanfar infheistiú i dtaighde ar ríomhairí candamacha, líonraí candamacha agus braiteoirí candamacha agus ina bhforbairt agus go soláthróidh sí tacaíocht airgeadais le haghaidh céimeanna a haon agus a dó den phlean gníomhaíochta arna fhoilsiú ag Quantum Delta NL. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad i gceist le cur i gcrích an dá chéim sin:

- a) saoráid réamhshíolta a fhorbairt do ghnóilachtaí nuathionscanta;
- b) líonra cumarsáide taighde agus forbartha (T &D) a fhorbairt i réimse na teicneolaíochta candamaí (‘líonra T&D Quantum NL’);
- c) infheistíochtaí i Seomra Íonghlan Nanolab; agus
- d) scoláireachtaí PhD a dheonú i réimse na teicneolaíochta candamaí.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), leis na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha le haghaidh glaonna atá ar na bacáin, eisíofar forbairt réiteach, próiseas, teicneolaíochtaí agus saoráidí a bhaineann leis an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó bheith incháilithe: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach<sup>4</sup>; (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>5</sup>; (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a

<sup>4</sup> Cé is moite de thionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

<sup>5</sup> I gcás ina mbaintear amach astaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha leis an ngníomhaíocht dá dtugtar tacaíocht, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil baint amach na dtagarmharcanna sin indéanta. Tagarmharcanna arna mbunú i leith saorleithdháileadh le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann

bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí<sup>6</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>7</sup>; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ina theannta sin, ceanglófar leis na téarmaí tagartha sin nach roghnófar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht C2.1 I2: AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí

Is é is cuspóir don infheistíocht seo acmhainneacht na hintleachta saorga (IS) a fhorbairt agus a shaothrú do gheilleagar agus sochaí na hÍsiltíre. Is é is aidhm don infheistíocht aghaidh a thabhairt ar bhaic a chuireann teorainn le cur i bhfeidhm forleathan réiteach intleachta saorga, amhail luas mall na nuálaíochta, leithead teoranta an bhoinn eolais, soláthar íseal oiliúna intleachta saorga i sa mhargadh saothair, rannpháirtíocht theoranta na sochaí i gcoitinne agus easpa réiteach malartaithe sonraí.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) modhanna a fhorbairt chun córais intleachta saorga atá iontaofa agus duinelárnach a úsáid;
- b) feabhas a chur ar leibhéal an eolais ar an intleacht shaorga trí dheontais chomhaltachta a dhámhachtain chun iarrthóirí dochtúireachta agus taighdeoirí iardhochtúireachta a cheapadh i réimse na hintleachta saorga;
- c) ceithre dheontas a dhámhachtain do thionscadail taighde agus forbartha (T&F) chun feidhmchláir nuálacha intleachta saorga a fhorbairt; agus
- d) sé Phobal Foghlama Intleachta Saorga Feidhmí a chur i gcrích.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Márta 2026.

#### Infheistíocht C2.1 I3: Spreagadh an oideachais dhigitigh

Tá sé de chuspóir ag an gclár infheistíochta seo leas breise a bhaint as na deiseanna a bhaineann le digiteáil don ghairmoideachas agus don ardoideachas agus feabhas a chur ar scileanna digiteacha mac léinn agus múinteoirí. Is é is aidhm don infheistíocht institiúidí gairmoideachais agus ardoideachais san Ísiltír a thabhairt le chéile chun bonneagar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) earnálach atá caighdeánaithe, slán agus iontaofa agus bonneagar eolais earnálaigh a bhaint amach.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca le forbairt na nithe seo a leanas:

- a) saoráid náisiúnta bhunúsach chun ábhair foghlama dhigitreacha a chomhroinnt;

---

faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar atá leagtha amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>6</sup> Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá dírithe go heisiach ar dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná fadú ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal gléasra.

<sup>7</sup> Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte a aisfheistiú chun bithdhramhaíl a mhúiriniú agus bithdhramhaíola a dhíleá go hanaeróbach, ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná fadú ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal gléasra.

- b) ionaid teagaisc agus foghlama ar féidir leo tacaíocht a thabhairt do mhic léinn, léachtóirí agus taighdeoirí maidir le hábhar foghlama digiteach; agus
- c) córas chun sonraí mac léinn a stóráil agus rochtain shlán a fháil orthu.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht C2.1 I4: Lóistíocht bonneagair dhigitigh

Tá sé d'aidhm ag an gclár infheistíochta seo dlús a chur le digiteáil na hearnála lóistíochta agus é a éascú trí bhonneagar sonraí atá eagraithe, díláraithe agus iontaofa a bhunú chun sonraí lóistíochta atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chomhroinnt idir oibreoirí an tslabhra soláthair san earnáil lóistíochta.

Leis an gclár cuirfear tacaíocht infheistíochta ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) Bonneagar Sonraí Bunúsach a fhorbairt don Ísiltír. Sainmhíneofar an Bonneagar Sonraí Bunúsach mar thacar prionsabal agus comhaontuithe lena gceadófar do pháirtithe rannpháirteacha líonra sonrath TF a fhorbairt go comhpháirteach. Beidh Bonneagar Sonraí Bunúsach 80 % ar a laghad i gcomhréir leis na híoscheanglais maidir le hailtíreacht tagartha arna sainiú ag an Aireacht Bonneagair agus Bainistíochta Uisce;
- b) pacáiste oibre maidir leis an ullmhacht dhigiteach a fhorbairt chun ullmhacht dhigiteach earnáil lóistíochta na hÍsiltíre a mhéadú; agus
- c) ceithre shaotharlann bheo ar a laghad a thabhairt chun críche, i.e. a gcuid seirbhísí sonraí a nascadh leis an mBonneagar Sonraí Bunúsach.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht C2.2 I1: An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchtála Iarnróid (ERTMS)

Is é is aidhm don infheistíocht seo rannchuidiú leis an gcaighdeán digiteach Eorpach um chosaint agus rialú traenacha, an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchtála Iarnróid (ERTMS), a chur in ionad an chórais cosanta traenacha analógaigh atá ann cheana.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na tionscadail seo a leanas:

- a) *Staidéar pleanála don chuid den rian idir Kijfhoek agus teorainn na Beilge*: Dearadh Tráchtála Iarnróid (*Rail Verkeers Technisch Ontwerp*, RVTO) a fhorbairt. Léireoidh an Dearadh Tráchtála Iarnróid go gcomhlíonann na coigeartuithe riachtanacha ar bhainistiú tráchtála an reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid;
- b) *Staidéar pleanála don chuid den rian san Ísiltír Thuaidh*: Dearadh Córais Chomhtháite Fheidhmiúil agus Dearadh Tráchtála Iarnróid (RVTO) a fhorbairt. Léireoidh an Dearadh Tráchtála Iarnróid go gcomhlíonann na coigeartuithe riachtanacha ar bhainistiú tráchtála an reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid agus gur dréachtaíodh an Dearadh Córais Chomhtháite Fheidhmiúil gaolmhar;
- c) *Tionscadal Athnuachana Líonra Raidió GSM-Iarnróid*: beidh stáisiúin bunáite trasghlacadóra (crainn GSM-Iarnróid) in ann oibriú faoi chóras ERTMS;
- d) *Feidhmchláir shonracha teicneolaíochta faisnéise (TF) a oiriúnú d'imscairdeacht ERTMS*: déanfar na córais lóistíochta TF laistigh den bhainisteoir bonneagair ProRail a oiriúnú, lena n-áirítear feidhmchláir TF ábhartha a athscríobh nó a thabhairt cothrom le dáta, ionas gur féidir leo an fhaisnéis cheart maidir le sábháilteacht iarnróid agus maidir leis an tslandáil idir-inoibritheachta (faisnéis ERTMS/Córais Sábháilteachta Lárnaigh (CSS)) a fháil agus a phróiseáil i gcomhréir le húsáid ERTMS; agus

- e) *Córas Sábháilteachta Lárnach ERTMS*: beidh an CSS oibríochtúil le haghaidh ERTMS do ProRail.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

#### Infheistíocht C2.2 I2: Soghluaisteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe

Is é is aidhm don infheistíocht seo an t-aistriú chuig soghluaisteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe a neartú trí úsáid na líonraí bonneagair atá ann cheana a bharrfheabhsú.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- a) suiteáil 450 gaireas um rialú cliste tráchta ar a laghad, i.e. gairis atá in ann nascadh go digiteach le húsáideoirí bóithre (*Intelligente Verkeersregelinstallaties*);
- b) Seirbhísí Tosaíochta Sábháilteachta a chur i bhfeidhm d'úsáideoirí bóithre, ar seirbhísí iad trína dtabharfaidh páirtithe conarthacha, i.e. soláthraithe seirbhísí sábháilteachta, teachtaireachtaí digiteacha d'úsáideoirí bóithre maidir le staideanna contúirteacha ar an mbóthar;
- c) 'Bonneagar Digiteach don tSoghluaisteacht atá Slán i bhFad na hAimsire' (DITM) a fhorbairt go náisiúnta, lena soláthraítear an bonn chun Córas Soghluaisteachta Comhoibríoch, Nasctha agus Uathoibrithe (CCAM) inscálaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme; agus
- d) ardán an Phointe Rochtana Náisiúnta um Shonraí Soghluaisteachta (NTM) a fhorbairt, lena n-áirítear 20 tacar sonraí soghluaisteachta a fhoilsiú ar líne.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht C2.2 I3: Stáisiúin chliste cois bóthair (iWKS)

Is é is aidhm don infheistíocht seo stáisiúin chliste cois bóthair (WKS) ag a bhfuil breis feidhmiúlachtaí a chur in ionad na stáisiún cois bóthair atá ann cheana (WKS), i.e. gairis taobh le lánáí bóthair ar féidir leo cumarsáid a dhéanamh le comharthaí leictreonacha bóthair. Tá sé d'aidhm ag stáisiúin chliste cois bóthair brú tráchta a laghdú agus an sreabhadh tráchta a fheabhsú trí fholáirimh níos tapúla a thabhairt maidir le heachtraí agus trangleim tráchta agus trí thrácht ar bhóithre a scaipeadh ar bhealach níos fearr agus níos tapúla ar bhealaí malartacha. Ina theannta sin, tá coinne leis go mbeidh stáisiúin chliste cois bóthair níos éifeachtúla agus níos marthanaí agus go mbeidh níos lú cothabhála de dhíth orthu ná mar a bheidh ar na stáisiúin cois bóthair atá ann cheana.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca le suiteáil 1 906 iWKS.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

#### Athchóiriú C2.3 R1: Bainistiú faisnéise poiblí (an tAcht um Rialtas Oscailte)

Is é cuspóir don athchóiriú seo athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú faisnéise ag an riarachán poiblí chun feabhas a chur ar a thrédhearacht agus a oscailteacht, trí theacht i bhfeidhm an Achta um Rialtas Oscailte (*Wet open overheid*, WOO). Leis an Acht um Rialtas Oscailte, déanfar údarais phoiblí agus údarais leathphoiblí níos trédhearcaí trína áirithiú gur féidir teacht ar fhaisnéis de chuid na hearnála poiblí ar bhealach níos éasca, go bhfuil sí comhoiriúnach agus gur féidir le saoránaigh, an preas agus na meáin, Feisirí den Pharlaimint agus a bhfoireann í a rochtain go digiteach go héasca.

Beidh na gnéithe seo a leanas san athchóiriú:

- a) teacht i bhfeidhm an Achta um Rialtas Oscailte;

- b) an oibleagáid ar eagraíochtaí rialtais láir agus ar chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí riaracháin uathrialacha pleananna gníomhaíochta a chur isteach maidir le feabhas a chur ar inrochtaineacht dhigiteach córas faisnéise eagraíochtaí poiblí chun trédhearcacht a bhaint amach; agus
- c) comhlachtaí riaracháin a nascadh le bonneagar digiteach arna chothabháil ag an Aireacht Ghnóthaí Baile agus Chaidrimh Ríochta lena dtugtar rochtain phoiblí ar 330 000 doiciméad ar a laghad.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht C2.3 I1: Teicneolaíocht faisnéise cheannródaíoch (GrIT)

Is cuid de chlár mórsála chun bonneagar teicneolaíochta faisnéise (TF) na hAireachta Cosanta a athnuachan í an infheistíocht seo. Is é is aidhm don infheistíocht bonneagar TF nua a chur ar bun lena chur ar a cumas don Aireacht Cosanta córais iontaofa, shlána, sholúbtha a bheidh slán i bhfad na haimsire a úsáid. Tá 42 thionscadal sa chlár uileghabhálach, as a ndéanfar 14 thionscadal (lena n-áirítear slándáil faisnéise, ionaid glaonna agus deasca faisnéise, agus cumarsáid shlán le tríú páirtithe) nach mbaineann go díreach le hoibríochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu a chur chun feidhme mar chuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) gníomhaíochtaí maidir leis an gcibearshlándáil a fhorbairt, lena n-áirítear (i) Ionad Oibríochtaí Slándála a bhunú, (ii) córas sainaitheantais agus bainistithe rochtana a thabhairt isteach le haghaidh comhar le tríú páirtithe, (iii) réiteach a chur chun feidhme maidir le faisnéis íseal-rúnaicmithe agus ard-rúnaicmithe atá deimhnithe agus fíoraithe a mhalartú; agus (iv) réiteach a chur chun feidhme maidir le rialú rochtana digítí ar ionaid sonraí;
- b) é a chur ar a gcumas do 500 ball foirne sibhialtach ar a laghad de chuid na hAireachta Cosanta oibriú go sábháilte ó chian trí líonra slán a sholáthraíonn modhanna cumarsáide (mar shampla guth, físeán agus comhrá), trí ionaid oibre fhíorúla aghaidh ar aghaidh a thógáil, trí spásanna comhoibrítheacha aonfhoirmeacha a chruthú; agus
- c) trealamh líonra a nuachóiriú i suíomhanna fisiciúla, bandaleithead a mhéadú chun cáilíocht líonra leormhaith a chinntiú do na feidhmchláir a úsáideann foireann shibhialtach na hAireachta Cosanta agus feidhmchláir cúil a aistriú chuig bonneagar ionaid sonraí agus ardáin óstála nua.
- d) feabhas breise a chur ar shábháilteacht na cianoibre do ar a laghad 500 ball foirne sibhialtach de chuid na hAireachta Cosanta trí ionad teagmhála athnuaite a bhunú agus rochtain a fháil ar fheidhmchláir bhunúsacha.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Márta 2026.

#### Infheistíocht C2.3 I2: Digiteáil an tslabhra ceartais choiriúil

Tá sé d'aidhm ag an infheistíocht seo feabhas a chur ar éifeachtúlacht an tslabhra ceartais choiriúil trí mhodhanna digiteacha a chur in ionad páipéarachas sna próisis atá ann cheana agus trí rochtain bhuan ar fhaisnéis ábhartha a áirithiú.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) tairseach a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas do shaoránaigh gníomhartha a dhéanamh in imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear tuarascálacha a chomhdú; agus
- b) feabhas a chur ar na córais teicneolaíochta faisnéise (TF) atá ann cheana sa slabhra ceartais choiriúil chun gur féidir le páirtithe leasmhara (i.e. na póilíní, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí agus na breithiúna) cásanna coiriúla sa chatagóir 'Coireacht a Dhéantar go Minic' a láimhseáil go digiteach; agus rochtain a thabhairt do pháirtithe

leasmhara ar ábhar fise agus fuaimne a bhaineann le cásanna sa chatagóir “Coireacht a Dhéantar go Minic”.

Áiritheofar comhairliúchán agus rannpháirtíocht leordhóthanach an bhrainse bhreithiúnaigh chun an beart seo a dhearadh agus a chur chun feidhme.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

**B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha**

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioic agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
35	C2.1 I1-1 Quantum Delta NL	Garsprioic	Bunú Quantum Delta NL	Tacaíocht a bheith deonaithe do Quantum Delta NL agus an plean gníomhaíochta a bheith foilsithe				R4	2021	Deonófar tacaíocht do Quantum Delta NL faoin gCiste Fáis Náisiúnta chun ríomhaireacht agus líonrú candamach a spreagadh, agus chun tacú le taighde agus forbairt scileanna sa réimse candamach. Foilseoidh Quantum Delta NL plean gníomhaíochta mionsonraithe, plean a fhorbrófar ina chéimeanna.  Áiríteofar comhlíonadh na Treorach Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an geomhshaol.
36	C2.1 I1-2 Quantum Delta NL	Garsprioic	Quantum Delta NL	Céimeanna 1 agus 2 den phlean gníomhaíochta a bheith tugtha chun críche				R2	2026	Beidh an chéad dá chéim dá phlean curtha i gcrích ina n-iomláine ag Quantum Delta NL, mar a cuireadh faoi bhráid an Chiste Fáis Náisiúnta iad. Áireofar sna céimeanna sin, ar a laghad, saoráid réamhshíolta a bhunú do ghnólachtaí nuathionscanta, líonra T&F Quantum NL a fhorbairt, scoláireachtaí PhD a dheonú i réimse na teicneolaíochta candamaí agus infheistíochtaí i Seomra Íonghlan Nanolab.  Áiríteofar comhlíonadh na Treorach Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an geomhshaol.
37	C2.1 I2-1 AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí	Sprioc	Dámhachtain Deontas Comhaltachta		Líon	0	13	R1	2024	Dámhfar 13 dheontas comhaltachta chun iarrthóirí dochtúireachta agus taighdeoirí iardhochtúireachta a cheapadh i réimse na hintleachta saorga.
38	C2.1 I2-2	Sprioc	Saotharlanna taighde IS ELSA		Líon	0	4	R4	2025	Beidh ar a laghad ceithre shaotharlann taighde nua intleachta saorga ar Ghnéithe Eiticiúla, Dlí, agus

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí		a bheith oibríochtúil							Sochaíocha (ELSA) oibríochtúil chun modhanna a fhorbairt maidir le córais intleachta saorga atá iontaofa agus duinelárnach a chur in úsáid.
39	C2.1 I2-3  AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí	Sprio c	Tionscadail T&F a bheith bronnta		Líon	0	4	R4	2025	Dámhfar ceithre dheontas ar a laghad do thionscadail T&F chun feidhmchláir nuálacha intleachta saorga a fhorbairt.
40	C2.1 I2-4  AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí	Sprio c	Cur chun feidhme Pobail Foghlama Intleachta Saorga		Líon	0	6	R1	2026	Beidh sé Phobal Foghlama Intleachta Saorga ar a laghad oibríochtúil i bhfoirm comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí faoi AI Ned. Cuirfidh Pobal Foghlama Intleachta Saorga ar chumas na ngnólachtaí, na n-institiúidí oideachais agus na saotharlann nuálaíochta oibriú le chéile ar an gcaoi ar féidir réitigh IS a chur i bhfeidhm sa chleachtas.
41	C2.1 I3-1  Spreagadh an oideachais dhigitigh	Garsprio c	Ardán aonair cruthaithe agus oibríochtúil chun rochtain a fháil ar ábhair foghlama dhigiteacha agus réiteach céannachta dhigitigh le haghaidh daltaí in úsáid	Tá an t-ardán aonair réiteach oibríochtúil agus féiniúlacht dhigiteach do lucht léinn in úsáid				R4	2025	Cruthófar ardán aonair chun ábhar foghlama digiteach a aimsiú, a chomhroinnt agus a athúsáid sa ghairmoideachas meánscoile (MBO), sna hollscoileanna eolaíochtaí feidhmeacha (HBO) agus sna hollscoileanna taighde (WO). Beidh an t-ardán oibríochtúil, rud a chiallóidh:  a) go bhfuil an t-ardán le fáil ar líne; b) gur féidir le mic léinn agus foireann teagaisc ó na h-institiúidí oideachais cleamhnaithe logáil isteach agus rochtain a bheith acu ar ábhair foghlama dhigiteacha.  Beidh an réiteach maidir le céannacht dhigiteach do mhic léinn in úsáid ag mic léinn sa ghairmoideachas (MBO), sna hollscoileanna eolaíochtaí feidhmeacha (HBO) agus sna hollscoileanna taighde (OF). Le céannacht dhigiteach don lucht léinn, beidh na mic léinn in ann tabhairt faoi shainnaint agus údarú, agus beifear in ann faisnéis faoi mhic léinn a mhalartú idir institiúidí oideachais agus

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										faisnéis a stóráil.
42	C2.1 I3-2 Spreagadh an oideachais dhigitigh	Sprio c	Ionaid Teagaisc agus Foghlama a bheith oibríochtúil		Líon	0	20	R4	2025	Beidh 20 Ionad Teagaisc agus Foghlama (ITF) oibríochtúil sa ghairmoideachas meánscoile (MBO), sna hollscoileanna eolaíochtaí feidhmeacha (HBO) nó sna hollscoileanna taighde (WO).  Beidh ITF oibríochtúil, rud a chiallóidh go mbeidh suíomh fisiciúil ina bhfaighidh mic léinn, léachtóirí agus taighdeoirí tacaíocht maidir leis an ábhar foghlama digiteach curtha ar bun ag institiúid oideachais amháin nó níos mó.
43	C2.1 I4-1 Lóistíocht bonneagair dhigitigh	Sprio c	Bonneagar Sonraí Bunúsach forbartha		Céatadán	0	80	R4	2024	Forbrófar Bonneagar Sonraí Bunúsach a chomhlíonfaidh ar a laghad 80 % de na híoscheanglais maidir le hailtireacht tagartha arna sainiú ag an Aireacht Bonneagair agus Bainistíochta Uisce. Déanfar measúnú ar a gcomhlíonadh trí bhíthin iniúchóireacht sheachtrach.
44	C2.1 I4-2 Lóistíocht bonneagair dhigitigh	Sprio c	An ullmhacht dhigiteach méadaithe in earnáil na lóistíochta		Céatadán na hullmhachta digití	10	30	R4	2025	Déanfar pacáiste oibre maidir leis an ullmhacht dhigiteach a fhorbairt agus a fhorghníomhú chun ullmhacht dhigiteach earnáil lóistíochta na hÉilíre a mhéadú trí fheabhas a chur ar scileanna digiteacha san earnáil.  Bainfidh an pacáiste oibre ullmhacht dhigiteach 30 % amach, arna ríomh de réir modheolaíochta arna forbairt ag an gClár Lóistíochta Bonneagair Dhigitigh chun na críche sin. Bhunaigh Evofenedex an leibhéal bonnline d'ullmhacht dhigiteach 10 % in 2021.
45	C2.1 I4-3 Lóistíocht bonneagair dhigitigh	Sprio c	Saotharlanna beo curtha i gcrích		Líon	0	4	R2	2026	Beidh 4 Shaotharlann beo ar a laghad curtha i gcrích. Measfar saotharlanna beo a bheith curtha i gcrích nuair a bheidh a gcuid seirbhísí sonraí nasctha leis an mBonneagar Sonraí Bunúsach.
46	C2.2 I1-1 An Córas Eorpach um Bainistiú	Garsprio c	Staidéar pleanála ERTMS ar an gcuid den rian idir Kijfhoek agus teorainn na	Dearadh Tráchtá Iarnróid a bheith curtha i gcrích				R4	2022	Déanfar Dearadh Tráchtá Iarnróid a thabhairt chun críche mar chuid den staidéar pleanála ar an gcuid den rian iarnróid idir Kijfhoek agus teorainn na Beilge. Léireoidh an Dearadh Tráchtá Iarnróid go gcomhlíonann na coigeartuithe riachtanacha ar bhainistiú tráchtá is gá an

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Tráchta Iarnróid (ERTMS)		Beilge curtha i gcrích							reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid.
47	C2.2 I1-2 An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)	Garsprio c	Staidéar pleanála ERTMS don Ísiltír Thuaidh curtha i gcrích	Dearadh Córais Chomhtháite Fheidhmiúil agus Dearadh Tráchta Iarnróid a bheith curtha i gcrích				R1	2023	Déanfar Dearadh Córais Chomhtháite Fheidhmiúil agus Dearadh Tráchta Iarnróid a thabhairt chun críche mar chuid den staidéar pleanála ar na codanna den rian iarnróid san Ísiltír Thuaidh. Léireoidh an Dearadh Tráchta Iarnróid go gcomhlíonann na coigeartuithe riachtanacha ar bhainistiú tráchta an reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid agus gur dréachtaíodh an Dearadh Córais Chomhtháite Fheidhmiúil gaolmhar.
48	C2.2 I1-3 An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)	Sprio c	Líon na gcrann GSM-Iarnróid oibríochtúil le haghaidh ERTMS		Líon	0	130	R1	2024	Beidh 130 stáisiún bunáite trasghlacadóra (crainn GSM-Iarnróid) in ann oibriú faoi chóras ERTMS.
49	C2.2 I1-4 An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)	Garsprio c	Córais lóistíochta curtha in oiriúint do ERTMS	Seachadadh na gcóras oiriúnaithe ag an Roinn TF den ProRail d'úsáideoirí fheidhmchláir TF i ranna eile de chuid ProRail				R1	2024	Déanfar na córais Lóistíochta TF laistigh den bhainisteoir bonneagair ProRail a oiriúnú, lena n-áirítear feidhmchláir TF ábhartha a athscríobh nó a thabhairt cothrom le dáta, ionas gur féidir leo an fhaisnéis cheart maidir le sábháilteacht iarnróid agus idir-inoibritheachta (faisnéis ERTMS/CSS) a fháil agus a phróiseáil. Déanfaidh an fhoireann rialaithe tráchta na córais a chomhtháthú go teicniúil agus a thástáil.
50	C2.2 I1-5 An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)	Garsprio c	Córas Sábháilteachta Lárnach oibríochtúil	An Córas Sábháilteachta Lárnach a bheith oibríochtúil				R4	2024	Beidh an Córas Sábháilteachta Lárnach (CSS) oibríochtúil le haghaidh ERTMS do ProRail. Measfar é a bheith oibríochtúil nuair a chomhlíonfaidh sé na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 ón gCoimisiún agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún. Is é ProRail a dhearbhoídh an comhlíonadh sin.

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
51	C2.2 I2-1 Soghluasteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe	Sprioc	Gairis um rialú cliste tráchta		Líon	0	450	R4	2024	Beidh ar a laghad 450 gaireas um Rialú Cliste Tráchta ( <i>Intelligente Verkeersregelinstallaties</i> ) oibríochtúil, rud a chiallóidh go mbeidh siad 1) seachadta agus suiteáilte agus 2) nasctha leis an Ardán Rochtana Náisiúnta um Shonraí Uirbeacha.
52	C2.2 I2-2 Soghluasteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe	Sprioc	Seirbhísí Tosaíochta Sábháilteachta		Céatadán na gciliméadar a thiomáintear	7	12.5	R1	2025	Ar feadh 12,5 ciliméadar ar a laghad in aghaidh gach 100 km a thiomáintear san Ísiltír, beidh úsáideoirí bóithre in ann Seirbhísí Tosaíochta Sábháilteachta a fháil arna soláthar ag monaróirí gluaisteán nó ag gléasanna loingseoireachta.  Tagróidh sé sin don achar a thiomáineann úsáideoirí bóithre san Ísiltír agus na Seirbhísí Tosaíochta Sábháilteachta gníomhach fad agus atá siad ag tiomáint. Is é 7 % an luach sin in 2022.
53	C2.2 I2-3 Soghluasteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe	Sprioc	Bonneagar Digiteach don tSoghluasteacht atá Slán i bhFad na hAimsire (DITM)		EUR	0	30 000 000	R2	2026	Íocfaidh Gníomhaireacht Fiontraíochta na hÍsiltíre ( <i>Rijksdienst voor Ondernemend Nederland</i> ) EUR 30 000 000 i bhfóirdheontais nuálaíochta leis an gcuibhreannas cuideachtaí a roghnófar a rannchuideoidh le forbairt Bonneagair Dhigitigh don tSoghluasteacht atá Slán i bhFad na hAimsire (DITM), lena soláthrófar an bonn chun Córas Soghluasteachta Comhoibríoch, Nasctha agus Uathoibríche (CCAM) inscálaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
54	C2.2 I2-4 Soghluasteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe	Sprioc	Tacair sonraí ar fáil ar an bPointe Rochtana Náisiúnta um Shonraí Soghluasteachta		Líon	0	20	R2	2026	Forbrófar ardán an Phointe Rochtana Náisiúnta um Shonraí Soghluasteachta (NTM) agus foilseofar ar a laghad 20 tacair sonraí ar líne agus beidh siad inúsáidte trí ardán an Phointe Rochtana Náisiúnta um Shonraí Soghluasteachta.
55	C2.2 I3-1 Stáisiúin chliste cois bóthair (iWKS)	Sprioc	Líon na stáisiún cliste cois bóthair a suiteáladh		Líon	0	591	R4	2023	Suiteálfar ar a laghad 591 Stáisiún Chliste cois bóthair, i.e. a bheidh suite go fisiciúil agus a bheidh oibríochtúil.

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
56	C2.2 I3-2 Stáisiún chliste cois bóthair (iWKS)	Sprio c	Líon na stáisiún cliste cois bóthair sa bhreis a suiteáladh		Líon	591	1 106	R4	2024	Suiteálfar ar a laghad 1 106 Stáisiún Chliste Cois Bóthair, i.e. a bheidh suite go fisiciúil agus a bheidh oibríochtúil.
57	C2.2 I3-3 Stáisiún chliste cois bóthair (iWKS)	Sprio c	Líon deiridh na stáisiún cliste cois bóthair a suiteáladh		Líon	1 106	1 906	R4	2025	Suiteálfar ar a laghad 1 906 Stáisiún Chliste Cois Bóthair, i.e. a bheidh suite go fisiciúil agus a bheidh oibríochtúil.
58	C2.3 R1-1 Bainistiú faisnéise poiblí (an tAcht um Rialtas Oscailte)	Garsprio c	Teacht i bhfeidhm an Achta um Rialtas Oscailte	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R2	2022	Tiocfaidh an tAcht um Rialtas Oscailte i bhfeidhm. Leis an ngníomh, <i>inter alia</i> , leathnófar raon feidhme na gceanglas trédhearcachta chun an Pharlaimint, an Chomhairle um na Breithiúna, an Chomhairle Stáit, an Oifig Ghinearálta Iniúchóireachta agus an Ombudsman náisiúnta a chumhdach, áireofar air oibleagáid maidir le nochtadh gníomhach do na hinstiúidí a chumhdaítear faoi na ceanglais trédhearcachta sin, giorrófar an tréimhse próiseála le haghaidh iarrataí ar fhaisnéis agus bunófar bord comhairleach maidir le trédhearcacht. Áiríteofar leis an ngníomh go mbeidh sé éasca do shaoránaigh, don phreas, do na meáin agus d'Fheisirí den Pharlaimint agus dá bhfoireann rochtain dhigiteach a fháil ar fhaisnéis ón earnáil phoiblí. D'fhéadfadh an oibleagáid catagóirí sonracha faisnéise a nochtadh go gníomhach (Airteagal 3.3 den Acht um Rialtas Oscailte) teacht i bhfeidhm i gcéimeanna ag amanna a bheidh le cinneadh le Foraithe Ríoga.
59	C2.3 R1-2 Bainistiú faisnéise poiblí (an tAcht um Rialtas Oscailte)	Garsprio c	Foilsíú pleananna gníomhaíochta nuashonraithe maidir le feabhas a chur ar bhainistiú faisnéise	Plean gníomhaíochta cothrom le dáta a bheith foilsithe ag eagraíochtaí an rialtais láir				R4	2022	Foilseoidh eagraíochtaí an rialtais láir (12 Aireacht, a gcomhlachtaí agus a ngníomhaireachtaí riaracháin uathrialacha san áireamh) pleananna gníomhaíochta nuashonraithe chun ríomh-inrochtaineacht a gcóras faisnéise a fheabhsú.  Tabharfar aghaidh ar na 8 dtosaíocht seo a leanas i bpleananna gníomhaíochta nuashonraithe na nAireachtaí: 1. Córas rialachais ábhartha dá chuid féin a bhunú ar leibhéal na n-aireachtaí, na gcomhlachtaí agus na

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										<p>ngníomhaireachtaí riaracháin uathrialacha.</p> <p>2. An tomhas bonnline a dhéanamh ar chóras faisnéise na hAireachta.</p> <p>3. Feidhmeanna an Chreata Cáilíochta nó feidhmeanna córas IV comhchosúla a chur chun feidhme.</p> <p>4. Páipéir Pharlaiminteacha a chur chun feidhme ag Príomh-rannóga.</p> <p>5. Ceangal le Faisnéis Rialtais Oscailte an Ardáin (PLOOI) ag na comhpháirteanna náisiúnta.</p> <p>6. An lámhleabhar um chartlannú ríomhphoist de chuid an rialtais láir a chur chun feidhme.</p> <p>7. Cur chun feidhme seasamh beartais na bhfeidhmchlár teachtaireachtaí.</p> <p>8. Cartlannú gréasáin a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcreatchonradh ábhartha.</p>
60	C2.3 R1-3  Bainistiú faisnéise poiblí (an tAcht um Rialtas Oscailte)	Sprioc	Doiciméid ar fáil ar an Ardán um Fhaisnéis Rialtais Oscailte		Líon	0	330 000	R2	2026	Beidh 330 000 doiciméad ar a laghad a bhaineann le 4 cinn ar a laghad de na 17 gcatagóir faisnéise a liostaítear in Airteagal 3.3 den Acht um Rialtas Oscailte ar fáil ar an Ardán um Fhaisnéis Rialtais Oscailte mar thoradh ar chomhlachtaí riaracháin a nascadh le bonneagar digiteach arna chothabháil ag an Aireacht Gnóthaí Baile agus Caidrimh Ríochta.
61	C2.3 I1-1  Teicneolaíocht faisnéise cheannródaíoch (GRIT)	Garsprioc	Gníomhaíochtaí feabhsúcháin maidir le cibearshláid curtha chun feidhme	Gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an gcibearshláid a bheith curtha chun feidhme				R1	2024	<p>Cuirfidh an Aireacht Cosanta na gníomhaíochtaí cibearshláid seo a leanas chun feidhme:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Ionad Oibríochtaí Slándála a chruthú;</li> <li>- Córas aitheantais agus bainistithe rochtana a thabhairt isteach le haghaidh comhar le tríú páirtithe;</li> <li>- Réiteach a chur chun feidhme maidir le malartú faisnéise íseal-rúnaicmithe (LGI) agus malartú faisnéise ard-rúnaicmithe (HGI) atá deimhnithe agus fíoraithe; agus</li> <li>- Réiteach a chur chun feidhme maidir le rialú rochtana digití le haghaidh lárionaid sonraí.</li> </ul>
62	C2.3 I1-2  Teicneolaíocht faisnéise	Sprioc	Foireann sibhialtach na hAireachta Cosanta ag obair		Líon	0	500	R4	2024	Chun cianobair shábháilte a chumasú, beidh rochtain ag ar a laghad 500 ball foirne sibhialtach de chuid na hAireachta Cosanta ar líonra slán ina mbeidh na nithe seo

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	cheannródaíoch (GrIT)		go cianda trí líonra slán							a leanas: a) modhanna cumarsáide (guth, fiseán agus comhrá); b) áiteanna oibre fíorúla aghaidh ar aghaidh; agus c) spásanna comhoibritheacha aonfhoirmeacha.
63	C2.3 I1-3 Teicneolaíocht faisnéise cheannródaíoch (GrIT)	Garsprio c	Líonraí feabhsaithe agus an t-ascnamh chuig bonneagar nua TF curtha i gcrích	Feabhas a bheith curtha ar an líonra agus an t-ascnamh chuig bonneagar nua TF a bheith curtha i gcrích				R3	2025	Déanfar nuachóiriú ar threalamh líonra i suíomhanna fisiciúla agus méadófar an bandaleithead líonra chun cáilíocht leordhóthanach an líonra a áirithiú le haghaidh na bhfeidhmchlár a bheidh in úsáid ag foireann sibhialtach na hAireachta Cosanta. Déanfar feidhmchláir chúil a ascnamh chuig bonneagar nua lárionaid sonraí agus chuig ardáin nua óstála.
64	C2.3 I1-4 Teicneolaíocht faisnéise cheannródaíoch (GrIT)	Sprio c	Baill foirne sibhialtacha na hAireachta Cosanta a bhfuil rochtain acu ar shaoráidí breise sábháilte le linn cianoibre		Líon	0	500	R1	2026	Chun tuilleadh feabhas a chur ar shábháilteacht na cianoibre, beidh rochtain ag ar a laghad 500 ball foirne sibhialtacha na hAireachta Cosanta ar na nithe seo a leanas: a) ionad teagmhála athnuaithe, agus b) feidhmchláir bhunúsacha (cuir i láthair faoi phróiseáil, scarbhileoga, idirlíon gnó agus áiseanna priontála).
65	C2.3 I2-1 Digiteáil an tslabhra ceartais choiriúil	Garsprio c	Tairseach dhigiteach oibríochtúil le haghaidh cumarsáid fhoirmiúil in imeachtaí coiriúla	Tairseach dhigiteach a bheith oibríochtúil				R1	2023	Beidh tairseach dhigiteach oibríochtúil ann le haghaidh cumarsáid dhigiteach agus beidh sí inrochtana do shaoránaigh, agus cuirfear ar fáil inti na dálaí le haghaidh cumarsáid fhoirmiúil maidir le himeachtaí coiriúla le híospartaigh, le dlíodóirí agus le ciontóirí (lena n-áirítear tuarascálacha a chomhdú) a dhéanamh go digiteach seachas ar pháipéar.
66	C2.3 I2-2 Digiteáil an tslabhra ceartais choiriúil	Garsprio c	Próiseáil dhigiteach oibríochtúil le haghaidh cásanna coireachta minice	Próiseáil dhigiteach a bheith oibríochtúil le haghaidh cásanna coireachta minice				R4	2023	Beifear in ann gach cás coiriúil laistigh den chatagóir ‘Coireacht a Dhéantar go Minic’ ( <i>veel voorkomende criminaliteit, VVC</i> ) a phróiseáil go digiteach. Tionscnófar tuarascálacha póilíneachta ( <i>proces-verbaal</i> ) go digiteach agus cruthófar cinntí maidir le cásanna coiriúla agus próiseálfar iad go digiteach.  Beidh rochtain dhigiteach ag na póilíní, ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí agus ag na breithiúna ar fhianaise faoi chásanna coiriúla laistigh den chatagóir ‘Coireacht a Dhéantar go Minic’ (VVC) i bhfoirm ábhair físe agus

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										fuaim.

### **C. CUID 3: AN MARGADH TITHÍOCHTA A FHEABHSÚ AGUS RÉADMHAOIN A DHÉANAMH NÍOS TÍOSAÍ AR FHUINNEAMH**

Is é is aidhm don chuid seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre rannchuidiú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair mhargadh tithíochta na hÍsiltíre. Tá cúig athchóiriú agus trí infheistíocht sa phlean atá tiomnaithe do na rudaí seo a leanas: (i) deireadh a chur le gnéithe de chóras cánach na hÍsiltíre atá i bhfabhar cineálacha áirithe úinéireachta maoiné cónaithe thar mhaoin chónaithe eile, (ii) gníomhaíocht foirgníochta san Ísiltír a luathú agus a scaoileadh agus (iii) éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i réadmhaoin phríobháideach agus phoiblí trí fhóirdheontais athchóiriúcháin. Is é is aidhm do na bearta sa chuid seo neamhionannas ar an margadh tithíochta a laghdú trí dheireadh a chur le saobhadh cánach agus soláthar tithíochta (inacmhainne) a mhéadú ag an am céanna trí phleanáil a dhéanamh go lárnach ar sholáthar tithíochta nua, trí dheireadh a chur le scrogaill sa phróiseas pleanála foirgníochta agus trí infheistíochtaí poiblí a chur ar fáil chun tionscadail tógála chónaithe a scaoileadh. Tá sé mar aidhm aige freisin cíós sóisialta a dhéanamh níos spleáiche ar ioncam trí mhéaduithe cíosa níos airde a cheadú i gcás tionóntaí a bhfuil ioncam níos airde acu. Is é is aidhm do na hinfeistíochtaí sa dara fochuid den chuid, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear idirghabhálacha amhail teaschaidéil agus grianchoirí a shuiteáil agus insliú a fheabhsú i dteaghaisí.

Is é is aidhm don chuid rannchuidiú le Moltaí Tírshonracha a dhírítear chuig an Ísiltír, go háirithe chun claontacht fiachais do theaghlaigh agus an saobhadh sa mhargadh tithíochta a laghdú, lena n-áirítear trí thacú le forbairt na hearnála cíosa príobháidí, agus gníomhú chun an soláthar tithíochta a mhéadú (Moladh Tírshonrach 1 in 2019, Moladh Tírshonrach 1 in 2022) agus ‘an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí (...) éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, go háirithe i bhfoirgnimh’ (Moladh Tírshonrach 4 in 2022) agus ‘beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar (...) straitéisí éifeachtúlachta fuinnimh agus straitéisí um laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa (...)’ (Moladh Tírshonrach 3 in 2019).

Tá coinne leis nach ndéanfaidh aon bheart sa chuid seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

#### **C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíochta**

##### Athchóiriú C3.1 R1: Deireadh a chur le cóimheas luacha seilbhe glaine

Cuirfidh an t-athchóiriú seo deireadh leis an gcóimheas luacha seilbhe glaine (*leegwaardering*) i gcóras cánach na hÍsiltíre. Leis an gcánachas reatha ar shócmhainní atá faoi úinéireacht phríobháideach, glactar leis go ndéantar áibhéil ar luach fíor na réadmhaoine leis an luach measta ar eastát réadach nach bhfuil úinéir-áitithe. Dá bhrí sin, ceartaítear luach na maoiné a ligtear ar cíós leis an gcóimheas luacha seilbhe glaine, rud a thugann isteach, go sainráite, lascaine chánach d’úinéirí maoiné ‘ceannach le ligean ar cíós’. Is é is aidhm atá leis an gcóimheas a mhéadú an cánachas ar réadmhaoin ar cíós a ailíniú ar bhealach níos fearr leis an luach eacnamaíoch iarbhír a léiríonn sé d’úinéirí réadmhaoine, agus ar an gcaoi sin an saobhadh sa mhargadh tithíochta a laghdú.

I gcás réadmhaoine ar cíós a bhfuil cíós bliantúil acu níos mó ná 5 % de luach measta na réadmhaoine arna chinneadh ag an mbardas ábhartha (i.e. *Waardering Onroerende Zaken*

(WOZ)) agus i gcás réadmhaoine a ligtear ar cíós le páirtithe gaolmhara, méadófar an cóimheas go 100 %, rud a chuirfidh deireadh, go héifeachtach, leis an lascaine cánach. I gcás réadmhaoine cíosa a bhfuil cíós bliantúil acu ar 5 % den luach measta nó faoi bhun 25 % de, méadófar an cóimheas 25 pointe céatadáin ar a laghad i gcomparáid leis an gcóimheas is infheidhme in 2022. Ní bheidh feidhm ag an luach seilbhe glaine maidir le réadmhaoine chíosa a bhfuil conradh cíosa sealadach acu, rud a chuirfidh deireadh, go héifeachtach, leis an lascaine cánach sna cásanna sin.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2023.

#### Athchóiriú C3.1 R2: Deireadh a chur de réir a chéile leis an díolúine ó cháin ar bhronntanais i ndáil le ceannach tí a mhaoiniú

In dá chéim, cuirfidh an t-athchóiriú seo deireadh leis an díolúine ó cháin ar bhronntanais chun ceannach tí a mhaoiniú do dhaoine óga. In 2022, tá gach duine atá idir 18 agus 40 bliain d'aois i dteideal díolúine cánach aonuaire a fháil chun bronntanais suas le EUR 106 671 a fháil má úsáideann an duine aonair an méid deonaithe chun a chéad teach (úinéir-áitithe) a cheannach. Ón 1 Eanáir 2023 déanfar an díolúine chánach a laghdú 70 % ar a laghad i gcomparáid leis an díolúine in 2022. Cuirfear deireadh leis ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Is é is aidhm don athchóiriú an saobhadh agus an neamhionannas sa mhargadh tithíochta a laghdú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2024.

#### Athchóiriú C3.1 R3: Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú

Faoin athchóiriú sin, socróidh an rialtas náisiúnta líon na dteaghaisí nua atá le cur ar fáil (is iad sin teaghaisí nuathógtha nó áiteanna atá athraithe ó úsáidí eile, lena n-áirítear áiteanna tréigthe nó nach féidir cónaí iontu) i ngach cúige, áiteanna a úsáidfear chun líon na dteaghaisí nua a bheidh le cur ar fáil ar leibhéal an bhardais a shocrú.

Is éard a bheidh san athchóiriú:

- a) comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an rialtas náisiúnta agus na cúigí maidir le líon na dteaghaisí nua atá le cur ar fáil, ar teaghaisí iad a bhaineann go sonrach leis an gcúige, lena n-áirítear iad a athraítear ó bhonn, arb ionann é agus 900 000 teaghais nua san iomlán, atá le cur i gcrích agus le bheith oibríochtúil faoi 2030, a mbeidh 600 000 díobh inacmhainne (mar a shainmhínítear thíos);
- b) comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir cúigí agus bardais maidir le líon sonrach na dteaghaisí nua de réir bardais atá le cur ar fáil chun an uailmhian náisiúnta a leagtar amach faoi a) a chomhlíonadh;
- c) córas faireacháin a chur chun feidhme chun an dul chun cinn maidir le teaghaisí nua a chur ar fáil a rianú; agus
- d) teacht i bhfeidhm na reachtaíochta a chuireann ar chumas an rialtais náisiúnta idirghabháil a dhéanamh trí chaingean riaracháin nó trí chaingean dlí i gcás ina sárófar comhaontuithe cúigeacha nó réigiúnacha maidir le teaghaisí nua a chur ar fáil (i.e. na comhaontuithe a luaitear faoi a) agus b), faoi seach).

Chun críche an athchóirithe sin, déanfar tithíocht inacmhainne a shainmhíniú ar na bealaí seo a leanas: (a) tithíocht shóisialta ar cíós, (b) teaghaisí ar cíós suas le cíós uasta áirithe, socráithe ag EUR 1 000 in aghaidh na míosa in 2022, agus (c) teaghaisí úinéir-áitithe ag a bhfuil praghas níos ísle ná an t-uasphraghas ceannaigh tí a ráthaíonn an Ráthaíocht Morgáiste Náisiúnta (NHG) an morgáiste ina leith, sin nó praghas atá cothrom leis an t-uasphraghas sin. Féadfar an cíós uasta a luaitear faoi (b) a choigeartú i mblianta ina dhiaidh sin má bhíonn

údar leis sin de thoradh forbairtí beartais agus eacnamaíocha amhail forbairtí ar praghsanna nó ioncaim. Beidh údar cuí le haon choigeartú, go háirithe coigeartú a théann níos faide ná innéacsú le forbairtí ar phraghsanna agus ioncaim.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2024.

#### Athchóiriú C3.1 R4: Méadú a dhéanamh ar spleáchas ioncaim cíosanna

Méadóidh an t-athchóiriú seo an méid faoinar féidir cíosanna le haghaidh tionóntaí tithíochta sóisialta meánioncaim go hardioncaim a mhéadú in aghaidh na bliana. Is é EUR 50 an t-uasmhéadú nua ar an gcíos míosúil do thionóntaí meánioncaim agus EUR 100 do thionóntaí ardioncaim ón 1 Eanáir 2022. Tá sé d'aidhm ag an athchóiriú seo cíosanna a ailíniú ar bhealach níos fearr le hioncam tionónta agus a fhágáil go mbeifear in ann tithíocht inacmhainne a sholáthar ar bhealach níos spriocdhírithé do theaghlaigh ísealioncaim, agus ag an am céanna cuidiú le corparáidí tithíochta infheistíochtaí a mhéadú i maoin nua atá le ligean ar cíos.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 31 Márta 2022.

#### Athchóiriú C3.1 R5: Dlús a chur leis an bpróiseas foirgníochta cónaithe agus le nósanna imeachta i ndáil le foirgníocht chónaithe

Is é is aidhm don athchóiriú seo deireadh a chur le scrogaill sa nós imeachta pleanála agus ceadaithe i ndáil le próisis foirgníochta san Ísiltír. Mar chéad chéim, cuirfidh an aireacht ábhartha plean gníomhaíochta ar bun trí litir chuig an bParlaimint. Áireofar ar an bplean gníomhaíochta liosta gníomhaíochtaí chun dlús a chur le nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe maille le tráthchlár lena gcur chun feidhme. Mar dhara céim, cuirfear sraith shuntasach de na gníomhaíochtaí sainaitheanta i gcrích. Áireofar air sin ar a laghad i) gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an eolas atá ag bardais agus ag cuideachtaí foirgníochta faoi na nósanna imeachta pleanála, ii) foireann saineolaithe a bhunú a bheidh in ann cabhrú le bardais agus le corparáidí tithíochta dlús a chur le nósanna imeachta a bhfuil gá leo chun teaghaisí nua a chur ar fáil agus iii) foireann náisiúnta a bhunú a bheidh in ann cabhrú le bardais aghaidh a thabhairt ar scrogaill sna nósanna imeachta pleanála, iv) córas a sheoladh chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le dlús a chur leis na nósanna imeachta.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2024.

#### Athchóiriú C3.1 I1: Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh

Tá sé i gceist leis an infheistíocht seo na hacmhainní a chur ar fáil do bhardais chun na hinfeistíochtaí riachtanacha a dhéanamh sula bhféadfar tús a chur le foirgníocht chónaithe. Déanfar tús na dtionscadal foirgníochta cónaithe i gcomhthéacs na hinfeistíochta seo a shainmhíniú mar thús oibreacha ar dhúshraith na bhfoirgneamh ina bhfuil na teaghaisí.

Is éard a bheidh san infheistíocht tacaíocht airgeadais trí scéim fóirdheontais do bhardais, scéim a bheidh mar thoradh uirthi go gcuirfear tús le tógáil 100 000 teaghais ar a laghad.

Mar chuid den infheistíocht, foilseoidh an Aireacht Gnóthaí Baile agus Caidrimh Ríocht tuarascáil. Cuirfear fianaise cháilíochtúil ar fáil sa tuarascáil go bhfuil gníomhaíochtaí um oiriúnú don athrú aeráide a chomhlíonann na híoschaighdeáin arna leagan síos ag cúnaint ábhartha curtha chun feidhme i gcomhréir leis na hiarratais fhorhmeasta ar fhóirdheontais. Is éard a bheidh sna cúnaint comhaontuithe idir cúigí, bardais agus páirtithe leasmhara eile sa phróiseas foirgníochta cónaithe agus tráchtála, cúnaint ina ngeallann na páirtithe leasmhara

íoschaighdeáin a chomhlíonadh maidir le foirgníocht atá oiriúnaitheach don athrú aeráide ar thalamh príobháideach agus poiblí i dtaca le cosaint ar theas, ar thriomach agus ar thuilte báistiúla, abhann agus cósta agus i dtaca le bheith cuimsitheach i leith an dúlra.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht C3.2 I1: Scéim fóirdheontais i gcomhair inbhuanaitheacht réadmhaoine san earnáil phoiblí

Cuirfidh an infheistíocht sin fóirdheontais ar fáil d'úinéirí réadmhaoine poiblí, amhail foirgnimh riarachán áitiúil nó institiúidí oideachais agus sláinte, chun éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh a fheabhsú agus astaíochtaí CO<sub>2</sub> a laghdú mar thoradh air sin. Beidh laghdú bliantúil 110 cileathonna ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> mar thoradh air, mar a mheastar *ex ante*. Is é is cuspóir de na hidirghabhálacha laghdú 30 % ar a laghad a bhaint amach ar an meán ar astaíochtaí GCT díreacha agus indíreacha i gcomparáid leis na hastaíochtaí *ex-ante*.

Is éard a bheidh i gceist leis an infheistíocht a) teacht i bhfeidhm rialacháin lena mbunaítear an scéim fóirdheontais athchóiriúcháin agus b) tacaíocht airgeadais chun athchóirithe nó idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh a chur i gcrích faoin scéim fóirdheontais athchóiriúcháin.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Márta 2025.

#### Infheistíocht C3.2 I2: Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigiltis fuinnimh

Cuirfidh an infheistíocht sin fóirdheontais ar fáil d'úinéirí réadmhaoine chun idirghabhálacha coigilte fuinnimh a chur chun feidhme. Is éard a bheidh sna hidirghabhálacha incháilithe coirí gréine, naisc theirmeacha, insliú agus teaschaidéil. Maoineofar 225 000 ar a laghad de na hidirghabhálacha sin mar thoradh ar an bhfóirdheontas. Is é is cuspóir do na hidirghabhálacha laghdú 30 % ar a laghad a bhaint amach ar an éileamh fuinnimh phríomhúil ar an meán.

Tá coinne leis nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, déanfar iad a eisiamh<sup>8</sup>.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Márta 2026.

---

<sup>8</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht dá dtugtar tacaíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil baint amach na dtagarmharcanna sin indéanta. Tagarmharcanna arna mbunú i leith saorleithdháileadh le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, leagtar amach iad i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

**C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha**

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiú)	Garsprio c/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
67	C3.1 R1-1  An cóimheas luacha seilbhe glaine a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena méadaítear an cóimheas luacha seilbhe glaine	Foráil sa reachtaíocht lena bhforáiltear dá teacht i bhfeidhm				R1	2023	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena méadaítear an cóimheas luacha seilbhe glaine. Méadófar an cóimheas go 100 % i gcás réadmhaoine ar cíos a bhfuil cíos bliantúil acu níos mó ná 5 % de luach measta na réadmhaoine arna chinneadh ag an mbar das ábhartha (i.e. <i>Waardering Onroerende Zaken</i> (WOZ)) agus i gcás réadmhaoine a ligtear ar cíos le páirtithe gaolmhara. I gcás réadmhaoine cíosa a bhfuil cíos bliantúil acu ar 5 % den luach measta nó faoi bhun 5 % de, méadófar an cóimheas 25 phointe céatadáin ar a laghad i gcomparáid leis an gcóimheas is infheidhme in 2022. Ní bheidh feidhm ag an luach seilbhe glaine maidir le réadmhaoine chíosa a bhfuil conradh cíosa sealadach acu.
68	C3.1 R2-1  Deireadh a chur de réir a chéile leis an díolúine ó cháin ar bhronntanais a fhaightear chun ceannach tí a mhaoiniú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena ndéanfar an díolúine ó cháin ar bhronntanais a fhaightear chun ceannach tí a mhaoiniú, a chéimniú amach in dhá chéim	Foráil sa reachtaíocht lena bhforáiltear dá teacht i bhfeidhm				R1	2024	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena n-áireofar an dá chéim seo a leanas chun deireadh a chur de réir a chéile leis an díolúine ó cháin ar bhronntanais chun ceannach tí a mhaoiniú: (1) ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh, beidh laghdú 70 % ar a laghad ar an díolúine uasta ó cháin le haghaidh bronntanais a fhaightear chun ceannach tí a mhaoiniú i gcomparáid leis an díolúine uasta ó cháin in 2022 (2) cuirfear deireadh leis an díolúine ó cháin ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.
69	C3.1 R3-1  Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú	Garsprioc	Comhaontuithe idir an rialtas náisiúnta agus na cúigí maidir le 900 000 teaghais nua a chur ar fáil	Comhaontuithe a bheith sínithe idir an rialtas náisiúnta agus na cúigí				R4	2022	Síniú comhaontuithe idir an rialtas náisiúnta agus na cúigí maidir le líon na dteaghaisí nua atá le cur ar fáil faoi 2030, lena n-áirítear iad a athraítear ó bhonn. Leagfar amach sna comhaontuithe líon na dteaghaisí nua a bheidh le tógáil de réir an chúige agus líon na dteaghaisí nua sin a bheidh inacmhainne. Suim suas le 900 000 teaghais ar a

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										laghad a bheidh i suim líon na dteaghaisí nua sna cúigí, agus is teaghaisí inacmhainne a bheidh in 600 000 díobh ar a laghad.
70	C3.1 R3-2  Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú	Garsprio c	Comhaontuithe idir na cúigí agus na bardais maidir le 900 000 teaghais nua a chur ar fáil	Comhaontuithe a bheith sínithe idir na cúigí agus na bardais				R2	2023	Síniú comhaontuithe idir cúigí agus bardais maidir le líon sonrach na dteaghaisí nua atá le cur ar fáil de réir bardais, chun 900 000 teaghais nua a chur ar fáil go náisiúnta, lena n-áirítear iad a athraítear ó bhonn, faoi 2030, agus ba cheart teaghaisí inacmhainne a bheith i 600 000 acu ar a laghad. Áireofar na gnéithe seo a leanas ar a laghad sna comhaontuithe: (1) spriocanna maidir le líon sonrach na dteaghaisí atá le cur ar fáil de réir bardais, agus líon na dteaghaisí inacmhainne á léiriú ar leithligh, (2) foráil ina sonraítear na hacmhainní Stáit agus na hionstraimí atá le húsáid, agus (3) amlíne maidir le cur ar fáil na dteaghaisí nua.
71	C3.1 R3-3  Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú	Garsprio c	Córas faireacháin seolta chun comhaontuithe le bardais a chur chun feidhme	An córas faireacháin a bheith seolta				R3	2023	Cuirfear córas faireacháin i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i geur chun feidhme na gcomhaontuithe a shínítear idir na cúigí agus na bardais, i.e. chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le teaghaisí nua a chur ar fáil.
72	C3.1 R3-4  Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú	Garsprio c	Teacht i bhfeidhm an dlí lena leagtar síos na bearta breise a rinne an Stát chun comhaontuithe a fhorfheidhmiú maidir le foirgníocht teaghaisí nua	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2024	Teacht i bhfeidhm an dlí lena gceadaítear don rialtas náisiúnta idirghabháil a dhéanamh trí chaingean riaracháin nó trí chaingean dlí i gcás ina sáraítear oibleagáidí conarthacha faoi na comhaontuithe cúigeacha nó réigiúnacha maidir le teaghaisí nua a chur ar fáil.
73	C3.1 R4-1  Méadú a dhéanamh ar spleáchas	Garsprio c	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun uasmhéid an chíos in aghaidh na bliana a mhéadú do	Foráil sa reachtaíocht lena bhforáiltear dá teacht i bhfeidhm				R1	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena méadaítear an t-uasmhéadú bliantúil inghlactha féideartha ar chíos míosúil i dtithíocht shóisialta go EUR 50 i gcás tionóntaí meánioncaim agus EUR 100 i gcás tionóntaí ardioncaim, ag tosú ón 1 Eanáir 2022.

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Garsprio c/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	ioncaim cíosanna		thionóntaí meánioncaim agus ardioncaim a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta							Saineofar tionóntaí meánioncaim mar thionóntaí ag a bhfuil ioncam bliantúil idir EUR 47 948 agus EUR 56 527 (teaghlaigh aon bhall) nó idir EUR 55 486 agus EUR 75 369 (teaghlaigh ilbhall) (leibhéal praghsanna 2022). Saineofar tionóntaí ardioncaim mar thionóntaí a bhfuil ioncaim bhliantúla acu atá os cionn uasteorainn na gcorrlach sin.
74	C3.1 R5-1  Dlús a chur leis an bpróiseas foirgníochta cónaithe agus le nósanna imeachta i ndáil le foirgníocht chónaithe	Garsprioc	Litir chuig an bParlaimint foilsithe, maidir le scrogaill sa phróiseas pleanála chun réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaitheint	Foilsíú na litreach chuig an bParlaimint				R4	2022	Foilsíú litir chuig an bParlaimint ón Aireacht Gnóthaí Baile agus Caidrimh Ríochta ina sainaitheintear gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill a chuireann moill ar an bpróiseas pleanála, ar eisiúintí ceadanna agus ar nósanna imeachta dlíthiúla a bhaineann le tionscadail foirgníochta chónaithe, lena n-áirítear trí leasuithe reachtacha más gá; agus amchlár ina bhfuil céimeanna nithiúla chun na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme.
75	C3.1 R5-2  Dlús a chur leis an bpróiseas foirgníochta cónaithe agus le nósanna imeachta i ndáil le foirgníocht chónaithe	Garsprioc	Gníomhaíochtaí chun dlús a chur leis an bpróiseas pleanála le haghaidh tionscadail tithíochta	Sraith shubstaintiúil gníomhaíochtaí arna sainaitheint sa litir chuig an bParlaimint a bheith curtha chun feidhme				R1	2024	Déanfar sraith shubstaintiúil gníomhaíochtaí arna sainaitheint sa litir chuig an bParlaimint faoi garsprioc 75 a chur i gcrích chun dlús a chur leis an bpróiseas pleanála do thionscadail foirgníochta cónaithe. Áireofar air sin ar a laghad i) gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an eolas atá ag bardais agus ag cuideachtaí foirgníochta faoi na nósanna imeachta pleanála, ii) foireann saineolaithe a bhunú a bheidh in ann cabhrú le bardais agus le corparáidí tithíochta dlús a chur le nósanna imeachta a bhfuil gá leo chun teaghaisí nua a chur ar fáil agus iii) foireann náisiúnta a bhunú a bheidh in ann cabhrú le bardais aghaidh a thabhairt ar scrogaill sna nósanna imeachta pleanála, iv) córas a sheoladh chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le dlús a chur le nósanna imeachta.
76	C3.1 I1-1	Sprioc	Oibreacha foirgníochta (cuid		Líon	0	16 000	R4	2023	Nuair a bheidh tacaíocht airgeadais formheasta tríd an scéim fóirdheontais do bhardais, cuirfear tús le

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh		1)							tógáil 16 000 teaghais.
77	C3.1 II-2 Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh	Sprioc	Oibreacha foirgníochta (cuid 2)		Líon	16 000	42 000	R4	2024	Nuair a bheidh tacaíocht airgeadais formheasta tríd an scéim fóirdheontais do bhardais, cuirfear tús le tógáil 26 000 teaghais breise.
78	C3.1 II-3 Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh	Sprioc	Oibreacha foirgníochta (cuid 3)		Líon	42 000	71 000	R4	2025	Nuair a bheidh tacaíocht airgeadais formheasta tríd an scéim fóirdheontais do bhardais, cuirfear tús le tógáil 29 000 teaghais breise.
79	C3.1 II-4 Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh	Sprioc	Oibreacha foirgníochta (cuid 4)		Líon	71 000	100 000	R2	2026	Nuair a bheidh tacaíocht airgeadais formheasta tríd an scéim fóirdheontais do bhardais, cuirfear tús le tógáil 29 000 teaghais breise.
80	C3.1 II-5 Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh	Garsprio c	Gníomhaíochtaí um oiriúnú don athrú aeráide curtha chun feidhme	Tuarascáil a bheidh foilsithe maidir le gníomhaíochtaí um oiriúnú don athrú aeráide a cuireadh chun feidhme arna maoiniú faoin scéim fóirdheontais				R2	2026	Foilseoidh an Aireacht Gnóthaí Baile agus Caidrimh Ríochta tuarascáil. Cuirfear fianaise cháilíochtúil ar fáil sa tuarascáil go bhfuil gníomhaíochtaí um oiriúnú don athrú aeráide a chomhlíonann na híoschaighdeáin arna leagan síos ag cúnaint ábhartha curtha chun feidhme i gcomhréir leis na hiarratais fhortheasta ar fhóirdheontais. Is éard a bheidh sna cúnaint comhaontuithe idir cúigí, bardais agus páirtithe leasmhara eile sa phróiseas foirgníochta cónaithe agus tráchtála, cúnaint ina ngeallann na páirtithe leasmhara íoschaighdeáin a chomhlíonadh maidir le foirgníocht atá oiriúnaitheach don athrú aeráide ar thalamh príobháideach agus poiblí i dtaca le cosaint ar theas, ar thriomach agus ar thuilte báistiúla, abhann agus cósta agus i dtaca le bheith cuimsitheach i leith an dúlra.
81	C3.2 II-1 Scéim	Garsprio c	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena mbunaítear an	Foráil sa rialachán lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena mbunaítear an scéim fóirdheontais athchóiriúcháin. Leis an scéim fóirdheontais cuirfear fóirdheontais ar fáil d'úinéirí

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	fóirdheontais i gcomhair inbhuanaitheacht réadmhaoine san earnáil phoiblí		scéim fóirdheontais athchóiriúcháin							réadmhaoine poiblí, amhail foirgnimh riarachán áitiúil nó institiúidí oideachais agus sláinte, chun éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh a fheabhsú.
82	C3.2 I1-2  Scéim fóirdheontais i gcomhair inbhuanaitheacht réadmhaoine san earnáil phoiblí	Sprioc	Suim an laghdaithe bhliantúil ar astaíochtaí CO2 (in ktonna) ó gach idirghabháil formheasta athchóiriúcháin agus éifeachtúlachta fuinnimh arna bhfóirdheonú faoin scéim		Cileathonnaí de laghduithe ar astaíochtaí CO2 in aghaidh na bliana	0	110	R1	2025	Beidh laghdú iomlán suas le 110 cileathonna ar CO2 in aghaidh na bliana sna hathchóirithe formheasta agus sna feabhsuithe formheasta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh faoin scéim fóirdheontais. Is é is cuspóir de na hidirghabhálacha laghdú 30 % ar a laghad a bhaint amach ar an meán ar astaíochtaí GCT díreacha agus indíreacha i gcomparáid leis na hastaíochtaí <i>ex-ante</i> .
83	C3.2 I2-1  Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigiltis fuinnimh	Sprioc	Idirghabhálacha fuinnimh inbhuanaithe agus coigiltis fuinnimh fóirdheonaithe		Líon na n-idirghabhálacha fóirdheonaithe	0	225 000	R1	2026	Déanfar ar a laghad 225 000 idirghabháil a fhóirdheonú faoin bhfóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigiltis fuinnimh (coirí gréine, naisc theirmeacha, inslíú agus teaschaidéil). Is é is cuspóir do na hidirghabhálacha laghdú 30 % ar a laghad a bhaint amach ar an éileamh fuinnimh phríomhúil ar an meán.

#### **D. CUID 4: NEARTÚ A DHÉANAMH AR MHARGADH AN TSAOTHAIR, PINSIN AGUS OIDEACHAS ATÁ DÍRITHE AR AN TODHCHAÍ**

Tá sé de chuspóir ag an gcuid seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre, plean ina bhfuil ceithre athchóiriú agus sé infheistíocht, (i) an margadh saothair agus córas na bpinsean a ullmhú le haghaidh dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus (ii) dul i ngleic le caillteanais foghlama atá ann mar thoradh ar an bpaindéim agus nuálaíocht dhigiteach san oideachas á cur chun cinn ag an am céanna. Tá sé d'aidhm ag na bearta a áirítear sa chuid seo na difríochtaí idir fostaithe agus daoine féinhostaithe a laghdú agus dul i ngleic leis an bhféinhostaíocht bhréagach, maille le hinfeistiú in infhostaitheacht inbhuanaithe an lucht saothair trí dheiseanna uasoiliúna agus athoiliúna. Ina theannta sin, déanfar an dara colún de chóras na bpinsean a athchóiriú ionas go mbeidh sé oiriúnaithe ar bhealach níos fearr don mhargadh saothair atá ag athrú agus feabhas á chur ar chothroime idirghlúine, ar thrédhearcacht agus ar an athléimneacht i leith suaití san am céanna. I réimse an oideachais, tá bearta chun dul i ngleic leis an gcaillteanas oideachais a tharla mar gheall ar dhúnadh scoileanna le linn phaindéim COVID-19 beartaithe. Áirítear sa chuid freisin infheistíocht lena gcothófar nuálaíocht dhigiteach san oideachas.

Tá sé d'aidhm ag an gcuid rannchuidiú le Moltaí Tírshonracha a dhírítear chuig an Ísiltír, go háirithe chun a áirithiú go mbeidh an dara colún de chóras na bpinsean níos trédhearcaí, níos cothroime ó ghlúin go glúin agus níos athléimní i leith suaití (Moladh Tírshonrach 1 in 2019 agus Moladh Tírshonrach 1 in 2022), na dreasachtaí do dhaoine féinhostaithe nach bhfuil fostaithe acu a laghdú, agus cosaint shóisialta leordhóthanach á cur chun cinn ag an am céanna do dhaoine féinhostaithe agus dul i ngleic leis an bhféinhostaíocht bhréagach, chomh maith le maolú a dhéanamh ar thionchar ghéarchéim COVID-19 ar an bhfostaíocht (agus an tionchar sóisialta a bhí aige), agus scileanna a neartú, go háirithe scileanna daoine atá ar imeall an mhargaidh saothair agus daoine atá neamhghníomhach (Moladh Tír-Shonrach 2 in 2019, Moladh Tír-Shonrach 2 in 2020 agus Moladh Tír-Shonrach 3 in 2022).

Tá coinne leis nach ndéanfaidh aon bheart sa chuid seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

#### **D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíochta**

##### Athchóiriú C4.1 R1: Laghdú ar an asbhaint i gcás daoine féinhostaithe

Is é is aidhm don athchóiriú an difríocht sa chóir chánach a laghdú idir fostaithe agus daoine féinhostaithe. Déanfar an t-uasmhéid a fhéadfaidh daoine féinhostaithe a asbhaint óna gcánacha a laghdú i gcéimeanna de réir a chéile ó EUR 6 310 in 2022 go EUR 3 710 nó níos lú in 2026. Bainfidh an t-uasmhéid in-asbhainte a leibhéal struchtúrach de EUR 1 200 nó níos lú amach in 2030.

Beidh an t-athchóiriú curtha i gcrích faoin 31 Márta 2023.

##### Athchóiriú C4.1 R2: Árachas míchumais le haghaidh daoine féinhostaithe

Is é is aidhm don athchóiriú clúdach cosanta sóisialta na ndaoine féinhostaithe a mhéadú trí árachas míchumais éigeantach a thabhairt isteach. Is éard a bheidh san athchóiriú forbairt agus teacht i bhfeidhm an dlí lena mbunaítear árachas míchumais éigeantach. Rannchuideoidh an dlí le cothrom iomaíochta níos fearr idir daoine fostaithe agus daoine féinhostaithe. Saineofar sa dlí ar a laghad an grúpa daoine árachaithe agus na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin chun an

t-árachas a chur chun feidhme agus cinnfear leis conas a mhaoineofar an t-árachas. Féadfar foráil a dhéanamh leis an dlí d'idirthrímhse réasúnach chun an t-árachas a chur i bhfeidhm go héifeachtach. I litir ón Aire Gnóthaí Sóisialta agus Fostaíochta chuig an bParlaimint déanfar mionsonrú ar na gníomhaíochtaí atá déanta ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin ar tugadh sainordú dóibh chun an t-árachas míchumais éigeantach a chur chun feidhme agus tabharfar tuairisc inti ar na chéad chéimeanna eile chun oibríochtú iomlán an árachais a áirithiú i gcomhréir leis an dlí lena mbunaítear an t-árachas míchumais éigeantach le haghaidh daoine féinfhostaithe.

Beidh an t-athchóiriú curtha i gcrích faoin 31 Márta 2026.

#### Athchóiriú C4.1 R3: Athchóiriú ar an dara colún de chóras na bpinsean

Is é is aidhm don athchóiriú sin an dara colún de chóras pinsin na hÍsiltíre a athchóiriú, agus é mar chuspóir aige é a dhéanamh níos trédhearcaí, níos cothroime, níos athléimní i leith suaití agus níos oiriúnaí do mhargadh saothair atá ag athrú. Is é a bheidh san athchóiriú teacht i bhfeidhm an dlí lena ndéantar athchóiriú ar an dara colún de chóras na bpinsean. Leis an dlí, cuirfear deireadh leis an athdháileadh sistéamach idir aoisghrúpaí éagsúla (*doorsneesystematiek*), bunófar ráta ranníocaíochta pinsin neamhspleách ar aois le cearta pinsin fabhráithe arb ionann é agus an ranníocaíocht agus bunófar na rialacha maidir le conarthaí pinsin nua bunaithe ar fhabhrú pinsean ó thaobh caipitil de.

An dlí lena mbunaítear an córas pinsean nua, tiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023 agus beidh feidhm aige láithreach maidir le conarthaí pinsin a shíneofar tar éis theacht i bhfeidhm an dlí. Mar sin féin, féadfaidh feidhm a bheith ag idirthrímhse maidir le conarthaí pinsin atá ann cheana. Ní mhairfidh an idirthrímhse sin níos faide ná an 31 Nollaig 2026. Le linn na tréimhse sin, déanfar na bearta is gá chun conarthaí pinsin atá ann cheana a leasú agus chun sócmhainní pinsin faoi chonarthaí pinsin atá ann cheana a aistriú chuig an gcóras nua.

Beidh an t-athchóiriú curtha i gcrích faoin 31 Márta 2026.

#### Athchóiriú C4.1 R4: Dul i ngleic leis an bhféinfhostaíocht bhréagach

Is é is cuspóir don athchóiriú an fhéinfhostaíocht bhréagach a laghdú. Beidh na gnéithe seo a leanas san athchóiriú:

- a) Litir chuig an bparlaimint ina ndéantar cur síos ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun an fhéinfhostaíocht bhréagach a laghdú. Tabharfar miondealú sa phlean ar (i) na bearta atá le déanamh chun deireadh a chur leis an moratóir forfheidhmiúcháin ar an dlí lena ndéantar an measúnú ar chaidrimh fostaíochta a dhírrialú (*Wet deregulering beoordeling arbeidsrelaties*), (ii) na gníomhaíochtaí chun forfheidhmiú poiblí an dlí sin a threisiú agus chun méadú a dhéanamh ar chumas na ngníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin ábhartha, agus (iii) na gníomhaíochtaí coisctheacha i gcoinne na féinfhostaíochta bréagaí;
- b) foilsiú dlí lena modhnaítear an sainmhíniú ar chaidreamh fostaíochta. Is é aidhm fhoriomlán an dlí an sainmhíniú ar chaidreamh fostaíochta a shoiléiriú, agus débhrí ann a laghdú; agus
- c) deireadh a chur leis an moratóir forfheidhmiúcháin ar an dlí lena ndéantar an measúnú ar chaidrimh fostaíochta a dhírrialú (*Wet deregulering beoordeling arbeidsrelaties*).

Beidh an t-athchóiriú curtha i gcrích faoin 31 Márta 2025.

#### Infheistíocht C4.1 I1: *The Netherlands continues to learn* [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]

Is é is cuspóir don infheistíocht staid an mhargaidh saothair agus infhostaitheacht daoine aonair i margadh saothair na hÍsiltíre a neartú chun nach mbeidh siad dífhostaithe nó, má tá siad dífhostaithe, chun cuidiú leo filleadh ar an obair. Cuirfidh an infheistíocht tacaíocht airgeadais ar fáil do thrí scéim fóirdheontais shealadacha, agus beidh na gnéithe seo a leanas i ngach ceann díobh:

- a) comhairle maidir le forbairt ghairmiúil chun tacú le daoine a ngairmréimeanna a atreorú, arna soláthar ag comhairleoirí gairme deimhniithe;
- b) gníomhaíochtaí oiliúna agus foghlama saor in aisce a chuirtear ar fáil chun tacú le forbairt scileanna; agus
- c) tacaíocht do dhaoine aonair trí chonairí earnálacha saincheaptha laistigh d'earnáil shonrach. Beidh ceann amháin ar a laghad de na gnéithe seo a leanas sna conairí sin: (i) comhairle gairme (i.e. dírithe ar an bpost reatha, ar scileanna agus ar an gconair ghairme), (ii) gairmthreoir (i.e. dírithe ar athruithe gairme agus/nó scileanna agus poist nua), (iii) oiliúint scileanna, nó (iv) comhairle maidir le haitheantas d'inniúlachtaí atá faighte.

Déanfar meastóireacht neamhspleách ar thionchair shocheacnamaíocha na scéimeanna infheistíochta faoi *The Netherlands continues to learn* [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí] agus mar thoradh air sin, foilseofar tuarascáil mheastóireachta ar bheartais. Áireofar sa tuarascáil mheastóireachta faisnéis maidir leis na bealaí a bhféadfaí feabhas a chur ar phróisis bheartais atá mar bhonn le ceapadh agus cur chun feidhme na scéimeanna fóirdheontais. Sa tuarascáil mheastóireachta, tabharfar aird ar leith ar thionchar na scéimeanna fóirdheontais ar ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil leibhéal oideachais ar leibhéal gairmoideachais nó níos ísle. Thairis sin, áireofar sa tuarascáil faisnéis bheartais maidir le héifeacht shocheacnamaíoch agus fhadtéarmach na scéimeanna fóirdheontais. Foilseofar an tuarascáil mheastóireachta ar líne.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

#### Infheistíocht C4.1 I2: Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha (RMTanna)

Is é cuspóir foriomlán na hinfeistíochta Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha (RMTanna) a chruthú a mheastar a chuirfidh cosc ar dhífhostaíocht trí shoghluaisteacht láithreach nó go gcoinneoidh siad an tréimhse dífhostaíochta chomh gearr agus is féidir trí thacaíocht a thabhairt do dhaoine fostaithe nó do dhaoine dífhostaithe trí rochtain ar sheirbhísí a éascú, amháil tacaíocht le pleananna gairme a ullmhú, le hiarratais ar phost, oiliúint agallaimh agus oiliúint i scileanna. Leis an infheistíocht, cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil chun 35 Fhoireann Soghluaisteachta Réigiúnacha a chruthú.

Chun léargas a fháil ar úsáid na bhFoirne Soghluaisteachta Réigiúnacha, cuirfear deais ar fáil go poiblí ar a mbeidh faisnéis chainníochtúil faoi na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus na daoine aonair dá dtacaítear leo trí na Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha. Ina theannta sin, foilseofar ar líne meastóireacht arna déanamh ag gníomhaireacht taighde sheachtrach ar iarraidh ón Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Fostaíochta. Sa mheastóireacht díreofar ar na heilimintí i gcur chuige na bhFoirne Soghluaisteachta Réigiúnacha a fheidhmíonn, an fáth a bhfeidhmíonn na heilimintí sin agus na heilimintí a d'fhéadfaí feabhas a chur orthu a shaináithint.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2025.

#### Infheistíocht C4.2 I1: An tSaotharlann Oideachais Náisiúnta um an Intleacht Shaorga

Is é cuspóir foriomlán na hinfeistíochta seo feabhas a chur ar an oideachas trí réitigh inscálaithe intleachta saorga (IS) a phlé agus a mholadh don phróiseas foghlama sa bhunoideachas agus/nó sa mheánoideachas. Is é Bord Stiúrtha na Saotharlainne Oideachais Náisiúnta um an Intleacht Shaorga a roghnóidh na tionscadail.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) 20 tionscadal ar a laghad chun cáilíocht an bhunoideachais agus/nó an mheánoideachais a fheabhsú tríd an nuálaíocht dhigiteach, tionscadail a roghnóidh Bord Stiúrtha na Saotharlainne Oideachais Náisiúnta um an Intleacht Shaorga;
- b) as na tionscadail a roghnófar, rannchuideoidh cur i gcrích 10 dtionscadal ar a laghad le ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí seo a leanas: (i) oideachas saincheaptha a neartú; (ii) táirgí agus/nó seirbhísí oideachais a chur ar fáil a d'fhéadfadh cur le hinspreagadh daltaí; (iii) cur le heolas nó le hinniúlacht múinteoirí nó daltaí nó; (iv) méadú a dhéanamh ar an am atá ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le daltaí; agus
- c) is é an toradh a bheidh ar na tionscadail a roghnófar, dhá tháirge ar a laghad a chuirfidh réitigh nuálacha oideachais dhigitigh chun cinn a bhfuil Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí (TRL) 6 bainte amach acu (an chéim dheiridh de TRL roimh chéim an mhargaidh).

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht C4.2 I2: Tacaíocht do nuatheachtaithe chun cailleanais foghlama a chosc

Is é is aidhm don infheistíocht seo cosc a chur ar chailleanais foghlama do nuatheachtaithe de bharr phaindéim COVID-19, nuatheachtaithe arna sainmhíniú mar dhaltaí a mbaineann cúlra imirceach leo agus atá san Ísiltír le níos lú ná dhá bhliain, amhail na cailleanais a tharla mar thoradh ar dhúnadh scoileanna. Bunscoileanna agus meánscoileanna a chuireann cláir oideachais ar fáil do nuatheachtaithe, gheobhaidh siad maoiniú breise chun cur ar a gcumas tacaíocht bhreise a chur ar fáil do dhaltaí a mbaineann cúlra imirceach leo agus atá ina gcónaí san Ísiltír le níos lú ná dhá bhliain.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

#### Infheistíocht C4.2 I3: Tacaíocht do dhaltaí atá sa bhliain dheireanach ar an meánscoil

Is é is aidhm don infheistíocht seo tacaíocht bhreise a thabhairt do dhaltaí sa bhliain dheireanach ar an meánscoil chun cailleanais foghlama de bharr phaindéim COVID-19 a mhaolú, amhail na cailleanais a tharla mar thoradh ar dhúnadh scoileanna. Is éard a bheidh san infheistíocht ardán ar líne a sheoladh ag an Aireacht Oideachais, Cultúir agus Eolaíochta ar a mbeidh ábhair foghlama chun tacú le daltaí lena scrúdú deiridh ar an meánscoil agus cistiú breise do bhoird scoile sa mheánoideachas a chuirfidh ar a gcumas do scoileanna tacaíocht bhreise a thabhairt do dhaltaí sa bhliain dheireanach ar an meánscoil. Boird scoile scoileanna a bhfuil daltaí acu atá faoi mhíbhuntáiste, gheobhaidh siad tacaíocht bhreise airgeadais.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

#### Infheistíocht C4.2 I4: Ríomhairí glúine agus táibléid don oideachas ar líne agus don oideachas hibrideach chun cailleanais foghlama a chomhrac agus a mhaolú

Is é is aidhm don infheistíocht tacú le scoileanna, oideachas hibrideach agus oideachas ar líne a eagrú chun cailleanais foghlama de dheasca phaindéim COVID-19 a chomhrac agus a mhaolú, amhail cailleanais a tharla mar gheall ar dhúnadh scoileanna. Is éard a bheidh sna hinfeistíochtaí 75 000 gléas (ríomhairí glúine agus táibléid) a chur ar fáil do scoileanna a

roghnófar chun oideachas ar líne agus oideachas hibrídeach a éascú do dhaltaí sa bhunoideachas, sa mheánoideachas agus sa ghairmoideachais dara leibhéal.

Bhí cur chun feidhme na hinfheistíochta le bheith curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2021.

**D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha**

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
84	C4.1 R1-1  Laghdú ar asbhaint daoine féinfhostaithe	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena laghdaítear an asbhaint chánach le haghaidh daoine féinfhostaithe	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2023	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir leis an asbhaint chánach bhliantúil a laghdú le haghaidh daoine féinfhostaithe ó EUR 6 310 in 2022 go EUR 5 660 nó níos lú in 2023, EUR 5 010 nó níos lú in 2024, EUR 4 360 nó níos lú in 2025 agus EUR 3 710 nó níos lú in 2026. Laghdóidh an dlí an difríocht sa chóir chánach idir fostaithe agus daoine féinfhostaithe.
85	C4.1 R2-1  Árachas míchumais le haghaidh daoine féinfhostaithe	Garsprioc	Foilsíú an dlí lena mbunaítear árachas míchumais éigeantach le haghaidh daoine féinfhostaithe, in <i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i>	Foilsíú san <i>Iris Oifigiúil</i>				R1	2025	Foilsíú an dlí in <i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i> lena mbunaítear árachas míchumais éigeantach le haghaidh daoine féinfhostaithe. Rannchuideoidh an dlí le cothrom iomaíochta níos fearr idir daoine fostaithe agus daoine féinfhostaithe. Saineofar sa dlí an grúpa daoine árachaithe agus na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin chun an t-árachas a chur chun feidhme agus cinnfear leis conas a mhaoineofar an t-árachas. Féadfar foráil a dhéanamh leis an dlí d'idirthréimhse réasúnach chun an t-árachas a chur i bhfeidhm go héifeachtach.  Eiseoidh an Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Fostaíochta treoracha cur chun feidhme lena gceanglaítear ar na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin lena mbaineann ullmhú do thabhairt isteach árachais míchumais éigeantaigh do dhaoine féinfhostaithe agus beidh feidhm ag na treoracha sin ar fhoilsíú an dlí.
86	C4.1 R2-2  Árachas míchumais le haghaidh daoine	Garsprioc	Litir chuig an bParlaimint maidir le stádas chur chun feidhme an árachais mhíchumais	Litir chuig an bParlaimint				R1	2026	I litir ón Aire Gnóthaí Sóisialta agus Fostaíochta chuig an bParlaimint déanfar mionsonrú ar na gníomhaíochtaí atá déanta ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin ar tugadh sainordú dóibh chun an t-árachas míchumais éigeantach a chur chun

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnlin e	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	féinfhostaithe		éigeantaigh							feidhme agus tabharfar tuairisc inti ar na chéad chéimeanna eile chun oibríochtú iomlán an árachais a áirithiú i gcomhréir leis an dlí lena mbunaítear an t-árachas míchumais éigeantach le haghaidh daoine féinfhostaithe.
87	C4.1 R3-1  Athchóiriú ar an dara colún de chóras na bpinsean	Garsprio c	Teacht i bhfeidhm an dlí lena ndéantar athchóiriú ar an dara colún de chóras na bpinsean	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2023	Teacht i bhfeidhm an dlí lena ndéantar athchóiriú ar an dara colún de chóras na bpinsean. Leis an dlí, cuirfear deireadh leis an athdháileadh sistéamach idir aoisghrúpaí éagsúla ( <i>doorsneesystematiek</i> ), bunófar ráta ranníocaíochta pinsin neamhspleách ar aois le cearta pinsin fabhraithe a mheaitseálann an ranníocaíocht agus bunófar na rialacha maidir le conarthaí pinsin nua bunaithe ar fhabhrú pinsean ó thaobh caipitil de.  Beidh feidhm ag an dlí láithreach maidir le conarthaí pinsin a shíneofar tar éis theacht i bhfeidhm an dlí. Féadfar foráil a dhéanamh leis an dlí d'idirthréimhse réasúnach i gcás conarthaí pinsin atá ann cheana. Féadfar conarthaí pinsin a bhfuil ráta ranníocaíochta forchéimnitheach acu a dhíolmhú ón dlí nua.
88	C4.1 R3-2  Athchóiriú ar an dara colún de chóras na bpinsean	Garsprio c	Pleananna don aistriú chuig córas pinsin nua tugtha chun críche agus foilsithe	Pleananna um aistriú a bheith foilsithe ar shuíomhanna gréasáin na gcistí pinsean				R1	2025	Foilseoidh na cistí pinsean pleananna críochnaitheacha um aistriú ar a suíomhanna gréasáin le haghaidh conarthaí pinsin atá faoina mbainistíocht. Sonrófar sna pleananna sin an comhaontú idir ionadaithe fostóirí agus fostaithe (i.e. na comhpháirtithe sóisialta) maidir le téarmaí na gconarthaí pinsin nua agus maidir le haistriú sócmhainní pinsin chuig an gcóras pinsin nua.
89	C4.1 R3-3  Athchóiriú ar an dara colún de chóras na bpinsean	Garsprio c	Pleananna cur chun feidhme na gcistí pinsean tugtha chun críche agus foilsithe	Na pleananna cur chun feidhme a bheith faoi bhráid an Mhaoirseora agus iad a bheith foilsithe ar shuíomhanna gréasáin na gcistí pinsean				R1	2026	Déanfaidh cistí pinsean pleananna cur chun feidhme a tharraingt suas maidir leis na pleananna um aistriú a luaitear i ngarsprio c 88. Tabharfar tuairisc sna pleananna cur chun feidhme sin ar conas a dhéanfar na conarthaí pinsin nua a luaitear i ngarsprio c 88 a chur i gcrích agus conas a dhéanfar an t-aistriú chuig an gcóras pinsin nua a chur chun feidhme. Cuirfear na pleananna cur chun feidhme

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnlin e	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										faoi bhráid mhaoirseoir na gcistí pinsean agus foilseofar iad ar shuíomhanna gréasáin na gcistí pinsean.
90	C4.1 R4-1  Dul i ngleic leis an bhféinhostaíocht bhréagach	Garsprio c	Plean gníomhaíochta chun an fhéinhostaíocht bhréagach a laghdú arna chur faoi bhráid na Parlaiminte	Litir chuig an bParlaimint ina sonraítear an plean gníomhaíochta				R4	2022	Seolfáidh rialtas na hÍsiltíre litir chuig an bParlaimint ina sonrú na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun an fhéinhostaíocht bhréagach a laghdú. Tabharfar tuairisc sa litir ar (a) na bearta atá le déanamh chun deireadh a chur leis an moratóir forfheidmiúcháin ar an dlí lena ndéantar an measúnú ar chaidrimh fostaíochta a dhírialú, (b) na gníomhaíochtaí chun forfheidmiú poiblí an dlí sin a threisiú agus chun cumas na ngníomhaireachtaí forghníomhúcháin ábhartha a mhéadú, agus (c) gníomhaíochtaí coisitheacha i gcoinne féinhostaíocht bhréagach.
91	C4.1 R4-2  Dul i ngleic leis an bhféinhostaíocht bhréagach	Garsprio c	Foilsíú dlí san <i>Iris Oifigiúil</i> lena modhnaítear an sainmhíniú ar chaidreamh fostaíochta	An dlí a bheith foilsithe san <i>Iris Oifigiúil</i>				R1	2025	Foilsíú dlí san <i>Iris Oifigiúil</i> lena modhnaítear an sainmhíniú ar chaidreamh fostaíochta. Tiocfaidh an dlí i bhfeidhm agus beidh sé infheidhme go hiomlán faoin 1 Eanáir 2026 ar a dhéanaí.
92	C4.1 R4-3  Dul i ngleic leis an bhféinhostaíocht bhréagach	Garsprio c	Deireadh curtha leis an moratóir forfheidmiúcháin ar an dlí lena ndéantar an measúnú ar chaidrimh fostaíochta a dhírialú	Litir chuig an bParlaimint lena gcuirtear deireadh leis an moratóir forfheidmiúcháin				R1	2025	Cuirfear deireadh leis an moratóir forfheidmiúcháin ar an dlí lena ndéantar an measúnú ar chaidrimh fostaíochta a dhírialú ( <i>Wet deregulering beoordeling arbeidsrelaties</i> ).
93	C4.1 I1-1  <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i	Sprio c	Comhairle gairme chun tacú le daoine aonair		Líon na ndaoine aonair a bhfuil comhairle gairme á fáil acu	0	68 705	R3	2020	Gheobhaidh 68 705 duine comhairle maidir le forbairt ghairmiúil chun a ngairmréimeanna a atreorú agus is iad comhairleoirí gairme deimhnithe a chuirfidh an chomhairle sin ar fáil.

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garspríoc/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	gcónaí]									
94	C4.1 I1-2 <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]	Spríoc	Oiliúint i scileanna chun tacú le daoine aonair		Líon na ndaoine aonair a bhfuil oiliúint i scileanna á fáil acu	0	119 000	R4	2022	Beidh 119 000 duine aonair rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oiliúna agus foghlama saor in aisce chun tacú le forbairt scileanna.
95	C4.1 I1-3 <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]	Spríoc	Conairí earnálacha saincheaptha chun tacú leis an aistriú chuig an bhfostaíocht		Líon na gconairí saincheaptha a cruthaíodh	0	30	R2	2023	Cruthófar 30 conairí earnálacha shaincheaptha. Beidh ceann amháin ar a laghad de na gnéithe seo a leanas sna conairí sin: comhairle gairme (i.e. dírithe ar an bpost reatha, ar scileanna agus ar an gconair ghairme), gairmthreoir (i.e. dírithe ar athruithe gairme agus/nó scileanna agus poist nua), oiliúint scileanna agus comhairle maidir le haitheantas d'inniúlachtaí atá faighte.
96	C4.1 I1-4 <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]	Garspríoc	Meastóireacht neamhspleách ar thionchar shocheanamaíoch na scéimeanna fóirdheontais faoi <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]	Meastóireacht neamhspleách a bheith curtha i gcrích agus tuarascáil foilsithe				R4	2024	Déanfar meastóireacht neamhspleách ar thionchar shocheanamaíoch na scéimeanna fóirdheontais faoi <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]. Áireofar sa tuarascáil mheastóireachta faisnéis maidir leis na bealaí a bhféadfaí feabhas a chur ar phróisis bheartais atá mar bhonn le ceapadh agus cur chun feidhme na scéimeanna. Sa tuarascáil mheastóireachta, tabharfar aird ar leith ar thionchar na scéimeanna fóirdheontais ar ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil leibhéal oideachais ar leibhéal gairmoideachais nó níos ísle. Áireofar sa tuarascáil faisnéis bheartais maidir le héifeacht shocheanamaíoch agus fhadtéarmach na scéimeanna fóirdheontais. Foilseofar an tuarascáil mheastóireachta ar líne.
97	C4.1 I2-1 Foirne Soghluaiстеachta	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm na foraithe aireachta lena mbunaítear Foirne	Foráil san fhoraithe aireachta lena bhforáiltear dá teacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm na foraithe aireachta lena mbunaítear Foirne Soghluaiстеachta Réigiúnacha.

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Réigiúnacha (RMTanna)		Soghluaisteachta Réigiúnacha							
98	C4.1 I2-3  Foirme Soghluaisteachta Réigiúnacha (RMTanna)	Garsprioc	Foilsíú forléargais ina mbeidh faisnéis chainníochtúil faoi na seirbhísí a chuireann na Foirme Soghluaisteachta Réigiúnacha ar fáil	An forléargas a bheith foilsithe				R3	2022	Foilsíú deaise ar a mbeidh faisnéis chainníochtúil faoi líon na ndaoine dá dtacaítear leo trí na Foirme Soghluaisteachta Réigiúnacha agus faoi na seirbhísí a chuireann na Foirme Soghluaisteachta Réigiúnacha ar fáil.
99	C4.1 I2-4  Foirme Soghluaisteachta Réigiúnacha (RMTanna)	Garsprioc	Foilsíú na meastóireachta ar fheidhmiú na bhFoirme Soghluaisteachta Réigiúnacha	An mheastóireacht a bheith foilsithe				R4	2024	Foilseofar ar líne meastóireacht arna déanamh ag gníomhaireacht taighde sheachtrach ar iarraidh ón Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Fostaíochta maidir le feidhmiú na bhFoirme Soghluaisteachta Réigiúnacha. Sa mheastóireacht díreofar ar na heilimintí i gcur chuige na bhFoirme Soghluaisteachta Réigiúnacha a fheidhmiú, an fáth a bhfeidhmiú na heilimintí sin agus na heilimintí a d'fhéadfaí feabhas a chur orthu a shainiú.
100	C4.1 I2-2  Foirme Soghluaisteachta Réigiúnacha (RMTanna)	Sprioc	Daoine fostaithe nó dífhostaithe a bhfuil seirbhísí á bhfáil acu a chuirtear ar fáil trí na Foirme Soghluaisteachta Réigiúnacha		Líon na ndaoine fostaithe nó dífhostaithe a bhfuil seirbhísí á bhfáil acu a chuireann na Foirme Soghluaisteachta Réigiúnacha ar fáil	0	10 000	R3	2025	10 000 duine fostaithe nó dífhostaithe a bheith ag fáil seirbhísí trí na 35 Fhoireann Soghluaisteachta Réigiúnacha, amháil tacaíocht maidir le pleananna gairme a ullmhú, le hiarratas ar phost, le hoiliúint agallaimh, le hoiliúint i scileanna.
101	C4.2 I1-1  An tSaotharlann Oideachais Náisiúnta um an	Sprioc	Tionscadail a roghnaíodh chun réitigh nuálacha oideachais dhigitigh a chur chun cinn		Líon na dtionscadal	0	20	R2	2024	Roghnóidh Bord Stiúrtha an Bhoird Oideachais Náisiúnta um an Intleacht Shaorga 20 tionscadal ar a laghad chun feabhas a chur ar cháilíocht an bhunoideachais agus/nó an mheánoideachais tríd an

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Intleacht Shaorga									nuálaíocht dhigiteach.
102	C4.2 I1-2 An tSaotharlann Oideachais Náisiúnta um an Intleacht Shaorga	Sprioc	Tionscadail atá curtha i gcrích ar tionscadail iad a chuireann réitigh nuálacha oideachais dhigitigh chun cinn		Líon na dtionscadal	0	10	R4	2025	As na tionscadail roghnaithe, cuirfear 10 dtionscadal ar a laghad i gcrích agus is tionscadail iad sin a rannchuidigh le ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí seo a leanas: (i) oideachas saincheaptha a neartú; (ii) táirgí agus/nó seirbhísí oideachais a chur ar fáil a d'fhéadfadh cur le hinspreagadh daltaí; (iii) eolas nó inniúlacht múinteoirí nó daltaí a mhéadú; (iv) méadú a dhéanamh ar an am atá ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le daltaí.
103	C4.2 I1-3 An tSaotharlann Oideachais Náisiúnta um an Intleacht Shaorga	Sprioc	Dhá tháirge a bheith curtha ar fáil a bhfuil Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí (LRT) 6 acu		An líon táirgí	0	2	R4	2025	Is é an toradh a bheidh ar na tionscadail a roghnófar dhá tháirge ar a laghad a chuirfidh réitigh nuálacha oideachais dhigitigh chun cinn a bhfuil Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí (LRT) 6 bainte amach acu.
104	C4.2 I2-1 Tacaíocht do nuatheachtaithe chun cailteanais foghlama a chosc	Sprioc	Tacaíocht do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do nuatheachtaithe		Líon na mbunscoileanna a bhfuil maoiniú á fháil acu	0	2 198	R4	2023	Gheobhaidh ar a laghad 1 800 bunscoil agus 398 meánscoil cistiú lena gcuirfear ar a gcumas dóibh tacaíocht bhreise a chur ar fáil do nuatheachtaithe chun cailteanais foghlama de bharr phaindéim COVID-19 a sheachaint.
105	C4.2 I3-1 Tacaíocht do dhaltaí atá sa bhliain dheireanach ar an meánscoil	Garsprioc	Ardán ar líne a sheoladh chun tacú le daltaí sa bhliain dheireanach ar an meánscoil	Ardán ar líne a bheith seolta				R4	2021	Seolfaidh an Aireacht Oideachais, Cultúir agus Eolaíochta ardán ar líne chun tacú le daltaí lena scrúdú deiridh sa bhliain dheireanach sa mheánscoil. Beidh seimineáir ghréasáin, tascanna agus físeáin teagaisc maidir le hábhair scrúdaithe san ardán.
106	C4.2 I3-2 Tacaíocht do dhaltaí atá sa bhliain	Sprioc	Tacaíocht do bhoird scoile chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do dhaltaí sa bhliain		Líon na mbord scoile a bhfuil maoiniú á	0	300	R4	2022	Gheobhaidh ar a laghad 300 bord scoile maoiniú lena gcuirfear ar a gcumas tacú le daltaí sa bhliain dheireanach sa mheánscoil agus é mar aidhm acu cailteanais foghlama a mhaolú atá ann de bharr phaindéim COVID-19. Boird scoile scoileanna a

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garspiorc/Spiorc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspiorcanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spiorcanna)			Amlíne thásach maidir le cur i grích		Tuairisc ar gach garspiorc agus spiorc
					Aonad	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	dheireanach ar an meánscoil		dheireanach ar an meánscoil		fháil acu					bhfuil daltaí acu atá faoi mhíbhuntáiste, gheobhaidh siad tacaíocht bhreise airgeadais.
107	C4.2 I4-1  Ríomhairí glúine agus táibléid don oideachas ar líne agus don oideachas hibrideach chun caillteanais foghlama a chomhrac agus a mhaolú	Spiorc	Líon na ngléasanna digiteacha a cuireadh ar fáil		Líon na ngléasanna digiteacha	0	75 000	R4	2021	Cuirfear 75 000 gléas digiteach ar fáil do scoileanna chun tacú leis an oideachas ar líne agus leis an oideachas hibrideach do dhaltaí sa bhunoideachas, sa mheánoideachas agus sa mheánoideachas gairmiúil (MBO).

## **E. CUID 5: CÚRAM SLÁINTE POIBLÍ AGUS AN ULLMHACHT LE HAGHAIDH PAINDÉIME A NEARTÚ**

Tá an chuid seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre dírithe ar earnáil na sláinte poiblí agus ullmhacht chóras cúraim sláinte na hÍsiltíre a neartú i gcomhair paidéime. Áirítear uirthi ceithre infheistíocht chun an ganntanas acmhainní daonna in earnáil an chúraim sláinte a laghdú le linn géarchéim sláinte agus chun acmhainneacht an dianchúraim a mhéadú. Ina theannta sin, tá na bearta a chuimsítear sa chuid dírithe ar chianchúram sláinte a chumasú trí úsáid a bhaint as ríomhsheirbhísí agus chun malartuithe sonraí idir institiúidí sláinte a neartú.

Tá sé d'aidhm ag an gcuid rannchuidiú le Moltaí Tírshonracha a dhírítear chuig an Ísiltír, go háirithe na bearta uile is gá a dhéanamh chun athléimneacht an chórais cúraim sláinte a neartú, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le ganntanais oibrithe cúraim sláinte le linn géarchéim sláinte agus trí dhlús a chur le húsáid uirlisí r-shláinte ábhartha (Moladh Tírshonrach 1 in 2020).

Tá coinne leis nach ndéanfaidh aon bheart sa chuid seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

### **E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíochta**

#### **Infheistíocht C5.1 I1: Cumas acmhainní daonna a mhéadú go sealadach don chúram le linn géarchéimeanna**

Is é is cuspóir don infheistíocht sin cumas leordhóthanach acmhainní daonna a áirithiú le haghaidh cúraim le linn géarchéimeanna. Chun é sin a bhaint amach, tá sé d'aidhm ag an infheistíocht iar-fhoireann cúraim sláinte agus tacaíochta a mheaitseáil le hinstitiúidí cúraim sláinte. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an infheistíocht cúlchiste náisiúnta cúraim sláinte a chruthú d'iarghairmithe cúraim sláinte óna bhféadfaidh institiúidí cúraim sláinte baill foirne bhreise a earcú le linn géarchéimeanna.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) feachtais chumarsáide, oiliúint a chur ar iarghairmithe cúraim sláinte agus iad a mheaitseáil le heagraíochtaí cúraim sláinte atá i ngátar, rud a fhágfaidh go mbeidh 6 300 iarfoireann cúraim sláinte ag obair in institiúidí cúraim sláinte;
- b) 5 000 ball foirne tacaíochta a fhostú go sealadach chun uainíocht a dhéanamh ar ghairmithe cúraim sláinte agus cúraim mar fhreagairt ar an éileamh ollmhór ar chúram mar gheall ar phaindéim COVID-19; agus
- c) feachtais chumarsáide, oiliúint a chur ar iarghairmithe cúraim sláinte agus iad a mheaitseáil le heagraíochtaí cúraim sláinte, rud a fhágfaidh go mbeidh liosta ionadaithe de 2 500 iarghairmí cúraim sláinte a d'fhéadfadh institiúidí cúraim sláinte iad a earcú in am an ghátair, amhail le linn géarchéim sláinte amach anseo.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

#### **Infheistíocht C5.1 I2: Leathnú ar Dhianchúram**

Is é is cuspóir don infheistíocht seo cur le cumas na n-ospidéal aire a thabhairt d'othair, go háirithe othair a bhfuil COVID-19 orthu. Is é is aidhm don infheistíocht feabhas a chur ar acmhainní daonna agus ar an mbonneagar laistigh d'ospidéal chun go mbeidh siad in ann aire

a thabhairt d’othair a bhfuil COVID-19 orthu, le linn ghéarchéim COVID-19 agus ina dhiaidh sin. Féadfaidh ospidéal na saoráidí a chothabháil nó a bhaint (go háirithe athchóirithe ospidéal atá dírithe ar aonaid dianchúraim a leathnú) lenar méadaíodh acmhainn na n-aonad dianchúraim le linn phaindéim COVID-19 tar éis don scéim fóirdheontais dul in éag. Féadfaidh ospidéal an fhoireann oilte a chur ag obair go tráthrialta nó a earcú go buan, d’fhonn cuidiú le ganntanais lucht saothair a laghdú san earnáil sin.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) 54 ospidéal chun na saoráidí a oiriúnú chun líon na leapacha dianchúraim seasta agus solúbtha a mhéadú; agus
- b) Cuirfidh 67 n-ospidéal oiliúint agus oideachas ar fáil dá bhfoirne chun cumas na n-aonad dianchúraim agus na n-aonad cúraim chliniciúil a mhéadú.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

#### Infheistíocht C5.1 I3: SRAITH COVID-19

Is é is cuspóir don infheistíocht seo (R-shláinte a spreagadh sa bhaile – *Stimulering E-health Thuis, SET*) tacú le cúram do dhaoine atá ina gcónaí sa bhaile, go háirithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine a bhfuil leochaileachtaí sláinte acu. An cúram agus an tacaíocht bhreise a theastaíonn ón dá chatagóir sin de dhaoine leochaileacha, cuirfear ar fáil iad trí réitigh ríomhshláinte le linn phaindéim COVID-19.

Leis an infheistíocht, cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil trí dheontais d’úsáid feidhmchlár éagsúil ríomhshláinte (cúram sláinte ar líne trí nasc físe, diagnóis trí dháileoirí feidhmchlár agus cógas) ag soláthraithe cúraim sa chúram leighis ginearálta, san altranas ceantair, sa chúram sláinte meabhrach agus ag soláthraithe cúnaimh shóisialta.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

#### Infheistíocht C5.1 I4: Bonneagar Taighde Sláinte (HRI)

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo nuálaíocht a spreagadh in eolaíochtaí beatha agus in earnáil an chúraim sláinte trí shonraí a chaighdeánú agus a nascadh i measc chuibhreannas na mBonneagar Taighde Sláinte (Health RI). Tá sé d’aidhm ag an infheistíocht bonneagar comhtháite náisiúnta sonraí sláinte a fhorbairt, bacainní sóisialta agus eagraíochtúla a bhaint trí chomhaontú idir páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha, agus pointe lárnach a chruthú le haghaidh eisiúint sonraí.

Leis an infheistíocht cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- a) forbairt agus oibríochtú córais tacaíochta do thaighdeoirí ina mbeidh deasc seirbhíse ar an leibhéal réigiúnach agus deasc seirbhíse lárnach ar an leibhéal náisiúnta;
- b) treochlár a ghlacadh maidir le húsáid thánaisteach sonraí sláinte, lena sonrú na céimeanna atá le glacadh ag lárionaid leighis ollscoile chun a áirithiú gur féidir a gcuid sonraí sláinte a aimsiú, a rochtain, a mhalartú agus a athúsáid; agus
- c) an chéad leagan den tairseach sonraí a chur i ngníomh chun sonraí taighde a aimsiú agus a rochtain.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

**E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha**

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
108	C5.1 I1-1 Cumas acmhainní daonna a mhéadú go sealadach don chúram le linn géarchéimeanna	Sprioc	Líon na n-oibríthe breise in earnáil an chúraim		Líon na n-iarfhoir ne chúraim	0	6 300	R3	2021	Trí fheachtais chumarsáide, oiliúint a chur ar iarghairmithe cúraim sláinte agus iad a mheaitseáil le heagraíochtaí cúraim sláinte atá i ngátar, oibreoidh 6 300 iarfhoireann cúraim sláinte ar a laghad in institiúidí cúraim sláinte.
109	C5.1 I1-2 Cumas acmhainní daonna a mhéadú go sealadach don chúram le linn géarchéimeanna	Sprioc	Líon na mball foirne tacaíochta arna bhfostú in Coronajobs		Líon na mball foirne tacaíochta	0	5 000	R4	2022	Fostaíodh 5 000 ball foirne tacaíochta ar a laghad in Coronajobs. Tuigfear gur fostaíocht shealadach í Coronajobs chun uainíocht a dhéanamh ar ghairmithe cúraim in eagraíochtaí cúraim sláinte mar fhreagairt ar an éileamh ollmhór ar chúram mar gheall ar phaindéim COVID-19.
110	C5.1 I1-3 Cumas acmhainní daonna a mhéadú go sealadach don chúram le linn géarchéimeanna	Sprioc	Díorma Cúltaca Náisiúnta Cúraim Sláinte cruthaithe		Líon na n-iarghair mithe cúraim sláinte cúltaca	0	2 500	R4	2024	Trí fheachtais chumarsáide agus trí oiliúint agus meaitseáil iarghairmithe cúraim sláinte d'eagraíochtaí cúraim sláinte, cruthófar liosta ionadaithe de 2 500 iarghairmí cúraim sláinte ar a laghad, as a bhféadfaidh institiúidí cúraim sláinte cabhair shealadach a earcú in am an ghátair, amháil le linn géarchéime sláinte amach anseo.
111	C5.1 I2-1 Leathnú ar Dhianchúram	Sprioc	Líon na n-ospidéal a bhfuil oiriúnuithe déanta acu ar shaoráidí le haghaidh leapacha seasta agus leapacha solúbtha		Líon na n-ospidéal	0	54	R4	2023	Déanfaidh 54 ospidéal ar a laghad a saoráidí a oiriúnú chun líon na leapacha dianchúraim seasta solúbtha a mhéadú.

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c/Sprio c	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprio canna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio c agus sprio c
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			atá ann cheana							
112	C5.1 I2-2 Leathnú ar Dhianchúram	Sprio c	Oiliúint a chur ar fhoirme ospidéal		Líon na n-ospidéal	0	67	R4	2023	Déanfaidh 67 n-ospidéal ar a laghad oiliúint agus oideachas a chur ar a bhfoireann chun cumas na n-aonad dianchúraim agus na n-aonad cúraim chliniciúil a mhéadú.
113	C5.1 I3-1 SRAITH COVID-19	Sprio c	Líon na ndeontas a bronnadh		Líon	0	1 000	R4	2022	Bronnfar ar a laghad 1 000 deontas ar sholáthraithe cúraim chun feidhmchláir éagsúla r-shláinte (amhail cúram sláinte ar líne trí nasc fise, diagnóis trí fheidhmchlár agus dáileoirí cógas) a úsáid i gcúram leighis ginearálta, san altranas ceantair, sa chúram pobail, sa chúram meabhairshláinte agus sa chúnamh sóisialta.
114	C5.1 I4-1 Bonneagar Taighde Sláinte (HRI)	Garsprio c	Córas oibríochtúil tacaíochta do thaighdeoirí – Deasca seirbhíse	Deasca seirbhíse réigiúnacha agus náisiúnta a bheith oibríochtúil				R4	2022	Déanfar córas tacaíochta do thaighdeoirí ina mbeidh deasc seirbhíse ar an leibhéal réigiúnach agus deasc seirbhíse lárnaigh ar an leibhéal náisiúnta a fhorbairt agus chur i mbun oibríochta.
115	C5.1 I4-2 Bonneagar Taighde Sláinte (HRI)	Garsprio c	Treochlár maidir le Sonraí FAIR glactha (lena gcinntítear go bhfuil sonraí inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte)	Tá treochlár chun sonraí FAIR a chruthú glactha				R4	2023	Forbróidh cuibhreannas an Bhoneagair Taighde Sláinte treochlár maidir le húsáid thánaisteach inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte (FAIR) sonraí sláinte agus glacfaidh ionaid leighis ollscoile é. Sonrófar sa treochlár na céimeanna atá le glacadh ag UMCanna chun a áirithiú gur féidir a gcuid sonraí sláinte a aimsiú, a rochtain, a mhalartú agus a athúsáid.
116	C5.1 I4-3 Bonneagar Taighde Sláinte (HRI)	Garsprio c	Tairseach sonraí oibríochtúil	Tá tairseach sonraí oibríochtúil chun sonraí taighde a aimsiú agus a rochtain				R4	2023	An chéad leagan den tairseach sonraí chun sonraí sláinte a aimsiú agus a rochtain, beidh sé oibríochtúil, rud a chiallóidh go mbeidh na lárionaid leighis ollscoile (UMCanna) nasctha leis an mbonneagar sonraí náisiúnta.

## **F. CUID 6: DUL I NGLEIC LE PLEANÁIL IONSAITHEACH CÁNACH AGUS LE SCIÚRADH AIRGID**

Is é is cuspóir don chuid seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre dul i ngleic le planáil ionsaitheach cánach agus sciúradh airgid san Ísiltír ar bhealach níos éifeachtaí. Is éard atá sa chuid cúig athchóiriú lena dtugtar aghaidh ar phleanáil ionsaitheach chánach agus athchóiriú amháin lena dtugtar aghaidh ar sciúradh airgid.

Rannchuidíonn an chuid seo le dul i ngleic le seachaint cánach trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh: (i) cáin iarchoimeádta choinníollach a fhorchur ar leasanna, ríchíosanna agus díbhinní a íoctar le dlínsí cánach ísle agus i gcásanna arb ionann iad agus mí-úsáid chánach faoi rialacháin frith-mhí-úsáide na hÍsiltíre, (ii) dlí a thabhairt isteach maidir le neamhréireanna a chomhrac i gcur i bhfeidhm an phrionsabail ar neamhthuilleamaí, (iii) díolúine chánach a chosc trí theorainn shonrach asbhainte úis, (iv) socrúithe leachtaithe agus scoir a theorannú, agus (v) faoiseamh caillteanais a theorannú. Tá sé beartaithe ag an Ísiltír freisin faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le seachaint cánach a chomhrac.

Tugtar aghaidh ar na dúshláin maidir le sciúradh airgid le straitéis a bhfuil sé d'aidhm aici (i) acmhainneacht fhoireann an Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFA) a mhéadú faoi 20 coibhéis lánaimseartha agus (ii) teorainn ar íocaíochtaí airgid thirim a thabhairt isteach. Ar an gcaoi sin, tá sé d'aidhm ag an gcuid sin bacainní a ardú do choirpigh a dhéanann airgead a sciúradh agus an cumas chun imscrúdú agus chun ionchúiseamh a neartú.

Cuidíonn an chuid seo chun aghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha maidir le planáil ionsaitheach cánach (Moladh Tír-Shonrach 1 in 2019 agus 4 in 2020) agus maidir le sciúradh airgid (Moladh Tír-Shonrach 4 in 2020).

Tá coinne leis nach ndéanfaidh aon bheart sa chuid seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

### **F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíochta**

#### Athchóiriú C6.1 R1: Beartas cánach na hÍsiltíre

Tá sé de chuspóir ag an athchóiriú teorainn a chur le deiseanna le haghaidh planáil ionsaitheach cánach agus na cistí a aistrítear ón Ísiltír chuig dlínsí ísealchánach a laghdú. Is é is aidhm don cháin iarchoimeádta ar dhíbhinní, ús agus ríchíosanna a chur ar a cumas don Ísiltír cáin ar ghearradh ar na híocaíochtaí sin le tíortha nach ngearrann ach beagán cánach nó nach ngearrann cáin ar bith.

Is éard a bheidh san athchóiriú cáin iarchoimeádta a thabhairt isteach ar ús agus ríchíosanna agus ar dhíbhinní a íoctar le dlínsí ísealchánach agus i gcásanna a bhfuil mí-úsáid cánach i gceist leo faoi rialacháin frith-mhí-úsáide na hÍsiltíre. Áireofar ann freisin tuarascáil faireacháin ar éifeachtaí na mbeartas i gcoinne seachaint cánach faoin gcuid seo.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

#### Athchóiriú C6.1 R2: Dul i ngleic le neamhréireanna maidir le prionsabal an neamhthuilleamaí a chur i bhfeidhm

Is é is cuspóir don athchóiriú seo aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna a eascraíonn as prionsabal an neamhthuilleamaí a chur i bhfeidhm nó a léirmhíniú ar bhealach éagsúil sa

chánachas corparáideach. Go háirithe, i gcásanna idirnáisiúnta, d'fhéadfadh sé nach n-áireofaí cion de bhrabúis cuideachta ilnáisiúnta i gcáin a thobhítear ar bhrabús mar thoradh ar neamhréir den sórt sin. Is é is aidhm don athchóiriú praghsáil aistriú nó gnóthachain agus cailteanais sealúchais a neodrú chun neamhchánachas dúbailte a chosc agus chun córas cánachais na hÍsiltíre a dhéanamh níos trédhearcaí go hidirnáisiúnta.

Is é a bheith san athchóiriú teacht i bhfeidhm dlí a théann i ngleic le neamhréireanna maidir le prionsabal an neamhthuilleamaí a chur i bhfeidhm.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú C6.1 R3: Leasú ar an teorainn shonrach asbhainte úis chun díolúintí cánach ar úis dhiúltacha agus torthaí dearfacha airgeadra a chosc

Is é is cuspóir don athchóiriú nach mbeidh díolúintí cánach míchuí ann mar thoradh ar an teorainn asbhainte úis frith-mhí-úsáide ón Acht um Cháin Ioncaim Chorporáidigh.

Is é a bheith san athchóiriú leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorporáidigh a theacht i bhfeidhm, chun nach gcuirfear i bhfeidhm an teorainn shonrach asbhainte úis nuair is é a toradh a bhíonn uirthi díolúine ó chánacha ar úis dhiúltacha agus ar thorthaí dearfacha airgeadra.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú C6.1 R4: Teorainn a chur le hasbhaint cailteanas leachtaithe agus scoir

Is é cuspóir an athchóirithe teorainn a chur le hin-asbhainteacht cailteanas deiridh eintitis (cailteanais leachtachta) agus cailteanas críochnaitheach buanbhunaíochta (cailteanais scoir) sa cháin ioncaim chorporáideach.

Leasóidh an t-athchóiriú seo an tAcht um Cháin Ioncaim Chorporáidigh chun teorainn a chur le hin-asbhainteacht cailteanais leachtaithe agus scoir trí thrí choinníoll riachtanacha a thabhairt isteach maidir leis na cailteanais sin a bheith in-asbhainte ó cháin:

- a) coinníoll ama: ní bheidh cailteanais leachtaithe nó scoir in-asbhainte ach amháin má chuirtear an leachtú nó an scor i gcrích laistigh de thrí bliana tar éis na bliana féilire inar scoireadh de na hoibríochtaí gnó nó tar éis na bliana féilire inar glacadh an cinneadh ina leith;
- b) coinníoll chríche: ní chuirfear cailteanais leachtaithe nó scoir san áireamh le haghaidh asbhaint cánach ach amháin más san Ísiltír, san Aontas Eorpach, sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó i dtríú tíortha a bhfuil Comhaontú Comhlachais cáilitheach ag an Aontas Eorpach leo a bunaíodh an t-eintiteas nó an bhuanbhunaíocht díscailte; agus
- c) coinníoll chainníochtúil: ní fhéadfar cailteanais leachtaithe a asbhaint ach amháin má bhíonn tionchar cinntitheach ann (leas urlámhais), rud a chiallóidh go mbeidh sé de chumhacht ag an gcáiníocóir gníomhaíochtaí an eintitis leachtaithe a chinneadh.

Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha críochnaíochta agus cainníochtúla ach amháin maidir le cailteanais os cionn EUR 5 000 000.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú C6.1 R5: Teorainn le faoiseamh cailteanais

Is é is cuspóir don athchóiriú teorainn a chur leis an bhféidearthacht brabúis a fhritháireamh i gcoinne cailteanais ó bhlianta eile. Is é is aidhm don athchóiriú cosc a chur ar chuideachtaí ag a bhfuil gníomhaíochtaí brabúsacha san Ísiltír teacht timpeall ar íoc na cánach corparáide.

Leasóidh an t-athchóiriú seo an tAcht um Cháin Ioncaim Chorparáidigh, lena gcuirfear teorainn le hasbhaint caillteanas i gcáin ioncaim chorparáidigh. Ní bheidh faoiseamh caillteanais ar fáil ach i leith suas le 50 % den bhrabús inchánach os cionn EUR 1 000 000 in éineacht le tréimhse gan teorainn lena dtugtar ar aghaidh caillteanais (tréimhse suas le 6 bliana roimhe seo). Má bhíonn na brabúis inmheasúnaithe faoi bhun EUR 1 000 000 nó suas leis an méid sin, beidh na caillteanais go hiomlán in-asbhainte.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 31 Márta 2022.

#### Athchóiriú C6.1 R6: Beartas frithsciúrtha airgid

Is é is cuspóir don athchóiriú creat frithsciúrtha airgid na hÍsiltíre a neartú agus mí-úsáid chóras airgeadais na hÍsiltíre ag coirpigh a chomhrac.

Is éard a bheidh san athchóiriú:

- a) treisiú an Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFA), aonad atá freagrach as sciúradh airgid a chosc agus a bhrath, calaois a chomhrac agus maoiniú coireanna a rianú, trí 20 coibhéis lánaimseartha breise a earcú; agus
- b) teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar isteach teorainn ar íocaíochtaí in airgead tirim.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2025.

**F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíochta**

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
117	C6.1 R1-1 Beartas cánach na hÍsiltíre	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear cáin iarchoimeáda	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2024	Teacht i bhfeidhm dlí maidir le cáin iarchoimeáda lena gcumhdaítear an dá chéim seo a leanas: (1) ón 1 Eanáir 2021, cáin iarchoimeáda a thabhairt isteach ar ús agus ar ríchíosanna agus ar dhíbhinní a íoctar le dlínsí ísealchánach agus i gcásanna a bhfuil mí-úsáid cánach i gceist leo faoi rialacháin frith-mhí-úsáide na hÍsiltíre. (2) ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, cáin iarchoimeáda a thabhairt isteach ar ús agus ar ríchíosanna agus ar dhíbhinní a íoctar le dlínsí ísealchánach agus i gcásanna a bhfuil mí-úsáid cánach i gceist leo faoi rialacháin frith-mhí-úsáide na hÍsiltíre.
118	C6.1 R1-2 Beartas cánach na hÍsiltíre	Garsprioc	Litir ina ndéantar faireachán ar éifeachtaí na n-athruithe ar an mbeartas cánach a sheoladh chuig an bParlaimint	Litir faireacháin a bheith seolta ag an gcomh-aireacht chuig an bParlaimint				R4	2025	Seolfaidh an chomh-aireacht litir ina ndéantar faireachán ar éifeachtaí beartas i gcoinne seachaint cánach chuig an bParlaimint agus cuirfear ar fáil go poiblí í ar líne. Áireofar sa litir an faireachán luath ar shreafaí airgeadais (díbhinní, ús agus ríchíosanna) ón Ísiltír agus chuici a bheidh bunaithe ar shonraí neamhspleácha arna dtuairisciú ag Banc Ceannais na hÍsiltíre ( <i>De Nederlandsche Bank</i> ).
119	C6.1 R2-1 Dul i ngleic le neamhréireanna maidir le prionsabal an	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí a théann i ngleic le neamhréireanna maidir le prionsabal an	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2022	Teacht i bhfeidhm an dlí a théann i ngleic le neamhréireanna maidir le prionsabal an neamhthuilleamaí a chur i bhfeidhm. Leis an dlí, cuirfear deireadh le neamhréireanna a bhaineann le difríocht i bpraghsáil aistrithe nó le luacháil sócmhainní a fuarthas a mbíonn neamhchánachas

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	neamhthuilleam aí a chur i bhfeidhm		neamhthuilleamaí a chur i bhfeidhm							dúbailte mar thoradh orthu.
120	C6.1 R3-1  Leasú ar an teorainn shonrach asbhainte úis chun díolúintí cánach ar úis dhiúltacha agus torthaí dearfacha airgeadra a chosc	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorpáráidigh chun deireadh a chur le díolúintí cánach ar úis dhiúltacha agus ar thorthaí dearfacha airgeadra	Foráil sa dlí lena leasaítear an tAcht um Cháin Ioncaim Chorpáráidigh lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorpáráidigh (Airteagal 10ú) lena modhnófar an teorainn shonrach asbhainte úis san Acht um Cháin Ioncaim Chorpáráidigh ionas nach mbeidh díolúine mhíchúí ann ó chánacha a íoc ar ús diúltach agus ar thorthaí dearfacha airgeadra mar thoradh ar chur i bhfeidhm na rialach frith-mhí-úsáide seo.
121	C6.1 R4-1  Teorainn a chur le hasbhaintí cánach i ngeall ar chaillteanais leachtaithe agus scoir	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorpáráidigh chun teorainn a chur leis an díolúine ó chánacha i ngeall ar chaillteanais leachtaithe agus scoir	Foráil sa dlí lena leasaítear an tAcht um Cháin Ioncaim Chorpáráidigh lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorpáráidigh lena gcuirtear teorainn le hin-asbhainteacht caillteanais leachtaithe agus scoir. Leis na leasuithe, tabharfar isteach trí choinníoll a bhfuil gá leo chun caillteanais leachtaithe agus scoir a bheith in-asbhainte ó cháin:  a) Coinníoll ama: ní bheidh caillteanais leachtaithe agus scoir in-asbhainte ach amháin má chuirtear an leachtú nó an scor i gcrích laistigh de thrí bliana tar éis na bliana féilire inar scoireadh de na hoibríochtaí gnó nó tar éis na bliana féilire inar glacadh an cinneadh ina leith.  b) Coinníoll chríche: ní bheidh chuirfear caillteanais leachtaithe nó scoir in-asbhaint ó cháin ach amháin más san Ísiltír, san Aontas Eorpach, sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó i dtríú tír a bhfuil Comhaontú Comhlachais cáilitheach ag an Aontas

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										<p>Eorpach léi a bunaíodh an t-eintiteas nó an bhuanbhunaíocht.</p> <p>c) Coinníoll chainníochtúil: ní fhéadfar cailteanais leachtaithe a asbhaint ó cháin ach amháin má bhíonn tionchar cinntitheach ann (leas urlámhais), rud a chiallóidh go mbeidh sé de chumhacht ag an gcáiniocóir gníomhaíochtaí an eintitis leachtaithe a chinneadh.</p> <p>Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha críochacha agus cainníochtúla ach amháin nuair atá cailteanais os cionn EUR 5 000 000.</p>
122	C6.1 R5-1 Teorainn le faoiseamh cailteanais	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorporáideach chun faoiseamh cailteanais a theorannú	Foráil sa dlí lena leasaítear an tAcht um Cháin Ioncaim Chorporáideach lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2022	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorporáidigh chun faoiseamh cailteanais a laghdú sa chánachas corporáideach mar a leanas: ní bheidh faoiseamh cailteanais ar fáil ach i leith suas le 50 % den bhrabús inchánach os cionn EUR 1 000 000 in éineacht le tréimhse gan teorainn lena dtugtar ar aghaidh cailteanais (tréimhse suas le 6 bliana roimhe seo). I gcás brabúis inmheasúnaithe faoi bhun EUR 1 000 000 nó suas leis an méid sin, beidh na cailteanais go hiomlán in-asbhainte.
123	C6.2 R6-1 Beartas frithsciúrtha airgid	Sprioc	Méadú ar líon choibhéisí lánaimseartha an Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais		Líon	82	102	R4	2024	Méadófar foireann an Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFA) faoi 20 coibhéisí lánaimseartha, i gcomparáid le mí Eanáir 2022, agus is é an príomhchúram a bheidh orthu sciúradh airgid a bhrath, calaois a chomhrac agus maoiniú coireanna a rianú.
124	C6.2 R6-2 Beartas frithsciúrtha	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar isteach teorainn ar íocaíochtaí in	Foráil sa dlí lena bhforáiltear dá theacht i bhfeidhm				R1	2025	Teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar isteach teorainn ar íocaíochtaí in airgead tirim.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprio c / Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	airgid		airgead tirim							

## **G. INIÚCHÓIREACHT AGUS RIALÚ**

### **G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíochta**

Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach, beidh córas lárstórais i bhfeidhm agus oibríochtúil ina ndéanfar na sonraí ábhartha uile a bhaineann le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta a thairfeadh agus a stóráil sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh ar íocaíocht – agus cuimseofar ann ar a laghad baint amach garspriocanna agus spriocanna, sonraí maidir le faighteoirí deiridh, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla. Cuirfidh an Ísiltír isteach tuarascáil thiomnaithe iniúchóireachta roimh an gcéad iarraidh ar íocaíocht lena ndeimhnítear gurb ann d'fheidhmiúlachtaí an chórais lárstórais.

Ina theannta sin, sula gcuirfear an chéad iarraidh ar íocaíochtaí isteach, déanfar na sainorduithe agus na sannacháin dlíthiúla ábhartha do na húdaráis a bhfuil baint acu le comhordú, faireachán, rialú agus iniúchadh chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a ghlacadh i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

**G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha**

Uimhir	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			An t-am		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
125	C7-1 Iniúchadh agus Rialú, Cur Chun Feidhme agus Comhlántacht	Garsprioc	Córas lárstórais maidir le hiniúchadh agus Rialú: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF	Tuarascáil iniúchóireachta lena ndeimhnítear feidhmiúlachtaí chóras an stórais lárnaigh				R1	2023	Beidh córas lárstórais i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF agus beidh sé oibríochtúil. Ba cheart na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad a bheith sa chóras: (a) bailiú na sonraí agus an faireachán ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna; (b) na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22 (2) (d) (i) go (iii) de Rialachán (AE) 2021/241 (Rialachán RRF) a bhailiú, a stóráil agus rochtain orthu a áirithiú.
126	C7-2 Iniúchadh agus Rialú, Cur Chun Feidhme agus Comhlántacht	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na foraithe aireachta lena leasaítear reacht an chomhlachta iniúchóireachta ( <i>Auditdienst rijk</i> )	Foráil san fhóraithe aireachta lena léirítear a teacht i bhfeidhm				R4	2022	Áireofar san fhóraithe aireachta lena leasaítear reacht an chomhlachta iniúchóireachta ( <i>Auditdienst Rijk</i> ) an sainordú chun iniúchtaí córais agus tástáil shubstainteach a bhaineann le plean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a chur ar bun agus a dhéanamh.  Tabharfaidh an Aireacht Airgeadais an sannachán ábhartha do chomhlacht iniúchóireachta na hÍsiltíre ( <i>Auditdienst Rijk</i> ) chun iniúchtaí córais agus tástáil shubstainteach a bhaineann le plean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a chur ar bun agus a dhéanamh.
127	C7-3 Iniúchadh agus Rialú, Cur Chun Feidhme agus	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm foraithe aireachta lena leasaítear an cinneadh eagraíochtúil ( <i>organisatiebesluit</i> ) lena	Foráil san fhóraithe aireachta lena léirítear teacht i				R4	2022	Le teacht i bhfeidhm foraithe aireachta lena leasófar cinneadh eagraíochtúil na hAireachta Airgeadais ( <i>organisatiebesluit Ministry of Finance</i> ) tabharfar sainordú oifigiúil don Stiúrtóireacht Chláir don tsaoráid téarnaimh

	Comhlántacht		sainítear sainordú na stiúrthóireachta cláir don phlean téarnaimh agus athléimneachta	bhfeidhm							agus athléimneachta san Aireacht Airgeadais mar an comhlacht comhordúcháin chun plean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a chur chun feidhme.
--	--------------	--	---	----------	--	--	--	--	--	--	---

## 2. Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Is é EUR 4 708 293 000 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre.

### ROINN 2: TACAÍOCHT AIRGEADAIS

#### 1. Ranníocaíocht airgeadais

Déanfar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a eagrú mar a leanas:

1.1. An Chéad Tráthchuid (tacaíocht neamh-in-aisíochta):

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
3	C1.1 R2-1 An tobhach CO2 don tionsclaíocht a thabhairt isteach agus a ghéarú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar isteach an tobhach CO2 don tionsclaíocht
4	C1.1 R2-2 An tobhach CO2 don tionsclaíocht a thabhairt isteach agus a ghéarú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena ngéaraítear an tobhach CO2 don tionsclaíocht
5	C1.1 R3-1 Méadú ar an gCáin Aerthaistil (ATT)	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena méadaítear an cháin aerthaistil d'aerphaisinéirí a imíonn ó aerfort san Ísiltír
35	C2.1 I1-1 Quantum Delta NL	Garsprioc	Bunú Quantum Delta NL
46	C2.2 I1-1 An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)	Garsprioc	Staidéar pleanála ERTMS ar an gcuid den rian idir Kijfhoek agus teorainn na Beilge curtha i gcrích
58	C2.3 R1-1 Bainistiú faisnéise poiblí (an tAcht um Rialtas Oscailte)	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta um Rialtas Oscailte
59	C2.3 R1-2 Bainistiú faisnéise poiblí (an tAcht um Rialtas Oscailte)	Garsprioc	Foilsíú pleananna gníomhaíochta nuashonraithe maidir le feabhas a chur ar bhainistiú faisnéise
67	C3.1 R1-1 An cóimheas luacha seilbhe glaine a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena méadaítear an cóimheas luacha seilbhe glaine
69	C3.1 R3-1 Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú	Garsprioc	Comhaontuithe idir an rialtas náisiúnta agus na cúigí maidir le 900 000 teaghais nua a chur ar fáil
73	C3.1 R4-1 Méadú a dhéanamh ar spleáchas ioncaim cíosanna	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun uasmhéid an chíos in aghaidh na bliana a mhéadú do thionóntaí meánioncaim agus ardioncaim a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta
74	C3.1 R5-1	Garsprioc	Litir chuig an bParlaimint

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
	Dlús a chur leis an bpróiseas foirgníochta cónaithe agus le nósanna imeachta i ndáil le foirgníocht chónaithe		foilsithe, maidir le scrogaill sa phróiseas pleanála chun réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaitint
81	C3.2 I1-1 Scéim fóirdheontais i gcomhair inbhuanaitheacht réadmhaoine san earnáil phoiblí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena mbunaítear an scéim fóirdheontais athchóiriúcháin
84	C4.1 R1-1 Laghdú a dhéanamh ar asbhaint daoine féinfhostaithe	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena laghdaítear an asbhaint chánach le haghaidh daoine féinfhostaithe
87	C4.1 R3-1 Athchóiriú ar an dara colún de chóras na bpinsean	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena ndéantar athchóiriú ar an dara colún de chóras na bpinsean
90	C4.1 R4-1 Dul i ngleic leis an bhféinfhostaíocht bhréagach	Garsprioc	Plean gníomhaíochta chun an fhéinfhostaíocht bhréagach a laghdú arna chur faoi bhráid na Parlaiminte
93	C4.1 I1-1 <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]	Sprioc	Comhairle gairme chun tacú le daoine aonair
94	C4.1 I1-2 <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]	Sprioc	Oiliúint i scileanna chun tacú le daoine aonair
97	C4.1 I2-1 Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha (RMTanna)	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na foraithe aireachta lena mbunaítear Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha
98	C4.1 I2-3 Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha (RMTanna)	Garsprioc	Foilsíú forléargais ina mbeidh faisnéis chainníochtúil faoi na seirbhísí a chuireann na Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha ar fáil
105	C4.2 I3-1 Tacaíocht do dhaltáí atá sa bhliain dheireanach ar an meánscoil	Garsprioc	Ardán ar líne a sheoladh chun tacú le daltaí sa bhliain dheireanach ar an meánscoil
106	C4.2 I3-2 Tacaíocht do dhaltáí atá sa bhliain dheireanach ar an meánscoil	Sprioc	Tacaíocht do bhoird scoile chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do dhaltáí sa bhliain dheireanach ar an meánscoil
107	C4.2 I4-1 Ríomhairí glúine agus táibléid don oideachas ar líne agus don oideachas hibrideach chun cailteanais foghlama a chomhrac agus a mhaolú	Sprioc	Líon na ngléasanna digiteacha a cuireadh ar fáil
108	C5.1 I1-1 Cumas acmhainní daonna sealadach breise don chúram le linn	Sprioc	Líon na n-oibríthe breise in earnáil an chúraim

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
	géarchéimeanna		
109	C5.1 I1-2 Cumas acmhainní daonna sealadach breise don chúram le linn géarchéimeanna	Sprioc	Líon na mball foirne tacaíochta arna bhfostú in Coronajobs
113	C5.1 I3-1 SET COVID-19	Sprioc	Líon na ndeontas a bronnadh
114	C5.1 I4-1 Bonneagar Taighde Sláinte (HRI)	Garsprioc	Córas oibríochtúil tacaíochta do thaighdeoirí – Deasca seirbhíse
119	C6.1 R2-1 Dul i ngleic le neamhréireanna maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an neamhthuilleamaí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí a théann i ngleic le neamhréireanna maidir le prionsabal an neamhthuilleamaí a chur i bhfeidhm
120	C6.1 R3-1 Leasú ar an teorainn shonrach asbhainte úis chun díolúintí cánach ar úis dhiúltacha agus torthaí dearfacha airgeadra a chosc	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorparáidigh chun deireadh a chur le díolúintí cánach ar úis dhiúltacha agus ar thorthaí dearfacha airgeadra
121	C6.1 R4-1 Teorainn a chur le hasbhaintí cánach i ngeall ar chaillteanais leachtaithe agus scoir	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorparáidigh chun teorainn a chur leis an díolúine ó chánacha i ngeall ar chaillteanais leachtaithe agus scoir
122	C6.1 R5-1 Teorainn le faoiseamh caillteanais	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorparáidigh chun faoiseamh caillteanais a theorannú
125	C7-1 Iniúchadh agus Rialú, Cur Chun Feidhme agus Comhlántacht	Garsprioc	Córas lárstórais maidir le hiniúchadh agus Rialú: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF
126	C7-2 Iniúchadh agus Rialú, Cur Chun Feidhme agus Comhlántacht	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na foraithe aireachta lena leasaítear reacht an chomhlachta iniúcháireachta ( <i>Auditdienst rijk</i> )
127	C7-3 Iniúchadh agus Rialú, Cur Chun Feidhme agus Comhlántacht	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm foraithe aireachta lena leasaítear an cinneadh eagraíochtúil ( <i>organisatiebesluit</i> ) lena sainítear sainordú na stiúrtóireachta cláir don phlean téarnaimh agus athléimneachta

Uimhir Sheicheadhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
		Méid na Tráthchoda	EUR 1 412 119 041

1.2. An Dara Tráthchuid (tacaíocht neamh-in-aisíoctha):

Uimhir Sheicheadhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
1	C1.1 R1-1 Athchóiriú ar chánachas fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena gcoigeartaítear taraifí cánach fuinnimh
21	C1.1 I2-1 Cumhacht ghlas hidrigine	Garsprioc	Foilsíú an chláir oibre caipitil dhaonna chun cur leis an soláthar scileanna sa hidrigin ghlas
34	C1.2 I2-1 Scéim cúnaimh d'athshlánú feirmeacha muc	Sprioc	Líon na láithreán feirmeoireachta muc ar cuireadh deireadh leo
47	C2.2 I1-2 An Córas Eorpach um Bainistiú Tráhta Iarnróid (ERTMS)	Garsprioc	Staidéar pleanála ERTMS don Ísiltír Thuaidh curtha i gcrích
55	C2.2 I3-1 Stáisiúin chliste cois bóthair (iWKS)	Sprioc	Líon na stáisiún cliste cois bóthair a suiteáladh
65	C2.3 I2-1 Digiteáil an tslabhra ceartais choiriúil	Garsprioc	Tairseach dhigiteach oibríochtúil le haghaidh cumarsáid fhoirmiúil in imeachtaí coiriúla
66	C2.3 I2-2 Digiteáil an tslabhra ceartais choiriúil	Garsprioc	Próiseáil dhigiteach oibríochtúil le haghaidh cásanna coireachta minice
68	C3.1 R2-1 Deireadh a chur de réir a chéile leis an díolúine ó cháin ar bhronntanais a fhaightear chun ceannach tí a mhaoiniú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena ndéanfar an díolúine ó cháin ar bhronntanais a fhaightear chun ceannach tí a mhaoiniú, a chéimniú amach in dhá chéim
70	C3.1 R3-2 Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú	Garsprioc	Comhaontuithe idir na cúigí agus na bardais maidir le 900 000 teaghais nua a chur ar fáil
71	C3.1 R3-3 Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú	Garsprioc	Córas faireacháin seolta chun comhaontuithe le bardais a chur chun feidhme

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
72	C3.1 R3-4 Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena leagtar síos na bearta breise a rinne an Stát chun comhaontuithe a fhorfheidhmiú maidir le foirgníocht teaghaisí nua
75	C3.1 R5-2 Dlús a chur leis an bpróiseas foirgníochta cónaithe agus le nósanna imeachta i ndáil le foirgníocht chónaithe	Garsprioc	Gníomhaíochtaí chun dlús a chur leis an bpróiseas pleanála le haghaidh tionscadail tithíochta
76	C3.1 I1-1 Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh	Sprioc	Oibreacha foirgníochta (cuid 1)
95	C4.1 I1-3 <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]	Sprioc	Conairí earnálacha saincheaptha chun tacú leis an aistriú chuig an bhfostaíocht
104	C4.2 I2-1 Tacaíocht do nuatheachtaithe chun cailteanais foghlama a chos	Sprioc	Tacaíocht do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do nuatheachtaithe
111	C5.1 I2-1 Leathnú ar Dhianchúram	Sprioc	Líon na n-ospidéal a bhfuil oiriúnuithe déanta acu ar shaoráidí le haghaidh leapacha seasta agus leapacha solúbtha atá ann cheana
112	C5.1 I2-2 Leathnú ar Dhianchúram	Sprioc	Oiliúint a chur ar fhoirne ospidéal
115	C5.1 I4-2 Bonneagar Taighde Sláinte (HRI)	Garsprioc	Treochlár maidir le Sonraí FAIR glactha (lena gcinntítear gur féidir sonraí a aimsiú, a bheith inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte)
116	C5.1 I4-3 Bonneagar Taighde Sláinte (HRI)	Garsprioc	Tairseach sonraí oibríochtúil
117	C6.1 R1-1 Beartas cánach na hÍsiltíre	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear cáin iarchoimeádta
		Méid na Tráthchoda	EUR 1 223 836 502

### 1.3. An Tríú Tráthchuid (tacaíocht neamh-in-aisíochta):

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
2	C1.1 R1-2	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
	Athchóiriú ar chánachas fuinnimh		gcoigeartaítear gnéithe struchtúracha na gcánacha fuinnimh
6	C1.1 R4-1 Athchóiriú ar chánachas ar ghluaisteáin	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena gcuirtear deireadh de réir a chéile leis an díolúine ón gcáin ar cheannach mótarfheithicle agus gluaisrothair (BPM) le haghaidh veaineanna tráchtála
9	C1.1 R5-1 Dlí an Fhuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm Dhlí an Fhuinnimh
17	C1.1 I1-8 Gaoth amach ón gcósta	Garsprioc	Nasc cumhachta amach ón gcósta le láithreáin ar talamh ag a dtugtar fuinneamh i dtír — Comhaontuithe rialachais le haghaidh pleananna infheistíochta limistéar
37	C2.1 I2-1 AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí	Sprioc	Dámhachtain Deontas Comhaltachta
43	C2.1 I4-1 Lóistíocht bonneagair dhigitigh	Sprioc	Bonneagar Sonraí Bunúsach forbartha
48	C2.2 I1-3 An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)	Sprioc	Líon na gerann GSM-Iarnróid oibríochtúil le haghaidh ERTMS
49	C2.2 I1-4 An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)	Garsprioc	Córais lóistíochta curtha in oiriúint do ERTMS
50	C2.2 I1-5 An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)	Garsprioc	Córas Sábháilteachta Lárnach oibríochtúil
51	C2.2 I2-1 Soghluaisteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe	Sprioc	Gairis um rialú cliste tráchta
56	C2.2 I3-2 Stáisiúin chliste cois bóthair (iWKS)	Sprioc	Líon na stáisiún cliste cois bóthair sa bhreis a suiteáladh
61	C2.3 I1-1 Teicneolaíocht faisnéise cheannródaíoch (GrIT)	Garsprioc	Gníomhaíochtaí feabhsúcháin maidir le cibearshlándaíl curtha chun feidhme
62	C2.3 I1-2 Teicneolaíocht faisnéise cheannródaíoch (GrIT)	Sprioc	Foireann shibhialtach na hAireachta Cosanta ag obair go cianda trí líonra slán
77	C3.1 I1-2 Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh	Sprioc	Oibreacha foirgníochta (cuid 2)
85	C4.1 R2-1 Árachas míchumais le haghaidh daoine féinhostaithe	Garsprioc	Foilsíú an dlí lena mbunaítear árachas míchumais éigeantach le haghaidh

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
			daoine féinfhostaithe, in <i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i>
88	C4.1 R3-2 Athchóiriú ar an dara colún de chóras na bpinsean	Garsprioc	Pleananna don aistriú chuig an gcóras pinsin nua tugtha chun críche agus foilsithe
91	C4.1 R4-2 Dul i ngleic leis an bhféinfhostaíocht bhréagach	Garsprioc	Foilsíú dlí san <i>Iris Oifigiúil</i> lena modhnaítear an sainmhíniú ar chaidreamh fostaíochta
92	C4.1 R4-3 Dul i ngleic leis an bhféinfhostaíocht bhréagach	Garsprioc	Deireadh curtha leis an moratóir forfheidhmiúcháin ar an dlí lena ndéantar an measúnú ar chaidrimh fostaíochta a dhírialú
96	C4.1 I1-4 <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]	Garsprioc	Meastóireacht neamhspleách ar thionchar socheacnamaíoch na scéimeanna infheistíochta faoi <i>The Netherlands continues to learn</i> [Tá an Ísiltír ag foghlaim i gcónaí]
99	C4.1 I2-4 Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha (RMTanna)	Garsprioc	Foilsíú na meastóireachta ar fheidhmiú na bhFoirne Soghluaisteachta Réigiúnacha
101	C4.2 I1-1 An tSaotharlann Oideachais Náisiúnta um an Intleacht Shaorga	Sprioc	Tionscadail a roghnaíodh chun réitigh nuálacha oideachais dhigitigh a chur chun cinn
110	C5.1 I1-3 Cumas acmhainní daonna sealadach breise don chúram le linn géarchéimeanna	Sprioc	Díorma Cúltaca Náisiúnta Cúraim Sláinte cruthaithe
123	C6.1 R5-1 Teorainn le faoiseamh cailiteanais	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Chorparáidigh chun faoiseamh cailiteanais a theorannú
124	C6.2 R6-1 Beartas frithsciúrtha airgid	Sprioc	Méadú ar líon choibhéisí lánaimseartha an Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais
		Méid na Tráthchoda	EUR 1 176 765 868

#### 1.4. An Cheathrú Tráthchuid (tacaíocht neamh-in-aisíochta):

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
7	C1.1 R4-2	Garsprioc	Foilsíú dlí san <i>Iris Oifigiúil</i>

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
	Athchóiriú ar chánachas ar ghluaisteáin		lena leasaítear an cháin gluaisteáin atá ann faoi láthair ar ghluaisteáin agus ar veaineanna
11	C1.1 I1-2 Gaoth amach ón gcósta	Garsprioc	Sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú - Foilsiú tairisceana nó tairiscintí maidir le soithí tarraingthe práinnfhreagartha a cheannach
13	C1.1 I1-4 Gaoth amach ón gcósta	Garsprioc	Gníomhaíochtaí feabhsúcháin dúlra agus cosanta speiceas a fhorbairt agus a chur chun feidhme
14	C1.1 I1-5 Gaoth amach ón gcósta	Sprioc	Éiceachórais na Mara Thuaidh a neartú agus a chosaint - Tionscadail a rannchuidíonn le feabhsú agus/nó athbhunú an dúlra ar láithreáin Natura 2000 agus timpeall orthu agus i limistéir faoi chosaint faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD)
19	C1.1 I1-10 Gaoth amach ón gcósta	Garsprioc	Nasc cumhachta amach ón gcósta le láithreáin ar talamh ag a dtugtar fuinneamh i dtír – Pacáiste Spreagtha Éiceolaíoch Mhuir Wadden
20	C1.1 I1-11 Gaoth amach ón gcósta	Garsprioc	Nasc cumhachta amach ón gcósta le láithreáin ar talamh ag a dtugtar fuinneamh i dtír – Cúiteamh as talamh talmhaíochta a shalandú agus maolú an tsalandaithe sin
22	C1.1 I2-2 Cumhacht ghlas hidrigine	Sprioc	Comhaontuithe deontais sínithe i dtaca le saoráidí taispeántais le haghaidh teicneolaíocht nuálach hidrigine glaise
23	C1.1 I2-3 Cumhacht ghlas hidrigine	Sprioc	Comhaontuithe deontais sínithe le haghaidh tionscadail taighde i dtaca le hidrigin ghlas
24	C1.1 I3-1 Aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal ZES	Sprioc	Líon na gcoimeádán fuinnimh modúlach oibríochtúil
25	C1.1 I3-2 Aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal ZES	Sprioc	Líon na láithreán lastála oibríochtúil
26	C1.1 I3-3 Aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí	Sprioc	Líon na long tiontaithe go hastaíochtaí nialasacha

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
	intíre, tionscadal ZES		
27	C1.1 I4-1 Eitlíocht i mbun aistrithe	Garsprioc	Dearadh mionsonraithe turba-fean dócháin hidrigine
28	C1.1 I4-2 Eitlíocht i mbun aistrithe	Garsprioc	Dearadh mionsonraithe le haghaidh córas tiomána leictreach breosla-chille hidrigine
29	C1.1 I4-3 Eitlíocht i mbun aistrithe	Garsprioc	Meitheal mhachnaimh 'Flying Vision' oibríochtúil
38	C2.1 I2-2 AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí	Sprioc	Saotharlanna taighde IS ELSA a bheith oibríochtúil
39	C2.1 I2-3 AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí	Sprioc	Tionscadail T&F a bheith bronnta
41	C2.1 I3-1 Spreagadh an oideachais dhigitigh	Garsprioc	Ardán aonair cruthaithe agus oibríochtúil chun rochtain a fháil ar ábhair foghlama dhigiteacha agus réiteach céannachta dhigitigh le haghaidh daltaí in úsáid
42	C2.1 I3-2 Spreagadh an oideachais dhigitigh	Sprioc	Ionaid Teagaisc agus Foghlama a bheith oibríochtúil
44	C2.1 I4-2 Lóistíocht bonneagair dhigitigh	Sprioc	An ullmhacht dhigiteach méadaithe in earnáil na lóistíochta
52	C2.2 I2-2 Soghluaisteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe	Sprioc	Seirbhísí Tosaíochta Sábháilteachta
57	C2.2 I3-3 Stáisiúin chliste cois bóthair (iWKS)	Sprioc	Líon deiridh na stáisiún cliste cois bóthair a suiteáladh
63	C2.3 I1-3 Teicneolaíocht faisnéise cheannródaíoch (GrIT)	Garsprioc	Líonraí feabhsaithe agus an t-ascnamh chuig bonneagar nua TF curtha i gcrích
78	C3.1 I1-3 Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh	Sprioc	Oibreacha foirgníochta (cuid 3)
82	C3.2 I1-2 Scéim fóirdheontais i gcomhair inbhuanaitheacht réadmhaoine san earnáil phoiblí	Sprioc	Suim an laghdaithe bhliantúil ar astaíochtaí CO2 (in ktonna) ó gach idirghabháil formheasta athchóiriúcháin agus éifeachtúlachta fuinnimh arna bhfóirdheonú faoin scéim
86	C4.1 R2-2 Árachas míchumais le haghaidh daoine féinfhostaithe	Garsprioc	Litir chuig an bParlaimint maidir le stádas chur chun feidhme an árachais mhíchumais éigeantaigh
89	C4.1 R3-3 Athchóiriú ar an dara colún de	Garsprioc	Pleananna cur chun feidhme na gcistí pinsean tugtha chun

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
	chóras na bpinsean		críche agus foilsithe
100	C4.1 I2-2 Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha (RMTanna)	Sprioc	Daoine fostaithe nó dífhostaithe a bhfuil seirbhísí á bhfáil acu a chuirtear ar fáil trí na Foirne Soghluaisteachta Réigiúnacha
102	C4.2 I1-2 An tSaotharlann Oideachais Náisiúnta um an Intleacht Shaorga	Sprioc	Tionscadail atá curtha i gcrích ar tionscadail iad a chuireann réitigh nuálacha oideachais dhigitigh chun cinn
103	C4.2 I1-3 An tSaotharlann Oideachais Náisiúnta um an Intleacht Shaorga	Sprioc	Dhá tháirge a bheith curtha ar fáil a bhfuil Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí (LRT) 6 acu
118	C6.1 R1-2 Beartas cánach na hÍsiltíre	Garsprioc	Litir ina ndéantar faireachán ar éifeachtaí na n-athruithe ar an mbeartas cánach a sheoladh chuig an bParlaimint
		Méid na Tráthchoda	EUR 658 988 886

1.5. An Cúigiú Tráthchuid (tacaíocht neamh-in-aisíochta):

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
8	C1.1 R4-3 Athchóiriú ar chánachas ar ghluaisteáin	Garsprioc	Litir chuig an bParlaimint maidir le stádas chur chun feidhme an dlí lena leasaítear an bonn cánach le haghaidh gluasteán agus veaineanna
10	C1.1 I1-1 Gaoth amach ón gcósta	Garsprioc	Sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú - Conradh nó conarthaí sínithe maidir le pointí luchtaithe nua ar muir agus ar an gcé a cheannach
12	C1.1 I1-3 Gaoth amach ón gcósta	Garsprioc	Sábháilteacht na loingseoireachta a áirithiú - Conradh nó conarthaí sínithe maidir le soithí tarraingthe práinnfhreagartha a cheannach
15	C1.1 I1-6 Gaoth amach ón gcósta	Sprioc	Éiceachórais na Mara Thuaidh a neartú agus a chosaint - Clár Éiceolaíoch um Gaoth Amach ón gCósta (WOZEP)

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
16	C1.1 I1-7 Gaoth amach ón gcósta	Sprioc	Éiceachórais na Mara Thuaidh a neartú agus a chosaint - Digiteáil na Mara Thuaidh –Stáisiúin Faireacháin
18	C1.1 I1-9 Gaoth amach ón gcósta	Garsprioc	Nasc cumhachta amach ón gcósta le láithreáin ar talamh ag a dtugtar fuinneamh i dtír - Comhaontuithe riaracháin le haghaidh pleananna infheistíochta limistéar
30	C1.2 I1-1 An Clár Dúlra	Sprioc	Gníomhaíochtaí feabhsaithe cáilíochta curtha i bhfeidhm ar láithreáin Natura 2000 agus timpeall orthu
31	C1.2 I1-2 An Clár Dúlra	Sprioc	Athbhunú an dúlra luathaithe ag eagraíochtaí bainistíochta talún
32	C1.2 I1-3 An Clár Dúlra	Sprioc	Feabhsú cáilíochta ar dhúlra aibhneacha agus bainistiú cois bóthair
33	C1.2 I1-4 An Clár Dúlra	Sprioc	Gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le faireachán agus forbairt a dhéanamh ar bhonn eolais don Chlár Dúlra
36	C2.1 I1-2 Quantum Delta NL	Garsprioc	Quantum Delta NL
40	C2.1 I2-4 AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí	Sprioc	Cur chun feidhme Pobail Foghlama Intleachta Saorga
45	C2.1 I4-3 Lóistíocht bonneagair dhigitigh	Sprioc	Saotharlanna beo curtha i gcrích
53	C2.2 I2-3 Soghluaisteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe	Sprioc	Bonneagar Digiteach don tSoghluaisteacht atá Slán i bhFad na hAimsire (DITM)
54	C2.2 I2-4 Soghluaisteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe	Sprioc	Tacair sonraí ar fáil ar an bPointe Rochtana Náisiúnta um Shonraí Soghluaisteachta
60	C2.3 R1-3 Bainistiú faisnéise poiblí (an tAcht um Rialtas Oscailte)	Sprioc	Doiciméid ar fáil ar an Ardán um Fhaisnéis Rialtais Oscailte
64	C2.3 I1-4 Teicneolaíocht faisnéise cheannródaíoch (GrIT)	Sprioc	Baill foirne shibhialtacha na hAireachta Cosanta a bhfuil rochtain acu ar shaoráidí breise sábháilte le linn cianoibre
79	C3.1 I1-4 Tionscadail nua foirgníochta a scaoileadh	Sprioc	Oibreacha foirgníochta (cuid 4)
80	C3.1 I1-5 Tionscadail nua foirgníochta a	Garsprioc	Gníomhaíochtaí um oiriúnú don athrú aeráide curtha

Uimhir Sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
	scaoileadh		chun feidhme
83	C3.2 I2-1 Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigiltis fuinnimh (ISDE)	Sprioc	Idirghabhálacha fuinnimh inbhuanaithe agus coigiltis fuinnimh fóirdheonaithe.
		Méid na Tráthchoda	EUR 235 353 174

## ROINN 3: SOCRUITHE BREISE

### 1. Socruithe maidir le faireachán agus cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Maidir le plean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre, déanfar an faireachán agus an cur chun feidhme air i gcomhréir leis na socruithe seo a leanas:

- Is ar an Stiúrthóireacht Chláir don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) san Aireacht Airgeadais a bheidh an fhreagracht fhoriomlán (*systeemverantwoordelijk*) as faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean (RRP) agus as leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.
- Áiritheoidh stiúrthóireachtaí beartais sna haireachtaí, gníomhaireachtaí agus cuibhreannais ábhartha tuairisciú agus cur chun feidhme bhearta an RRP agus déanfaidh Stiúrthóireachtaí Gnóthaí Eacnamaíocha Airgeadais na n-aireachtaí ábhartha maoirseacht agus faireachán ar na stiúrthóireachtaí beartais agus go háirithe déanfaidh siad maoirseacht ar an dul chun cinn i dtreo garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh.
- Ullmhóidh an Stiúrthóireacht Chláir don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta san Aireacht Airgeadais treoirlínte ginearálta ina saineofar an chaoi a ndéanfar garspriocanna agus spriocanna a thuairisciú agus a mbeidh fianaise bhreise ag gabháil leo. Tiomsófar na treoirlínte sin in iarscríbhinn a ghabhann le tuarascálacha bliantúla na n-aireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an RRP, agus déanfar iad a chomhtháthú sa timthriall inmheánach pleanála agus rialaithe. Trí fhodhearbhuithe (i.e. dearbhuithe bainistíochta ar leibhéal na gcomhlachtaí cur chun feidhme), deimhneoidh comhlachtaí cur chun feidhme cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus deimhneoidh siad bailíocht na sonraí tuairiscithe maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna. Déanfaidh Stiúrthóireachtaí Gnóthaí Eacnamaíocha Airgeadais na n-aireachtaí a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an RRP na fodhearbhuithe sin a fhíorú agus a shíniú.
- Déanfaidh an t-údarás iniúchóireachta, *Auditdienst Rijk*, seirbhís neamhspleách laistigh den Aireacht Airgeadais, iniúchtaí rialta ar na córais bhainistíochta agus rialaithe, lena n-áirítear tástáil shubstainteach. Ullmhóidh sé freisin achoimre ar na hiniúchtaí a rinneadh agus a chuirfear san áireamh sna hiarrataí ar íocaíocht. Sna hiniúchtaí ar na córais bhainistíochta agus rialaithe, déanfar measúnú an soláthraítear leis na socruithe faireacháin agus cur chun feidhme sonraí iomlána agus iontaofa maidir leis na táscairí a shainítear sa RRP agus an n-áirithítear leis an gcóras cur chun feidhme go ndéantar cistí a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha agus an bhfuil ar a chumas calaois, coinbhleachtaí leasa, éilliú agus cistiú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú.

### 2. Socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí a thabhairt don Choimisiún

Ionas go dtabharfaí rochtain iomlán don Choimisiún ar na bunsonraí ábhartha, beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm ag an Ísiltír:

- Is í an Stiúrthóireacht Chláir don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta san Aireacht Airgeadais a ghníomhóidh mar an comhlacht comhordúcháin. Is í a bheidh freagrach freisin as na hiarrataí ar íocaíocht a chur isteach agus as na dearbhuithe bainistíochta a tharraingt suas. An fhaisnéis uile a bhaineann le cur chun feidhme an phlean agus le faireachán a dhéanamh air, déanfar í a stóráil i lárchóras stórais a fhorbrófar chun an RRP a chur chun feidhme. Déanfaidh na comhlachtaí cur chun feidhme na sonraí uile dá dtagraítear in Airteagal 22(2) pointe d) de Rialachán (AE) 2021/241 a bhailiú agus a stóráil. Stórálfar an fhaisnéis i gcórais TF roinne na

n-aireachtaí éagsúla agus roinnfear í leis an gcomhlacht comhordúcháin. Sa lárchóras stórais a fhorbrófar beidh an fhaisnéis a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna agus déanfaidh sé na sonraí a bhailiú agus a stóráil agus rochtain orthu a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 22(2) pointe d) de Rialachán (AE) 2021/241.

- I gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ar na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha comhaontaithe i Roinn 2.1 den Iarscríbhinn seo a thabhairt chun críche, cuirfidh an Ísiltír iarraidh a mbeidh údar cuí léi ar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais faoi bhráid an Choimisiúin. Áiritheoidh an Ísiltír, arna iarraidh sin, go mbeidh rochtain iomlán ag an gCoimisiún ar na bunsonraí ábhartha a thacaíonn leis an údar cuí atá leis an iarraidh ar íocaíocht, chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ar íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/241 agus chun críoch iniúchóireachta agus rialaithe araon.